II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/265 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Feabhra 2023

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí tíleanna ceirmeacha de thionscnamh na hIndia agus na Tuirce

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint in aghaidh allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ("an bun-Rialachán"), agus go háirithe Airteagal 9 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 13 Nollaig 2021, thionscain an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún") imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí tíleanna ceirmeacha de thionscnamh na hIndia agus na Tuirce ("na tíortha lena mbaineann") ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ("an Fógra Tionscnaimh").

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a chuir an Comhlachas Eorpach de Mhonaróirí Tíleanna Ceirmeacha ("CET" nó "an gearánach") isteach an 3 Samhain 2021. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal tíleanna ceirmeacha an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Sa ghearán bhí fianaise maidir le dumpáil agus le díobháil ábhartha dá dheasca sin, rud a bhí leordhóthanach chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Páirtithe leasmhara

(3) San Fhógra Tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go sonrach don ghearánach, do tháirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, do na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta agus d'údaráis na hIndia agus na Tuirce, agus d'allmhaireoirí, soláthróirí agus úsáideoirí, trádálaithe, chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach, gur tionscnaíodh an t-imscrúdú, agus d'iarr sé orthu a bheith páirteach ann.

(4) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála. Thionóil an Coimisiún éisteachtaí le táirgeoir onnmhairiúcháin as an Tuirc agus lena chuideachtaí gaolmhara, le Rialtas na Tuirce ("RT") agus le Comhlachas Onnmhaireoirí Táirgí Stroighne, Gloine, Ceirmeacha agus Ithreach as an Tuirc ("CGCSA").

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Fógra tionscnaimh maidir le himeacht frithdhumpála i ndáil le hallmhairí tíleanna ceirmeacha de thionscnamh na hIndia agus na Tuirce. IO C 501, 13.12.2021, lch. 25.

1.3. **Barúlacha maidir le tionscnamh an imscrúdaithe**

(5) Sholáthair Rialtas na Tuirce, Bien & Qua Group, CGCSA, Comhlachas Ceirmeach Morbi, Comhairle Tíleanna Ceirmeacha agus Earraí Sláintíochta na hIndia ("Comhairle agus Comhlachas na hIndia"), agus roinnt táirgeoirí/onnmhaireoirí de chuid na hIndia barúlacha maidir leis an ngearán agus maidir le tionscnamh an imscrúdaithe. Chuir an gearánach barúlacha isteach freisin inar bhréagnaigh sé na haighneachtaí a rinne na páirtithe leasmhara.

(6) Thug an Coimisiún dá aire ón tús go ndearna sé a scrúdú ar an ngearán i gcomhréir le hAirteagal 5 den bhun-Rialachán agus gur tháinig sé ar an gconclúid gur comhlíonadh na ceanglais maidir le tionscnamh imscrúdaithe, i.e. go raibh fianaise leordhóthanach ann chun an t-imscrúdú a thionscnamh.

(7) De réir Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán, beidh i ngearán an fhaisnéis sin atá ar fáil go réasúnach don ghearánach. Tá an caighdeán dlíthiúil fianaise is gá chun críoch imscrúdú a thionscnamh (fianaise "leordhóthanach") difriúil uaidh sin is gá chun críoch réamhchinneadh nó cinneadh críochnaitheach a dhéanamh gurbh ann don dumpáil, do dhíobháil nó do nasc cúisíoch. Dá bhrí sin, fianaise nach bhfuil leordhóthanach ó thaobh na cainníochta ná na cáilíochta de chun údar a thabhairt le réamhchinneadh nó cinneadh críochnaitheach gurbh ann don dumpáil, do dhíobháil nó do chúisíocht, féadfaidh an fhianaise sin a bheith leordhóthanach mar sin féin chun bonn cirt a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh ([3]).

(8) Bhí fadhb ag Rialtas na Tuirce, ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndia, ag Bien & Qua group, ag Comhairle agus Comhlachas na hIndia agus ag CGCSA leis an anailís a rinne an Coimisiún maidir leis an méid tacaíochta a bhí ann don ghearán ("an anailís i gcéim an tseasaimh").

(9) Dúirt na páirtithe sin nár thacaigh ach "cuid bheag" de na táirgeoirí intíre leis an ngearán, eadhon 25.8 % de tháirgeacht iomlán tíleanna ceirmeacha san Aontas in 2020 de réir an ghearáin.

(10) Mhaígh na páirtithe sin freisin nárbh fhéidir céatadán den sórt sin a mheas mar chion ollmhór den tionscal intíre de réir Airteagal 4 den Chomhaontú maidir le Cur Chun Feidhme Airteagal VI den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994 ("EDT ADA"), agus go raibh amhras ann go ndearna táirgeoirí intíre an gearán nó go ndearnadh an gearán ar a son, ar táirgeoirí iad a chomhlíon an tairseach 25 % a bhí leagtha síos in Airteagal 5(4) de EDT ADA. Dúirt siad freisin nach raibh roinnt táirgeoirí tíleanna ceirmeacha san Aontas fiú amháin liostaithe in Iarscríbhinn 4 den ghearán mar tháirgeoirí de chuid an Aontais agus d'iarr siad go nochtfadh an Coimisiún a anailís i gcéim an tseasaimh agus a mhodheolaíocht, nó nár sholáthair an gearánach fianaise gur thacaigh a chuid comhaltaí uile leis an gcinneadh chun an gearán a chur isteach.

(11) Diúltaíodh do gach maíomh maidir le seasamh. Rinne an Coimisiún a anailís féin i gcéim an tseasaimh. Chuaigh sé i dteagmháil le gach táirgeoir tíleanna ceirmeacha ab eol dó san Aontas roimh thionscnamh agus d'iarr orthu a seasamh a chur in iúl maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus tuairisc a thabhairt ar a dtáirgeacht don tréimhse imscrúdúcháin (1 Iúil 2020 go dtí 30 Meitheamh 2021). Léirigh os cionn 30 % de tháirgeacht iomlán an Aontais tacaíocht agus ní raibh aon táirgeoir ina aghaidh nó léirigh siad seasamh neodrach maidir le tionscnamh an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, comhlíonadh na tairseacha ábhartha mar a leagtar amach in Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Cuireadh an toradh, na cuideachtaí a ndeachthas i dteagmháil leo, na freagraí neamhrúnda, agus an mhodheolaíocht, ar fáil i gcomhad neamhrúnda an imscrúdaithe ("nóta don chomhad maidir le seasamh").

(12) Ceanglaítear le hAirteagal 5(2)(a) den bhun-Rialachán go mbeidh liosta sa ghearán de gach táirgeoir intíre is eol don ghearánach; ní gá go mbeadh gach táirgeoir i gceist leis sin. Rinneadh an anailís i gcéim an tseasaimh ar bhonn na dtáirgeoirí ab eol ag an am, mar a mhínítear in aithris (11). D'fhéadfadh sé nach raibh an liosta sin de tháirgeoirí intíre iomlán; níor tháinig táirgeoirí eile de chuid an Aontais chun tosaigh áfach tar éis thionscnamh an imscrúdaithe a d'fhágfadh go mbeadh an measúnú ar ionadaíochas an ghearáin neamhbhailí.

(13) Níor sholáthair páirtithe leasmhara aon fhianaise ar an gcúis go mbeadh ann de thoradh an ghearáin, eadhon na táscairí díobhála bunaithe ar na cuideachtaí a sholáthair sonraí maidir leis an ngearán, d'anailís shaofa nach mbeadh ionadaíoch ar thionscal an Aontais ina iomláine. Ní dúirt siad ach go bhfuil an 25,8 % de tháirgeoirí intíre a thacaíonn leis an ngearán "an-íseal" agus "neamhchoitianta".

([3]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 11 Iúil 2017, Viraj Profiles Ltd v Comhairle an Aontais Eorpaigh, Cás T-67/14, ECLI:EU:T:2017:481, mír 98.

(14) Maidir leis an sainmhíniú ar thionscal an Aontais, bhí mearbhall ar na páirtithe leasmhara faoi Airteagal 4 den bhun-Rialachán maidir leis an sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus Airteagal 5 den bhun-Rialachán ina leagtar amach na rialacha maidir le himeachtaí a thionscnamh. Ní gá go dtugann an tairseach 25 % de tháirgeacht a éilítear le haghaidh tionscnaimh aghaidh ar an gcaighdeán maidir le "cion ollmhór" ([4]).

(15) Mhaígh táirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndia gur leag an gearánach figiúirí táirgeachta PRODCOM i leataobh go míréasúnach ar fhorais shuaibhreosacha le linn dó táirgeacht a bhunú san Aontas don bhliain 2020.

(16) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Níor sholáthair na páirtithe leasmhara aon fhianaise ar an gcúis go mbeadh na sonraí arna dtuairisciú don ghearánach ag a chomhaltaí (comhlachais náisiúnta tairgeoirí) easnamhach, seachas a rá nár soláthraíodh aon mhodheolaíocht, agus nach ndearna aon rialtas ná aon ghníomhaireacht iniúchadh ná fíorú ar na sonraí CET. Rinne an gearánach cros-sheiceáil go deimhin ar fhigiúirí PRODCOM in aghaidh sonraí a bailíodh go díreach ó na comhlachais náisiúnta, agus mhínigh go cuí cén fáth ar cheap sé go raibh na sonraí sin níos iontaofa. Mheas an Coimisiún go raibh an argóinteacht sa ghearán réasúnach.

(17) Mhaígh táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na hIndia agus Bien & Qua Group nár sholáthair na cuideachtaí a chinn gan comhoibriú san imscrúdú mar chuideachtaí sampláilte tacaíocht don ghearán dá bhrí sin. Ba cheart don Choimisiún dá bhrí sin measúnú a dhéanamh ar an leibhéal tacaíochta lena dtugtar táirgeacht na gcuideachtaí sin uathu.

(18) Diúltaíodh don mhaíomh. Tá an tacaíocht don ghearán ag an gcéim réamhthionscnaimh, chomh maith leis an anailís i gcéim an tseasaimh, á rialú ag Airteagal 5 den bhun-Rialachán, agus baineann siad le tionscnamh imeachtaí. Tá sampláil, ar an taobh eile, bunaithe ar Airteagal 17 den bhun-Rialachán agus baineann sí leis an imscrúdú. Cuideachta a thacaíonn le tionscnamh an imscrúdaithe agus a chinneann ina dhiaidh sin tarraingt siar ón sampla arna roghnú ag an gCoimisiún, ní bhíonn aon tionchar ag an gcuideachta sin ar an anailís i gcéim an tseasaimh. Is táirgeoirí de chuid an Aontais fós iad na cuideachtaí sin a thacaigh le tionscnamh an imscrúdaithe.

(19) Thug Rialtas na Tuirce, táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na hIndia, Comhairle agus Comhlachas na hIndia agóid in aghaidh na hanaithnideachta a dheonaigh an Coimisiún do roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais ar fhorais éagsúla. Mhaígh na páirtithe sin ionas go ndéanfaí líomhaintí faoi dhíobháil, go gcaithfí aitheantas na ngearánach a nochtadh, toisc nach bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar éilimh dhíobhála gan an t-eolas sin. Mhaígh siad freisin gur iarracht d'aon ghnó ón ngearánach a bhí san anaithnideacht chun agóidí dlisteanacha ó thionscal úsáideoirí an Aontais a sheachaint. Ina theannta sin, mhaígh siad go raibh cearta cosanta á sárú toisc, d'uireasa na haitheantais a bheith ar eolas, nach bhféadfaí sonraí tháirgeoirí an Aontais a chros-sheiceáil le foinsí poiblí.

(20) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Ní dhearna deonú na cóireála rúnda aitheantais difear don fhéidearthacht a bhí ann do pháirtithe leasmhara measúnú a dhéanamh ar an díobháil a líomhnaíodh sa ghearán. Go deimhin, bhí na táscairí díobhála uile ba ghá sa ghearán chomh maith le míniú ar a chuid foinsí, lena n-áirítear an líon cuideachtaí a sholáthair táscairí ábhartha. Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt, agus go deimhin sholáthair siad na barúlacha sin, maidir le measúnú díobhála an ghearáin. Thug an Coimisiún ar aird freisin nár deonaíodh anaithnideacht ach amháin do an cuideachtaí sin a thaispeáin cúis mhaith agus a thug bunús don riosca frithbhirt, mar a mhínítear sa nóta a ghabhann leis an gcomhad maidir le seasamh.

(21) Maidir le seasamh, mar a mhínítear in aithris (11), bhí an toradh ar fáil ar an gcomhad neamhrúnda, agus áiríodh leis freagraí neamhrúnda na gcuideachtaí uile a bhí rannpháirteach. Bhí sna freagraí sin, cé go raibh siad anaithnid, na sonraí ba ghá fós chun ligean do pháirtithe leasmhara eile measúnú a dhéanamh ar anailís an Choimisiúin, eadhon sonraí in aghaidh na cuideachta maidir le táirgeacht agus díolacháin, agus tosca eile nach iad.

([4]) Na Comhphobail Eorpacha – bearta frithdhumpála cinntitheacha maidir le ceanglóirí iarainn nó cruach as an tSín, Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc (WT/DS397/AB/R), mír 418. Féach freisin Breithiúnas an 8 Meán Fómhair 2015, *Philips Lighting*, C-511/13 P, ECLI:EU:C:2015:553, míreanna 60 - 73.

(22) Bhí an líomhain gurbh iarracht d'aon ghnó a bhí ansin agóidí dlisteanacha ón tionscal úsáideoirí a sheachaint gan bhunús. Ba é an riosca a bhain le frithbheart an chúis a bhí le deonú na hanaithnideachta. Níor chuir sé sin cosc ar aon bhealach ar úsáideoirí óna gcuid tuairimí a thabhairt. Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le gach úsáideoir a bhí ar eolas tráth an tionscnaimh agus d'iarr orthu comhoibriú san imscrúdú agus aighneachtaí a dhéanamh faoi chuimsiú measúnú a dhéanamh ar leas an Aontais ([5]). Iad sin a chláraigh mar pháirtithe leasmhara bhí rochtain acu ar an leagan neamhrúnda den ghearán agus tugadh an deis dóibh barúlacha a thabhairt maidir leis an ngearán agus maidir le tionscnamh ([6]).

(23) Rinne Rialtas na Tuirce, Bien & Qua Group agus CGCSA agóid in aghaidh na tréimhse a úsáideadh sa ghearán (1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2020) toisc nach raibh sé chomh gar agus ab fhéidir don dáta tionscnaimh agus toisc go raibh sé difriúil ón tréimhse imscrúdúcháin arna roghnú ag an gCoimisiún. Rinne Rialtas na Tuirce tagairt do thuarascáil chríochnaitheach an phainéil i gcás shocrú díospóide na hEagraíochta Domhanda Trádála Meicsiceo – Píopaí agus Feadáin Chruach ([7]) sa chás seo.

(24) Thug an Coimisiún dá aire nach raibh aon cheanglas dlíthiúil sa bhun-Rialachán maidir leis an tréimhse a roghnódh na gearánaigh, ná aon cheanglas go gcaithfeadh an tréimhse a roghnófaí i gcomhair an imscrúdaithe a bheith mar an gcéanna leis an gceann a roghnódh na gearánaigh. Is féidir leis an gCoimisiún áfach, mar a rinne sé sa chás seo, tréimhse níos déanaí a roghnú, a chumhdóidh tréimhse nach lú ná 6 mhí díreach roimh thionscnamh imeachtaí de ghnáth chun críoch toradh ionadaíoch a fháil arna cheangal le hAirteagal 6 den bhun-Rialachán. Níor chiallaigh sé sin nach raibh an tréimhse a roghnaigh na gearánaigh bailí chun críoch an ghearáin. Thairis sin, níor sholáthair páirtithe leasmhara aon fhianaise dá mhalairt.

(25) Ar deireadh, níl feidhm ag painéal na hEagraíochta Domhanda Trádála a luaigh Rialtas na Tuirce maidir leis an tréimhse a roghnaigh an gearánach toisc go raibh an t-ábhar a bhí i gceist sa díospóid sin faoi rogha na tréimhse imscrúdúcháin ag an údarás imscrúdaithe, rud a bhí i gcomhthráth sa chás sin leis an tréimhse sa ghearán. Thairis sin, ba é an pointe conspóideach mar a luaigh Rialtas na Tuirce é ná an bhearna 8 mí idir an tréimhse imscrúdúcháin a roghnaigh an t-údarás imscrúdaithe agus tionscnamh na n-imeachtaí. Sa chás seo, bhí an bhearna níos lú ná 6 mhí.

(26) Dúirt Rialtas na Tuirce go raibh an gnáthluach ríofa a d'úsáid an gearánach le haghaidh na Tuirce sna ríomhanna dumpála i bhfad ró-bhorraithe i ngeall ar an bhfoinse a úsáideadh sa ghearán chun tuarastail sa Tuirc a ríomh. Dúirt sé freisin faoi Iarscríbhinn 10 den ghearán, sa doiciméad dar teideal *Dumping calculation for Türkiye – Methodology and SG&A* i gCéim 5 den ríomh dumpála, go raibh praghas onnmhairiúcháin EXW agus CIF na hIndia luaite sa teideal agus sa téacs. D'iarr sé ar an gCoimisiún soiléiriú a thabhairt ar cé acu ar earráid chlóite a bhí ansin nó cé acu ar úsáideadh praghsanna EXW agus CIF le haghaidh onnmhairí as an Tuirc chun an dumpáil a ríomh.

(27) Bhí tacaíocht ag na figiúirí ar a raibh an gnáthluach bunaithe ó fhianaise leordhóthanach, rud a deimhníodh le hanailís sheirbhísí an Choimisiúin. Mar a tugadh ar aird in aithris (7), ba iad na figiúirí a d'úsáid an gearánach na figiúirí sin a bhí ar fáil dó go héasca. Dheimhnigh an Coimisiún gurbh earráid chlóite a bhí i bpraghsanna onnmhairiúcháin EXW agus CIF na hIndia a luadh agus gur úsáideadh praghsanna onnmhairiúcháin EXW agus CIF na Tuirce le haghaidh onnmhairí ón Tuirc chun an dumpáil a ríomh.

(28) Mhaígh táirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndia nár áiríodh sa ghearán aon fhianaise ar dumpáil maidir leis an India toisc gur ríomh an gearánach an gnáthluach. Dar leo, ceanglaíodh le hAirteagal 5.2 de EDT ADA ar an iarratasóir faisnéis den sórt sin a sholáthar a bhí ar fáil go réasúnach dó maidir leis na praghsanna ag a díoladh an táirge i gceist agus é ceaptha chun tomhaltais ar mhargadh baile na dtíortha faoi chaibidil.

([5]) Fógra tionscnaimh, roinn 5.5.
([6]) Fógra tionscnaimh, roinn 5.2.
([7]) Meicsiceo - Dleachtanna Frithdhumpála maidir le Píopaí agus Feadáin Chruach as Guatamala - Tuarascáil chríochnaitheach an Phainéil (WT/DS331/R), míreanna 7.234-7.236.

(29) Diúltaíodh don mhaíomh. Mar a leagtar amach sa ghearán, rinne an gearánach an chéad iarracht praghsanna intíre a fháil san India. D'iarr sé ar gach comhlachas a bhí mar chomhaltaí aige sonraisc, luachaintí nó liostaí praghsanna intíre a bhí ag tagairt don bhliain 2020 a bhailiú. Choimisiúnaigh ceann de chomhlachais náisiúnta na monaróirí tuarascáil go sonrach chun na críche sin, agus sholáthair sé an tuarascáil don ghearánach. Áiríodh leis an tuarascáil sin sonraisc intíre na hIndia ar feadh 2 mhí amháin den tréimhse imscrúdúcháin a úsáideadh sa ghearán. D'fhill an gearánach dá bhrí sin ar an gnáthluach a ríomh. Luaitear go follasach in Airteagal 5.2 de EDT ADA, agus in Airteagal 5(2)(c) den bhun-Rialachán, gur féidir an gnáthluach a bhunú ar luach ríofa an táirge.

(30) Mhaígh táirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndia gur baineadh úsáid iomarcach as rúndacht sa ghearán agus gur chuir sé sin bac orthu measúnú a dhéanamh ar ghnéithe tábhachtacha agus ó aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar na nithe a bhí á maíomh sa ghearán.

(31) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Mheas sé go raibh an fhaisnéis uile riachtanach agus na hachoimrí neamhrúnda ar shonraí uile riachtanacha a cuireadh ar fáil faoi chumhdach rúndachta sa leagan a bhí ar oscailt lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara chun gurbh fhéidir leo a gceart cosanta a fheidhmiú ar feadh na n-imeachtaí.

(32) Déantar foráil le hAirteagal 19 den bhun-Rialachán maidir le faisnéis rúnda a chosaint i gcúinsí ina mbeadh buntáiste suntasach iomaíochta ann d'iomaitheoir dá nochtfaí an fhaisnéis sin nó ina ndéanfadh an nochtadh dochar suntasach do dhuine a sholáthraíonn an fhaisnéis nó do dhuine óna bhfuair an duine sin an fhaisnéis. Rinne an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis a soláthraíodh sna hiarscríbhinní íogaire a ghabhann leis an ngearán agus mheas sé go raibh sé faoi chuimsiú na gcatagóirí sin.

(33) In aon chás, thug an Coimisiún dá aire nach ndearna táirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndia ach aird a tharraingt ar na codanna den ghearán arna lipéadú mar "íogair" mar rud a mbeadh fadhb leo, gan míniú cén fáth. Maidir le gach cuid ar tarraingíodh aird orthu, chuir an gearánach achoimre fhóinteach den fhaisnéis atá sna hiarscríbhinní íogaire den ghearán ar fáil ionas go bhféadfadh páirtithe leasmhara "tuiscint réasúnta a bheith acu ar shubstaint na faisnéise a cuireadh isteach faoi rún" mar a leagtar amach in Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán.

(34) Ba léir mar shampla ón leagan neamhrúnda den ghearán gur cuireadh isteach é thar ceann 29 dtáirgeoir de chuid an Aontais ar táirgeoirí tíleanna ceirmeacha iad, cérbh é méid na dtáirgeoirí sin de chuid an Aontais, agus gur thug dhá tháirgeoir bhreise de chuid an Aontais tacaíocht oifigiúil don ghearán. I measc na n-iarscríbhinní neamhrúnda 7, 8 agus 9 bhí liostaí de tháirgeoirí na hIndia agus na Tuirce. Bhí míniú cuimsitheach in iarscríbhinn neamhrúnda 10 ar an ngnáthluach ríofa agus ar an gcorrlach dumpála le haghaidh na hIndia. Bhí na sonraí ar anailís na sreabha trádála in iarscríbhinn neamhrúnda 11. Bhí na táscairí díobhála (comhiomlánaithe) uile in iarscríbhinn neamhrúnda 12, agus i gcorp neamhrúnda an ghearáin. Rinneadh ríomhanna sladghearrtha agus gearrdhíola, lena n-áirítear na praghsanna agus an mhodheolaíocht a úsáideadh, a mhíniú i gcorp an ghearáin. Míníodh in iarscríbhinní neamhrúnda 22 agus 23 araon cén fhaisnéis a cuireadh isteach faoi rún agus bhí achoimre den fhaisnéis sin iontu.

(35) Rinne Bien & Qua Group agus CGCSA agóid in aghaidh charnadh an ghearáin d'allmhairí na Tuirce agus na hIndia. Bhunaigh siad an agóid sin ar na praghsanna allmhairiúcháin difriúla idir an dá thír agus idir praghsanna na Tuirce agus praghsanna an Aontais, na treochtaí allmhairiúcháin difriúla, dáileadh geografach na n-allmhairí, difríochtaí a líomhnaíodh idir na táirgí, agus Comhaontú Comhlachais an Aontais-na Tuirce.

(36) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Ag an tús, agus faoi mar a rinne an gearánach an argóint sa mhéid a chuir sé isteach tráth an tionscnaimh, bhí Comhaontú Comhlachais an Aontais-na Tuirce neamhábhartha chun críoch na hanailíse faoi Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán.

(37) Maidir leis na cúiseanna eile a d'ardaigh na páirtithe leasmhara, shuigh an Coimisiún gur comhlíonadh na dálaí maidir le carnadh na dtíortha lena mbaineann faoi Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán ag céim an ghearáin ar bhonn na faisnéise agus na staitisticí a bhí ar fáil. Fuarthas go raibh na corrlaigh dhumpála os cionn *de minimis*. Mar a thaispeántar le staitisticí allmhairiúcháin oifigiúla atá ar fáil, bhí na hallmhairí dumpáilte os cionn *de minimis* le haghaidh na dtíortha uile lena mbaineann.

(38) Thairis sin, measadh go raibh na coinníollacha iomaíochta comhchosúil, ar na cúiseanna seo a leanas

— Bhí forluí ann i dtéarmaí na láithreachta geografaí i measc na dtáirgí ó na tíortha lena mbaineann agus na cinn ó thionscal an Aontais, arna áitiú ag an ngearánach freisin ina aighneacht. Thairis sin, is margadh aonair amháin é an tAontas agus mar gheall go raibh allmhairí as an India agus as an Tuirc níos feiceálaí i roinnt Ballstát ná a chéile, níor thug sé sin le tuiscint nach raibh na táirgí sin in iomaíocht lena chéile sa mhargadh céanna, eatarthu féin agus le táirgeacht intíre an Aontais;

— Bhí na praghsanna ón India agus ón Tuirc araon faoi bhun an phraghais i dtionscal an Aontais agus na leibhéil chostais iomlána. Ní raibh na treochtaí difriúla a bhain le hallmhairí agus an difríocht idir praghsanna na Tuirce agus na hIndia ina gcúis le dícharnadh. Mar a luadh thuas, tá allmhairí an dá thír os cionn *de minimis* agus sholáthair an gearánach fianaise ar dumpáil don dá thír;

— Bhí láithreacht shuntasach margaidh ag allmhairí as an dá thír lena mbaineann, bíodh sé i dtéarmaí absalóideacha nó coibhneasta, le linn na tréimhse a scrúdaíodh.

— Cuireadh fianaise leordhóthanach ar fáil sa ghearán go raibh táirgí na Tuirce agus na hIndia an-chosúil lena chéile laistigh de raon leathan cineálacha táirgí, idir thíleanna beaga agus móra go dtí leaca móra, idir leaca poircealláin agus neamh-phoircealláin.

(39) Mhaígh Rialtas na Tuirce, táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na hIndia, Bien & Qua Group agus CGCSA go ndearnadh roinnt táscairí díobhála mar a rinneadh anailís orthu sa ghearán (acmhainneacht táirgeachta, méid na ndíolachán ar mhargadh an Aontais, praghsanna díolachán ar mhargadh an Aontais, fostaíocht agus stoic, mar shampla) a fhorbairt go deimhneach le linn na tréimhse a scrúdaíodh, agus thaispeáin sé sin go soiléir nach ndearnadh aon díobháil do na gearánaigh. Mhaígh Rialtas na Tuirce freisin go raibh difríocht sa díobháil ag brath ar an ngrúpa (cuideachtaí móra, meánacha agus beaga de chuid an Aontais) agus gur cheart don Choimisiún anailís a dhéanamh ar dhíobháil ina hiomláine.

(40) Mar réamhbharúil, ag céim an ghearáin, ceanglaítear leis an measúnú ar leordhóthanacht na fianaise maidir le díobháil go ndéanfaí scrúdú, *inter alia*, ar thosca ábhartha faoi mar a thuairiscítear in Airteagal 5(2)(d) den bhun-Rialachán. Ní cheanglaítear le hAirteagal 5(2) den bhun-Rialachán go léiríonn na tosca díobhála uile a luaitear in Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán meathlú le go ndéanfar díobháil ábhartha a shuí. Sonraítear go deimhin i bhfoclaíocht Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán go gcuimseoidh an gearán an fhaisnéis maidir leis na hathruithe ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte a líomhnaítear, éifeacht na n-allmhairí sin ar phraghsanna an táirge chomhchosúil ar mhargadh an Aontais agus tionchar iarmhartach na n-allmhairí ar thionscal an Aontais, mar atá léirithe ag tosca agus ag innéacsanna ábhartha (ach gan iad go léir) ag a bhfuil tionchar ar staid thionscal an Aontais, amhail iad siúd a liostaítear in Airteagal 3(3) agus in Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, ní gá do na tosca uile meathlú a léiriú ionas go bhféadfar fianaise leordhóthanach a shuí, ná ní gá go ndéanfaí scrúdú sa ghearán ar gach ceann díobh.

(41) Maidir le díobháil, léiríodh san anailís shonrach a rinneadh ar an ngearán go raibh fianaise leordhóthanach ag díriú ar dhul i bhfód méadaithe allmhairí tíleanna ceirmeacha ón India agus ón Tuirc ar mhargadh an Aontais (i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta araon).

(42) Go sonrach, de réir fianaise arna soláthar sa ghearán, ó 2017 go 2020, tháinig méadú 48 % ar mhéideanna allmhairí ón Tuirc (ó 32 milliún m^2 in 2017 go dtí 46 milliún m^2 sa tréimhse imscrúdúcháin), agus dá thoradh sin bhí sciar den mhargadh de 5.7 % acu in 2020 (ó 4.1 % in 2017). Tháinig laghdú 3 % ar an meán ar phraghsanna na Tuirce sa tréimhse sin. Le linn na tréimhse céanna, tháinig méadú faoi thrí ar an méid allmhairí ón India (ó thart ar 8 milliún m^2 go dtí níos mó ná 25 milliún m^2), agus dá thoradh sin bhí sciar den mhargadh de 3.1 % acu in 2020 (ó bheagán os cionn 1 % in 2017). De réir na fianaise arna soláthar freisin sa ghearán, rinneadh na hallmhairí sin ag praghsanna dumpáilte, rud a ghearr go substaintiúil praghsanna thionscal an Aontais. Is cosúil go raibh tionchar díobhálach ábhartha aige sin ar staid thionscal an Aontais, rud a thaispeántar mar shampla trí laghduithe ar an sciar den mhargadh nó mar mheath ar thorthaí airgeadais.

(43) D'áitigh Rialtas na Tuirce gurbh iarracht d'aon ghnó a bhí sa deighilt a rinneadh ar thionscal an Aontais i dtrí ghrúpa dhifriúla de réir táirgeacht in aghaidh na cuideachta, iarracht ar thaobh an ghearánaigh an díobháil líomhnaithe a chur i dtábhacht don ghrúpa beag gearánach.

(44) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Áiríodh ar an ngearán na táscairí díobhála micreacnamaíche le haghaidh na dtrí ghrúpa ar leithligh agus do na trí cinn le chéile, agus na táscairí díobhála maicreacnamaíche do thionscal an Aontais ina iomláine. Dá bhrí sin, bhí fianaise leordhóthanach ar dhíobháil sa ghearán a bhain do thionscal an Aontais ina iomláine agus leis sin bhíothas in ann anailís níos mionsonraithe a dhéanamh toisc nárbh ionann na treochtaí le haghaidh na dtrí ghrúpa.

(45) Mhaígh Rialtas na Tuirce, táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na hIndia, Comhairle agus Comhlachas na hIndia, CGCSA, Bien & Qua Group nach raibh fianaise leordhóthanach sa ghearán ar nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte a líomhnaíodh agus an díobháil a maíodh a rinneadh do thionscal an Aontais. Mhaígh na páirtithe sin go raibh cúiseanna eile leis an díobháil líomhnaithe, amhail paindéim COVID-19, méaduithe ar chostais thionscal an Aontais nó drochfheidhmíocht onnmhairiúcháin an tionscail.

(46) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. I roinn 6, rinneadh anailís sa ghearán ar thosca eile a bhí ar eolas a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fheidhmíocht thionscal an Aontais, lena n-áirítear feidhmíocht onnmhairiúcháin an tionscail, costais ag dul i méid ann, tionchar phaindéim COVID-19, nó allmhairí ó thíortha seachas an India agus an Tuirc.

(47) Go coincréiteach, aithníodh sa ghearán gur tháinig laghdú ar onnmhairí na gcuideachtaí a sholáthair sonraí don ghearán ach ba ionann iad agus 24 % dá ndíolacháin iomlána fós. Luadh ann freisin go ndearna ráig phaindéim COVID-19 difear do thionscal tíleanna an Aontais. Dúnadh monarchana ar feadh roinnt míonna i gcuid de na Ballstáit, i.e. san Iodáil, sa Spáinn i ngeall ar dhian-bhearta sláintíocha agus rinne na dianghlasálacha sin difear mór don táirgeacht ach bhí an tionscal in ann an méid díolachán a rinne siad a choinneáil ar bun trí bheith ag díol ó stoic. Maidir le hallmhairí ó thríú tíortha eile, níor bhain aon tríú tír seachas na tíortha lena mbaineann sciar den mhargadh amach a bhí os cionn an leibhéal *de minimis* de 1 %. Maidir le costais, aithníodh an méadú freisin sa ghearán, ach soláthraíodh fianaise go raibh an méadú ar phraghsanna aonaid níos lú ná an costas táirgthe, agus bhí sé sin amhlaidh mar gheall ar dhul i bhfód méadaithe allmhairí ón India agus ón Tuirc ag praghsanna dumpáilte a ghearr faoi phraghsanna thionscal an Aontais.

(48) Bhí an Coimisiún den tuairim, nach mbréagnaíonn aon cheann de na tosca sin, mar a rinneadh anailís orthu sa ghearán, an chonclúid go raibh fianaise leordhóthanach ann chun imeacht frithdhumpála a thionscnamh i leith an phointe go raibh tionchar díobhálach go hábhartha ag allmhairí dumpáilte ar staid thionscal an Aontais, mar a mhínítear in aithris (42).

(49) Mhaígh CGCSA agus Bien & Qua Group nár chomhlíon an bhagairt maidir le hanailís díobhála a soláthraíodh sa ghearán an caighdeán dlíthiúil ábhartha nuair nár cumhdaíodh ach suas go dtí an dara ráithe de 2021 amháin.

(50) Ní raibh na barúlacha sin ábhartha maidir leis an anailís a rinne an Coimisiún ar an ngearán agus ar thionscnamh an cháis. Mar a achoimríodh i roinn 4 den Fhógra Tionscnaimh, bhí fianaise leordhóthanach ann go gcomhlíonann an gearán na ceanglais i gcomhair tionscnaimh ar bhonn díobháil ábhartha. Go coincréiteach, sholáthair an gearánach fianaise leordhóthanach go raibh méadú foriomlán i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí sciar den mhargadh ar allmhairí den táirge faoi imscrúdú ó na tíortha lena mbaineann, agus go raibh tionchar diúltach ag méadú den sórt sin agus ag leibhéal praghsanna na n-allmhairí ar leibhéal na bpraghsanna a gearradh agus ar an sciar den mhargadh a bhí i seilbh thionscal an Aontais, agus dá thoradh sin go raibh éifeachtaí tromchúiseacha aige sin ar fheidhmíocht fhoriomlán thionscal an Aontais.

(51) Ar bhonn an mhéid thuas, dheimhnigh an Coimisiún gur comhlíonadh na tairseacha ábhartha le haghaidh thionscnamh an imscrúdaithe mar a leagtar amach in Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán, agus gur sholáthair an gearánach fianaise leordhóthanach maidir le dumpáil, díobháil agus nasc cúisíoch, rud lenar comhlíonadh dá réir sin na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 5.2 de EDT ADA agus in Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, chomhlíon an gearánach na ceanglais maidir le tionscnamh.

(52) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh roinnt páirtithe leasmhara cuid de na barúlacha a rinne siad nuair a tionscnaíodh an t-imscrúdú.

(53) D'athdhearbhaigh Rialtas na Tuirce, CGCSA, Sogutsen Seramik ón Tuirc agus sé tháirgeoir onnmhairiúcháin déag de chuid na hIndia na maímh a rinne siad tar éis an tionscnaimh maidir leis an seasamh. Go háirithe, mheabhraigh siad nár cheart a mheas go dtacaíonn an dá tháirgeoir ón Aontas, ar cuireadh táirgeoirí eile ina n-ionad sa sampla nuair a chuir siad an Coimisiún ar an eolas nach mbeidís in ann an ceistneoir a líonadh isteach, leis an tionscnamh. Thairis sin, mhaígh siad arís agus arís eile nár leor an tacaíocht a bhí ann do thionscnamh an imeachta agus nárbh fhéidir é a mheas mar sciar mór den tionscal intíre de réir Airteagal 4 de EDT ADA.

(54) Tugadh aghaidh ar na maímh a bhaineann leis an seasamh in aithrisí (11) go (16) agus in aithris (18). Ós rud é nár thug na páirtithe aon argóint nua ar aghaidh, dheimhnigh an Coimisiún a ndiúltú.

(55) D'athdhearbhaigh sé tháirgeoir onnmhairiúcháin déag de chuid na hIndia agus an chuideachta ón Tuirc Sogutsen Seramik gur sáraíodh a gcearta cosanta nuair a deonaíodh anaithnideacht do roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais:.

(56) Tugadh aghaidh ar na maímh a bhaineann le hanaithnideacht roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais agus an sárú a líomhnaítear a rinneadh ar chearta cosanta in aithrisí (20) go (22). Dheimhnigh an Coimisiún diúltú na maíomh sin.

1.4. **Sampláil**

(57) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé sampláil ar na páirtithe leasmhara i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.4.1. *Sampláil táirgeoirí ón Aontas*

(58) Ina Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de sé tháirgeoir ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn an méid díolachán agus táirgeachta is ionadaíche, ag cur leathadh geografach agus ilroinnt mhór thionscal tíleanna ceirmeacha san áireamh i gcomhréir leis an modheolaíocht a sonraíodh in aithrisí (59) go (63).

(59) In imscrúduithe roimhe seo maidir le hallmhairí dumpáilte tíleanna ceirmeacha ([8]), ba í conclúid an Choimisiúin go bhfuil an tionscal tíleanna ceirmeacha ilroinnte go suntasach. Dá bhrí sin, chun a áirithiú nach raibh torthaí na gcuideachtaí móra i gceannas ar an anailís díobhála agus gur tugadh léiriú leordhóthanach ar staid na dtáirgeoirí beaga agus na dtáirgeoirí meánmhéide, arb ionann iad i gcomhpháirt agus sciar shuntasach de tháirgeacht an Aontais, chinn an Coimisiún trí chatagóir táirgeoirí a bhunú bunaithe ar an gcainníocht táirgeachta bhliantúil:

— Catagóir 1: táirgeoirí móra – táirgeacht bhliantúil os cionn 10 milliún m^2,

— Catagóir 2: táirgeoirí meánmhéide – táirgeacht bhliantúil idir 5 agus 10 milliún m^2,

— Catagóir 3: táirgeoirí beaga – táirgeacht bhliantúil faoi bhun 5 milliún m^2.

(60) Cé gur léiríodh leis an imscrúdú reatha go rabhthas ag athrú i dtreo táirgeoirí móra, bhí tionscal an Aontais fós an-ilroinnte agus gan ach táirgeoirí beaga agus meánmhéide ag obair in thart ar leath de tháirgeacht an Aontais sa tréimhse imscrúdúcháin. Dá réir sin, mheas an Coimisiún gur cheart ilroinnt thionscal an Aontais a chur san áireamh freisin san imscrúdú seo. Chinn sé, dá bhrí sin, an mhodheolaíocht chéanna a chur i bhfeidhm ag roghnú an tsampla agus a rinneadh sna himscrúduithe roimhe seo agus mheas gur cheart ionadaíocht a dhéanamh ar gach catagóir táirgeoirí sa sampla.

(61) Bhí sé tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla sealadach. Chuimsigh táirgeoirí sampláilte an Aontais 6 % de tháirgeacht iomlán measta an Aontais agus 8 % de dhíolacháin iomlána an Aontais sa tréimhse imscrúdúcháin. Rinneadh ionadaíocht ar chuideachtaí as na trí chatagóir uile: táirgeoir mór amháin, dhá tháirgeoir mheánmhéide agus trí tháirgeoir bheaga.

(62) Chun léiriú a thabhairt ar na staideanna difriúla a bhféadfaí teacht orthu san Aontas sna Ballstáit dhifriúla, le linn dó an sampla a roghnú, chuir an Coimisiún an leathadh geografach san áireamh freisin mar a luaitear in aithris (58). Bhí na táirgeoirí sampláilte lonnaithe san Iodáil, sa Pholainn, sa Spáinn agus i dtír i lár na hEorpa. Chumhdaigh an sampla dá bhrí sin Ballstáit ina raibh thart ar 90 % den táirgeacht lonnaithe.

(63) Dá dheasca sin, mheas an Coimisiún gur áirithíodh leis an modheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm go raibh an sampla ionadaíoch ar tháirgeacht an Aontais ina hiomláine agus gur chloígh sé dá bhrí sin le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán.

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 917/2011 ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí tíleanna ceirmeacha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 238, 15.9.2011, lch. 1) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2179 ón gCoimisiún an 22 Samhain 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí tíleanna ceirmeacha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 307, 23.11.2017, lch. 25).

(64) D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt faoin sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúil laistigh den sprioc-am agus deimhníodh an sampla sealadach dá bhrí sin. Measadh go raibh an sampla ionadaíoch do thionscal an Aontais.

(65) Tar éis an sampla a dheimhniú, chuir táirgeoir beag amháin as an Iodáil, a bhí áirithe sa sampla, in iúl don Choimisiún nárbh fhéidir leis freagra a thabhairt ar an gceistneoir. Dá dhroim sin, chuir an Coimisiún táirgeoir beag eile as an Iodáil in ionad na cuideachta sin agus chuir sé na páirtithe leasmhara ar an eolas maidir leis an athbhreithniú ar an sampla cinntitheach.

(66) Tar éis an chéad athbhreithniú a dhéanamh ar an sampla cinntitheach, chuir an chuideachta nua a bhí curtha leis in iúl don Choimisiún nárbh fhéidir leis freagra a thabhairt ar an gceistneoir. Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an sampla cinntitheach arís agus chuir sé táirgeoir beag eile as an Iodáil in ionad na cuideachta. Cuireadh an dara athbhreithniú ar an sampla cinntitheach in iúl do na páirtithe leasmhara.

(67) Ba ionann an sampla cinntitheach tar éis an dara athbhreithnithe agus 6 % de tháirgeacht iomlán measta an Aontais agus 8 % de dhíolacháin iomlána thionscal an Aontais sa tréimhse imscrúdúcháin agus cumhdaíodh ceithre Bhallstát leis san áit ina raibh thart ar 90 % de tháirgeacht an Aontais lonnaithe. Mheas an Coimisiún go raibh an sampla cinntitheach ionadaíoch i dtéarmaí tháirgeacht agus dhíolacháin iomlána an Aontais agus leathadh geografach an tsampla, agus chuir sé ilroinnt thionscal an Aontais san áireamh.

(68) Tar éis an nochta deiridh, rinne Rialtas na Tuirce, CGCSA agus ceithre chuideachta ón Tuirc (EGE Seramik, Kale Seramik, Sogutsen Seramik, agus Yurtbay Seramik) barúlacha maidir leis an sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais. Go háirithe, mhaígh siad nach raibh sampla arb ionann agus 6 % de tháirgeadh an Aontais ionadaíoch go leor. Mhaígh Rialtas na Tuirce agus Yurtbay Seramik gur cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar gach ceann de na 29 gcuideachta a sholáthair faisnéis le haghaidh an ghearáin. Chuir Rialtas na Tuirce agus CGCSA i leith an Choimisiúin gur ionramháil sé roghnú an tsampla trí chuideachta a raibh deacrachtaí airgeadais acu nó cuideachtaí a tháirg tíleanna ceirmeacha ardleibhéil, e.g. táirgí ceardaíochta nó dearthóra, a roghnú.

(69) Thairis sin thug Rialtas na Tuirce le fios nár mhínigh an Coimisiún comhdhéanamh an tsampla, i.e. an líon cuideachtaí a roghnaíodh i ngach catagóir táirgeora.

(70) Ar an gcéad dul síos, thug an Coimisiún dá aire nár thug aon cheann de na páirtithe a luaitear in aithris (68) barúil maidir leis an sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais laistigh den spriocdháta ab infheidhme.

(71) Thairis sin, ní raibh sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún ná ní raibh sé ábalta táirgeoirí uile an Aontais a shampláil a sholáthair faisnéis le haghaidh an ghearáin nó a chuir in iúl go dtacaíonn siad le tionscnamh an imscrúdaithe ar an ábhar sin. Roghnaigh an Coimisiún sampla ionadaíoch de tháirgeoirí de chuid an Aontais "a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnach laistigh den tréimhse a bhí ar fáil", i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán. Chun cur le hionadaíochas an tsampla, shampláil an Coimisiún dhá oiread an líon táirgeoirí de chuid an Aontais a shamplálann sé de ghnáth. Chun ilroinnt thionscal an Aontais a léiriú, tionscal inarbh ionann táirgeoirí beaga agus meánmhéide agus thart ar leath de tháirgeadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe, mar a mhínítear in aithris (60), seachas na trí tháirgeoirí is mó san Aontas a shampláil de réir an ghnáthchleachtais, shampláil an Coimisiún sé chuideachta sna trí chatagóir a phléitear in aithris (59). Dá mba rud é nach mbeadh ach na trí tháirgeoir is mó san Aontas sampláilte ag an gCoimisiún, ní mhéadódh sampla den sórt sin sciar an táirgthe ar bhealach fónta (ó 6 % go 9 % de tháirgeadh an Aontais) agus ní léireodh sé an "méid táirgeachta *ionadaíoch* is mó" toisc nach gcuirfeadh sé ilroinnt thionscal an Aontais san áireamh.

(72) Shampláil an Coimisiún líon táirgeoirí de chuid an Aontais a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. Roghnaigh an Coimisiún na táirgeoirí is mó i ngach catagóir táirgeora, agus an raon geografach á chur san áireamh freisin. Léirigh an líon táirgeoirí de chuid an Aontais i ngach catagóir struchtúr thionscal an Aontais de réir mar a bhí ar eolas ag an gCoimisiún tráth an tionscnaimh.

(73) Ar deireadh, níor aontaigh an Coimisiún leis an maíomh a rinne Rialtas na Tuirce agus CGCSA gur ionramháil sé roghnú an tsampla i bhfabhar cuideachtaí a raibh costais agus praghais ní b'airde acu nó cuideachtaí a raibh deacrachtaí airgeadais acu. Bunaíodh roghnú an tsampla ar chritéir agus faisnéis oibiachtúil a bhí ar fáil don Choimisiún tráth an tionscnaimh. Bhí an deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt maidir le roghnú an tsampla ach ní bhfuarthas aon bharúil laistigh den sprioc-am. Mheabhraigh an Coimisiún nach raibh aon fhianaise ag tacú leis na líomhnaithe a rinne na páirtithe ina dhiaidh sin.

(74) Dá bharr sin, diúltaíodh do gach maíomh a bhain le sampláil tháirgeoirí an Aontais.

1.4.2. *Sampláil allmhaireoirí*

(75) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.

(76) Sholáthair cúig chuideachta an fhaisnéis a iarradh agus d'aontaigh siad a bheith san áireamh sa sampla. Rinne ceann de na cuideachtaí, OBI Group Holding SE & Co. KGaA, an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na hIndia agus na Tuirce a cheannach go heisiach nach mór ó allmhaireoirí neamhspleácha a bhí ag gníomhú mar mhórdhíoltóirí. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur cheart imscrúdú a dhéanamh ar an gcuideachta mar úsáideoir.

(77) I bhfianaise a laghad freagraí a fuarthas ó allmhaireoirí, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil. Chuir an Coimisiún a chinneadh in iúl do na páirtithe leasmhara. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis sin.

1.4.3. *Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin san India*

(78) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh go raibh, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin san India an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean na hIndia chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(79) Sholáthair níos mó ná 140 táirgeoir onnmhairiúcháin san India an fhaisnéis a iarradh agus d'aontaigh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) agus 17(2) den bhun-Rialachán, d'fhógair an Coimisiún, trí Nóta leis an gcomhad oscailte a foilsíodh an 22 Nollaig 2021, go raibh sampla sealadach de thrí ghrúpa de tháirgeoirí onnmhairiúcháin roghnaithe bunaithe ar an méid b'ionadaíche d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnach laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. Chuathas i gcomhairle freisin le húdaráis na hIndia maidir le roghnú an tsampla shealadaigh.

(80) Thug trí pháirtí barúil maidir leis an sampla sealadach. D'iarr dhá cheann acu go gcuirfí san áireamh sa sampla iad; níor chuir siad in aghaidh an mhaímh áfach gurb iad na trí chuideachta a sampláladh go sealadach na táirgeoirí onnmhairiúcháin ba mhó ná níor mhaígh siad ach oiread go gcuirfeadh a gcuimsiú sa sampla in ionad ceann de na trí cinn sin feabhas ar ionadaíochas an tsampla. Mhaígh grúpa amháin neamhshampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin go gcáileodh méid comhcheangailte de dhíolacháin an Aontais a thuairiscigh eintitis ghaolmhara an ghrúpa sin go haonarach sna foirmeacha samplála é don sampla toisc go mbeadh sé aicmithe laistigh de na trí cinn is airde. Sheiceáil an Coimisiún an tsaincheist agus dheimhnigh go deimhin go raibh sé i measc na dtrí tháirgeoir onnmhairiúcháin ba mhó. Dá dhroim sin, d'fhoilsigh an Coimisiún, an 3 Eanáir 2022, Nóta leis an gcomhad oscailte ag fógairt sampla athbhreithnithe de thrí tháirgeoir onnmhairiúcháin as an India. Ba ionann an sampla athbhreithnithe, inar cuimsíodh Lavish Granito Group, Icon Granito Group agus Conor Granito Group, agus 20 % - 25 % de na díolacháin chuig an Aontas Eorpach sa tréimhse imscrúdúcháin in m^2 arna thuairisciú ag cuideachtaí uile na hIndia a chuir freagraí samplála isteach agus 16,5 % - 20,5 % de m^2 na n-allmhairí de thíleanna ceirmeacha ón India sa tréimhse sin. Measadh dá bhrí sin go raibh an sampla ionadaíoch.

(81) Tar éis an Nóta sin, d'iarr an grúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin a bhí sampláilte ar dtús ach a fágadh amach as an sampla athbhreithnithe go gcuirfí san áireamh sa sampla iad arís. Bhí figiúirí onnmhairiúcháin athbhreithnithe sa mhéid a cuireadh isteach, agus taispeánadh méideanna díolacháin níos mó san Aontas ná mar a tuairiscíodh ar dtús san fhoirm samplála. D'áitigh an páirtí dá ndéanfaí iad a áireamh sa sampla – tríd an gcéad sampla a athbhunú nó trína chur leis an sampla mar cheathrú páirtí – d'áitigh siad go bhfeabhsófaí leis sin a ionadaíochas. Dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh. Thug sé ar aird nach raibh tionchar ag na figiúirí onnmhairiúcháin athbhreithnithe ar ionadaíochas an tsampla agus gur cuireadh na figiúirí sin isteach tar éis an sprioc-ama chun faisnéis shamplála a chur isteach. Thug an Coimisiún ar aird freisin go bhféadfaí cosc a chur ar chur i gcrích an imscrúdaithe in am trátha i gcás ina gcuirfí ceathrú páirtí leis. Dá dheasca sin, dheimhnigh an Coimisiún an sampla i Nóta leis an gcomhad oscailte an 12 Eanáir 2022.

(82) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Biuro Handlowe Netto PLUS Sp. z o.o. Sp. k., Cortina Outlet & Salon Płytek Cezary Krzysztof Dąbrowski agus Cortina Outlet & Salon Płytek Izabela Awier ("Netto and Cortina" nó "Ceramika Netto" ([9])) gur cheart don Choimisiún imscrúdú a dhéanamh ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin a tháinig chun cinn. De réir na cuideachta, níor ghá gan imscrúdú a dhéanamh ach ar shampla cuideachtaí de bharr chastacht theicniúil an cháis agus de bharr struchtúir chasta na dtáirgeoirí comhoibríocha ón India.

(83) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. I bhfianaise an lín mhóir táirgeoirí onnmhairiúcháin ón India, faoi Airteagal 17(1) den bhun-Rialachán, bhí an Coimisiún i dteideal sampláil a úsáid. Roghnaigh an Coimisiún sampla ionadaíoch "a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnach laistigh den tréimhse a bhí ar fáil", i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán. Thairis sin, níor thug Ceramika Netto barúil maidir leis an sampla de tháirgeoirí onnmhairiúcháin ón India laistigh den sprioc-am ab infheidhme. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

1.4.4. *Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Tuirc*

(84) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, más amhlaidh go bhfuil, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin san India an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Bhuanionadaíocht na Tuirce chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(85) Sholáthair ocht gcinn déag (de ghrúpaí) de tháirgeoirí onnmhairiúcháin sa Tuirc an fhaisnéis a iarradh agus d'aontaigh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) agus 17(2) den bhun-Rialachán, d'fhógair an Coimisiún, trí Nóta leis an gcomhad oscailte a foilsíodh an 22 Nollaig 2021, go raibh sampla sealadach de thrí (ghrúpa de) tháirgeoirí onnmhairiúcháin roghnaithe ar bhonn an mhéid is ionadaíche d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnach laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. Chuathas i gcomhairle le húdaráis na Tuirce freisin maidir le roghnú an tsampla shealadaigh.

(86) Rinne Rialtas na Tuirce, grúpa amháin de tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Tuirce agus dhá chomhlachas a bhí ag déanamh ionadaíochta ar leasanna mhonaróirí na Tuirce barúlacha substainteacha maidir leis an sampla sealadach. Mhol an grúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin as an Tuirc meáchan (in ionad m^2) mar an príomh-mhodh chun cuideachtaí a aicmiú. Rinne na ceithre pháirtí agóid in aghaidh an tsampla a moladh ar dtús agus léirigh siad amhras maidir leis na sonraí i roinnt foirmeacha samplála agus maidir le hincháilitheacht na bpáirtithe sampláilte. Dá bhrí sin, an 3 Eanáir 2022, d'iarr an Coimisiún ar dhá chuideachta a bhí aicmithe ar dtús báire laistigh de na trí chuideachta ab airde soiléiriú a thabhairt dó ina gcuid foirmeacha samplála. Rinne cuideachta amháin athbhreithniú beag ar na sonraí a cuireadh isteach ar dtús ach rinne cuideachta eile athbhreithniú ollmhór ar na sonraí sin agus bhí méideanna onnmhairiúcháin i bhfad níos ísle ann dá mbarr. Bhí tionchar ag an gceartúchán sin ar an aicmiú a fuair cuideachtaí/grúpaí mar na trí cinn ab airde. Dá thoradh sin, d'fhoilsigh an Coimisiún, an 4 Eanáir 2022, Nóta leis an gcomhad oscailte ag fógairt sampla athbhreithnithe de thrí tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Tuirce. Bhunaigh an Coimisiún an t-aicmiú ar m^2, i.e. an gnáthaonad tagartha i ngnó na dtíleanna ceirmeacha. An sampla athbhreithnithe, inar cuimsíodh Hitit Seramik Sanayi ve Ticaret A.Ş., Vitra Karo Sanayi ve Ticaret A.Ş., agus an grúpa inar cuimsíodh Qua Granite ve Hayal Yapi Ürünleri San. Tic. A.Ş. agus Bien Yapi Ürünleri San. Tic. A.Ş, arbh ionann é agus beagnach 51 % de na hallmhairí tíleanna ceirmeacha ón Tuirc in m^2 sa tréimhse imscrúdúcháin bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil ag an am sin. Measadh dá bhrí sin go raibh an sampla athbhreithnithe ionadaíoch.

(87) An grúpa as an Tuirc a rinne barúlacha ar an gcéad sampla, d'iarr sé arís go ndéanfaí an t-aicmiú i bhfoirm meáchain, rud a d'fhágfadh go mbeadh an grúpa sin aicmithe i measc na dtrí cinn ab airde agus mheabhraigh sé arís go raibh sé toilteanach a bheith páirteach sa sampla. Ní bhfuarthas aon bharúil eile maidir leis an sampla athbhreithnithe. Ní bhfuair an Coimisiún aon argóint láidir a thabharfadh údar chun an t-aonad tagartha a úsáidtear de ghnáth i ngnó na dtíleanna ceirmeacha a thréigean. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún an sampla i Nóta leis an gcomhad oscailte an 12 Eanáir 2022.

1.5. **Scrúdú aonair**

(88) D'iarr ceithre ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin san India agus cúig ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Tuirc scrúdú aonair faoi Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán trí fhreagra ar cheistneoir a chur isteach laistigh den sprioc-am 30 lá a leagadh síos ó fógraíodh an sampla. Chinn an Coimisiún go mbeadh ualach míchuí i gceist le scrúdú na n-iarrataí sin agus go gcuirfeadh sé cosc ar an imscrúdú a thabhairt chun críche in am trátha. Bhí sé sin

([9]) Le linn an imeachta, chuir na trí chuideachta an Coimisiún ar an eolas gur chumasc siad ina gcuideachta aonair Ceramika Netto Sp. z o. o. Sp.K.

amhlaidh mar gheall ar an líon iarrataí, ar chastacht struchtúr corparáideach roinnt páirtithe iarrtha agus mar gheall ar mhéid agus ar chastacht an tsampla a d'imscrúdaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Diúltaíodh dá bharr sin do na hiarrataí ar scrúdú aonair.

(89) I mí Lúnasa 2022, i bhfad thar an sprioc-am a luadh roimhe, chuir Ceramiko Netto, allmhaireoir tíleanna ceirmeacha as an bPolainn isteach litreacha dhá tháirgeoir as an India ag iarraidh scrúdú aonair, mar iarscríbhinn le hionadaíocht scríofa. Ní féidir litreacha den sórt sin, nach ngabhann freagra ar cheistneoir leo, arna gcur isteach ag tríú páirtí agus 6 mhí tar éis an sprioc-ama do na hiarrataí ar scrúdú aonair dul in éag, ní féidir iad a mheas mar iarrataí ar scrúdú aonair de bhun Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán. In aon chás, i gcás ina measfaí iad, dhiúltófaí iad ar na cúiseanna céanna leis na hiarrataí a cuireadh isteach i gceart dá dtagraítear in aithris (88).

1.6. **Iarraidh ar rúndacht ó tháirgeoirí an Aontais**

(90) D'iarr na gearánaigh agus lucht tacaíochta an ghearáin, le hionadaíocht ó CET, go gcoinneofaí a gcuid ainmneacha rúnda i gcomhréir le hAirteagal 19(1) den bhun-Rialachán ar eagla go ndéanfaí frithbheart ina gcoinne. Thug CET ar aird gur cheart an láimhseáil rúnda arna deonú ag an gcéim réamhthionscnaimh a shíneadh chuig an imscrúdú.

(91) Chuige sin, d'áitigh na gearánaigh agus an lucht tacaíochta go raibh baol frithbhirt ann óna soláthróirí amhábhar atá lonnaithe go háirithe sa Tuirc, óna gcustaiméirí san Aontas a bhí ag brath freisin ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, agus óna gcuid custaiméirí sna tíortha lena mbaineann.

(92) Rinne an Coimisiún scrúdú ar na hiarrataí agus ar an bhfianaise tacaíochta a chuir gach cuideachta isteach go haonarach. Ina theannta sin, thug an Coimisiún dá aire san imscrúdú a bhain le hallmhairí tíleanna ceirmeacha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ([10]) agus an t-athbhreithniú éaga ina dhiaidh sin ([11]), gur coinníodh aitheantas tháirgeoirí an Aontais faoi rún.

(93) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurbh ann don riosca frithbhirt i ndáil le ceithre tháirgeoir sampláilte an Aontais. Ar an mbonn sin, dheonaigh an Coimisiún láimhseáil rúnda d'aitheantas na gcuideachtaí sin ar feadh an imeachta.

(94) I gcodarsnacht leis sin, shuigh an Coimisiún nárbh ann don riosca frithbhirt i ndáil leis an táirgeoir Spáinneach Azteca Products & Services, S.L.U. Dá dheasca sin, chinn an Coimisiún ainm na cuideachta a nochtadh.

(95) Ba cheart a thabhairt ar aird go bhfuarthas go raibh an iarraidh ar rúndacht arna cur isteach ag VIVES Group gan bhunús cheana féin ag an gcéim réamhthionscnaimh (le haghaidh chomhdhéanamh VIVES Group, féach aithris (101)).

1.7. **Freagraí ceistneora**

(96) Sheol an Coimisiún ceistneoir inar iarradh macratháscairí thionscal an Aontais chuig an ngearánach agus iarradh ar sé tháirgeoir shampláilte an Aontais, na trí ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin san India agus na trí ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Tuirc na ceistneoirí ábhartha a líonadh isteach. Ó tréigeadh sampláil na n-allmhaireoirí neamhghaolmhara, iarradh ar gach allmhaireoir neamhghaolmhar agus ar gach úsáideoir na ceistneoirí faoi seach a líonadh isteach.

(97) Na ceistneoirí le haghaidh táirgeoirí de chuid an Aontais, na hallmhaireoirí neamhghaolmhara, táirgeoirí onnmhairiúcháin san India agus táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Tuirc, cuireadh ar fáil ar líne ([12]) iad lá an tionscnaimh.

(98) Fuair an Coimisiún freagraí ar an gceistneoir ó shé tháirgeoir shampláilte an Aontais, ón ngearánach, trí hallmhaireoir, úsáideoir amháin, na trí ghrúpa shampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin san India agus na trí ghrúpa shampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin sa Tuirc.

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 917/2011.
([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2179.
([12]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2559

(99) Tar éis anailís tosaigh ar na freagraí ar an gceistneoir a chuir allmhaireoirí isteach, d'fhiosraigh an Coimisiún a ngaolmhaireacht fhéideartha le táirgeoirí san India agus sa Tuirc. Dheimhnigh allmhaireoir amháin gur comhpháirtí a bhí aitheanta go dlíthiúil é i ngnó táirgeora tíleanna ceirmeacha san India. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí a mheas gur allmhaireoir neamhghaolmhar a bhí ann. Rinne an Coimisiún neamhaird dá fhreagra ar an gceistneoir ina dhiaidh sin.

1.8. **Cuairteanna fíorúcháin**

(100) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir leis an dumpáil, leis an díobháil dá deasca agus maidir le leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí de chuid an Aontais agus a dtrádálaithe gaolmhara, agus an gearánach

— Ceithre tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais agus, i gcás inarb ábhartha, a gcuid trádálaithe gaolmhara, ar deonaíodh láimhseáil rúnda dóibh mar a mhínítear i roinn 1.6.

— Azteca Products & Services, S.L.U. agus a thrádálaí gaolmhar Kerstone, S.L., atá lonnaithe araon in Alcora (Castellón), an Spáinn

— An Comhlachas Eorpach de Mhonaróirí Tíleanna Ceirmeacha, An Bhruiséil, an Bheilg

Táirgeoirí onnmhairiúcháin san India

— Icon Granito Limited agus cuideachtaí gaolmhara, Morbi, an India ("Grúpa Icon")

— Conor Granito Limited agus cuideachtaí gaolmhara, Morbi, an India ("Grúpa Conor")

— Lavish Granito Limited agus cuideachtaí gaolmhara, Morbi, an India ("Grúpa Lavish")

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Tuirc ([13])

— Hitit Seramik Sanayi ve Ticaret A.Ş. agus cuideachtaí gaolmhara, Uşak agus Iostanbúl, an Tuirc ("Hitit Group")

— Qua Granite ve Hayal Yapi Ürünleri San. Tic. A.Ş., Bien Yapi Ürünleri San. Tic. A.Ş., agus cuideachtaí gaolmhara, Iostanbúl, Bilecik agus Söke, an Tuirc ("Bien & Qua Group")

— Vitra Karo Sanayi ve Ticaret A.Ş. agus cuideachtaí gaolmhara, Bozüyük agus Iostanbúl, an Tuirc ("Vitra Group")

(101) Rinne an Coimisiún cros-seiceálacha cianda ("CC") ar na páirtithe seo a leanas:

Táirgeoirí de chuid an Aontais agus a dtrádálaithe gaolmhara

— Ceramica Vives S.A. agus Ferraes Ceramica S.A. agus a dtrádálaithe gaolmhara Vives Azulejos y Gres S.A. agus Arcana Ceramica S.A., agus iad ar fad lonnaithe in Alcora (Castellón), an Spáinn ("grúpa VIVES")

Úsáideoir

— OBI Group Holding SE & Co. KGaA, Wermelskirchen, an Ghearmáin

Trádálaithe a bhaineann le táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Tuirc

— Vitra Fliesen GmbH & Co. KG, Merzig, an Ghearmáin

— V&B Fliesen GmbH, Merzig, an Ghearmáin

1.9. **Tréimhse imscrúdaithe agus an tréimhse a measadh**

(102) Cumhdaíodh leis an imscrúdú ar dhumpáil agus díobháil an tréimhse ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021 ("an tréimhse imscrúdaithe"). Sa scrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an díobháil, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdaithe ("an tréimhse a breithníodh").

([13]) Chun críoch eagrúcháin, rinneadh an chuairt fíorúcháin le haghaidh roinnt cuideachtaí gaolmhara ar áitreabh an eintitis mhonaraithe.

(103) Rinne Bien & Qua Group agus CGCSA agóid in aghaidh na tréimhse imscrúdúcháin a roghnaigh an Coimisiún. Mhaígh siad nach raibh sé "sách gar" nó "gar a dhóthain" don dáta tionscnaimh dá bhforáiltear in Airteagal 6(1) den bhun-Rialachán. Mhaígh siad freisin gur bhliain thar cuimse a bhí sa bhliain 2020 de bharr phaindéim COVID-19, agus go raibh luaineacht shuntasach sa mhargadh dá barr agus nach raibh sí ionadaíoch dá bharr sin chun críoch cinntí dumpála agus díobhála oibiachtúla. Ar na cúiseanna sin, luaigh Bien & Qua Group gur cheart don Choimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 a roghnú mar thréimhse imscrúdúcháin agus an 1 Eanáir 2017 go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 mar thréimhse faoi bhreathnú.

(104) Ní cheanglaítear le hAirteagal 6(1) den bhun-Rialachán tréimhse atá "gar a dhóthain"; luaitear go gcumhdaítear leis an tréimhse imscrúdúcháin arna roghnú ag an gCoimisiún de ghnáth tréimhse "nach lú ná 6 mhí díreach roimh thionscnamh na n-imeachtaí". Bhí rogha an Choimisiúin maidir leis an tréimhse imscrúdúcháin i gcomhréir go hiomlán leis an bhforáil sin. Chuir an Coimisiún tionchar phaindéim COVID-19 san áireamh don imscrúdú sin (go háirithe, féach alt 5.2.5 den Rialachán seo). I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire nár sholáthair Bien & Qua Group aon fhianaise maidir leis an gcúis leis an tréimhse a mhol siad a bheith bainteach le torthaí níos iomchuí, go hairithe ós rud é go raibh éifeacht orthu freisin mar gheall ar luaineacht an mhargaidh de bharr phaindéim COVID-19. Diúltaíodh do na maímh.

(105) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh dhá pháirtí leasmhara ón Tuirc, Yurtbay Seramik agus Sogutsen Seramik, nár roghnaigh an Coimisiún tréimhse a bhí gar go leor don dáta tionscnaimh agus é ag leagan síos na tréimhse imscrúdaithe, agus, dá bhrí sin, nach ndearna sé scrúdú ar na sonraí is déanaí a bhí ar fáil.

(106) Tugadh aghaidh ar an maíomh sin cheana féin (féach aithrisí (103) agus (104)). Ós rud é nár chuir na páirtithe aon argóint nua i láthair, dheimhnigh an Coimisiún diúltú an mhaímh.

1.10. **Neamh-fhorchur na mbeart sealadach**

(107) De bhun Airteagal 7(1) den bhun-Rialachán, ba é an 12 Lúnasa 2022 an sprioc-am chun bearta sealadacha a fhorchur. An 15 Iúil 2022, i gcomhréir le hAirteagal 19a(2) den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara go raibh sé beartaithe aige gan bearta sealadacha a fhorchuir agus thug sé deis do na páirtithe leasmhara faisnéis bhreise a chur isteach agus/nó éisteacht a fháil. Mheabhraigh grúpa amháin de tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Tuirce dó gur iarr sé scrúdú aonair agus mheabhraigh sé dó an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag bearta ar na hinfheistíochtaí a dhéanann sé san Aontas. Chuir allmhaireoir amháin iarraidh isteach ar scrúdú aonair ar a chomhpháirtithe trádála san India (féach aithris (89)). Ag éisteacht a bhí ann, chuir an t-allmhaireoir céanna sonraí breise i láthair a bhain lena shamhail ghnó agus le tionchar beart ionchasach ar a chuid gníomhaíochtaí. Thairis sin, d'eagraigh an Coimisiún éisteacht maidir le raon feidhme táirgí le táirgeoir onnmhairiúcháin Indiach amháin.

(108) Ó tharla nár forchuireadh aon bheart sealadach frithdhumpála, níor feidhmíodh aon chlárú allmhairí.

1.11. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(109) Lean an Coimisiún air ag lorg agus ag fíorú na faisnéise uile a mheas sé a bheith riachtanach le haghaidh na dtorthaí deiridh.

(110) Tar éis anailís a dhéanamh ar na sonraí a bailíodh agus a fíoraíodh, chuir an Coimisiún Grúpa Bien & Qua ar an eolas faoi go raibh sé beartaithe aige feidhm a bhaint as na fíorais a bhí ar fáil i gcás codanna áirithe dá gcuid freagraí ar an gceistneoir, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Thug an Coimisiún deis don chuideachta barúlacha a thabhairt. Tugtar aghaidh i Roinn 3.2.1 den Rialachán seo ar an bhfáth ar baineadh feidhm as na fíoras a bhí ar fáil agus ar na barúlacha a chuir an chuideachta isteach.

(111) Bhreithnigh an Coimisiún na barúlacha a thíolaic na páirtithe leasmhara agus é ag teacht ar a thorthaí cinntitheacha.

(112) An 28 Deireadh Fómhair 2022, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara go léir ar an eolas maidir leis na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha ar ar a mbonn a raibh sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí tíleanna ceirmeacha de thionscnamh na hIndia agus na Tuirce ("nochtadh deiridh"). Ceadaíodh tréimhse do gach páirtí leasmhar ina raibh siad in ann a mbarúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh.

(113) Fuair táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte amháin as an Tuirc soiléiriú ar a nochtadh deiridh toisc go raibh contrárthacht le gné eile den nochtadh mar thoradh ar earráid chléireachais i gcuid amháin den nochtadh. Fuair táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte amháin as an Tuirc agus dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte as an India nochtaí deiridh breise. Ina theannta sin, ós rud é go ndearnadh athbhreithniú ar na corrlaigh dumpála, sladghearrtha, agus díobhála agus ar thorthaí an Choimisiúin maidir le díobháil agus cúisíocht de bharr cuid de na barúlacha a fuarthas i ndiaidh an nochta deiridh, sheol an Coimisiún nochtadh páirteach breise ("nochtadh páirteach breise") chuig na páirtithe leasmhara uile an 5 Nollaig 2022.

(114) Tar éis an nochta deiridh agus na nochtaí breise, fuarthas barúlach ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte uile, ó roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte ón dá thír lena mbaineann, ó Rialtas na Tuirce, ó Rialtas na hIndia ("GoI"), ón ngearánach agus ó thrí allmhaireoir de chuid an Aontais. Thionóil an Coimisiún éisteachtaí le dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte as an Tuirc, le roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte as an Tuirc agus a gcomhlachas, le Rialtas na Tuirce, le trí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte as an India, le grúpa de tháirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte as an India, le Rialtas na hIndia agus le hallmhaireoir amháin de chuid an Aontais. Thionóil an tOifigeach Éisteachta éisteacht le Ceramika Netto.

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA MBAINEANN AGUS TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi imscrúdú

(115) Is iad na táirgí atá faoi imscrúdú leaca agus pábháil, tíleanna teallaigh nó balla de dhéantús ceirmeach; ciúbanna ceirmeacha mósáice nó a leithéidí, bíodh taca fúthu nó ná bíodh; ceirmigh bhailchríocha, a thagann faoi chóid CN 6907 21 00, 6907 22 00, 6907 23 00, 6907 30 00 agus 6907 40 00 ("an táirge faoi imscrúdú").

(116) Is leaca d'ábhar ceirmeach iad tíleanna ceirmeacha a úsáidtear laistigh agus lasmuigh chun urláir agus ballaí a chlúdach (lena n-áirítear cuntair oibre etc.). Bíonn toisí éagsúla ag tíleanna ceirmeacha, idir mósáicí agus leaca móra a mbíonn taobhanna suas le 3 mhéadar nó níos mó ar fhad acu. D'fhéadfadh a ndromchlaí a bheith mín go nádúrtha, snasta go meicniúil nó garbh, nó d'fhéadfadh rilífí a bheith iontu chun críocha speisialta (e.g. tíleanna tadhlacha, tíleanna frithshleamhnánacha). D'fhéadfadh tíleanna ceirmeacha a bheith glónraithe, neamhghlónraithe nó maisithe sa chorp ceirmeach le meascáin speisialta. Is éard is glónra ann meascán d'ábhair éagsúla agus cumaisc (gloine, caoilín, gaineamh siliciúil, ocsaídí, líocha dathúcháin etc.) lena dtugtar airíonna aeistéitiúla agus teicniúla do na tíleanna ceirmeacha nach féidir a chur ar fáil sa chorp ar an leibhéal a éilítear. D'fhéadfadh tíleanna ceirmeacha a bheith coigeartaithe nó neamh-choigeartaithe. Próiseas de líomhadh beacht meicniúil na bhfaobhar tar éis a n-adhainte atá i gceist le coigeartú.

(117) Is as meascán de chréanna, iathchlocha, gaineamh, carbónáití agus caoilíní a dhéantar corp tíle ceirmí a tháirgeadh go príomha. Meiltear an meascán d'amhábhair agus é tirim nó fliuch. Meascán a mheiltear agus é fliuch, triomaítear tuilleadh le sprae é chun an cion taise atá ann a laghdú. Measctar amhábhair mheilte go dtí go mbíonn raimhre taois acu. Cumtar tíleanna as an taos sin trí chomhdhlúthú tirim nó easbhrú. Déantar corp cumtha tíle a thriomú tuilleadh i dtriomadóirí cothrománacha nó ingearacha. Tar éis na céime sin, is féidir glónra a chur ar an gcorp. Ar deireadh, déantar na tíleanna a adhaint in áith. Trí chéim a bhíonn i gceist leis an bpróiseas adhainte: réamhthéamh, adhaint agus fuarú. Tar éis na hadhainte déantar cóireáil bhreise, amhail snasú nó coigeartú.

(118) Le caighdeán Eorpach EN 14411 lena bhforáiltear do shainmhínithe, aicmiú, saintréithe agus critéir marcála roinntear tíleanna ceirmeacha ina ngrúpaí de réir a ráta ionsúite uisce agus a bpróisis múnlaithe. Áirítear ar a saintréithe teicniúla a neart meicniúil agus a bhfriotaíocht in aghaidh scríobtha.

2.2. An táirge lena mbaineann

(119) Is é an táirge lena mbaineann an táirge faoi imscrúdú ar de thionscnamh na hIndia agus na Tuirce é ("an táirge lena mbaineann").

2.3. Táirge comhchosúil

(120) Leis an imscrúdú léiríodh go bhfuil na saintréithe bunúsacha, fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi imscrúdú a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh intíre na dtíortha lena mbaineann; agus

— an táirge faoi imscrúdú a tháirgtear agus a dhíoltar san Aontas ag tionscal an Aontais.

(121) Dá bhrí sin chinn an Coimisiún gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.4. **Éilimh maidir le raon táirge**

(122) Rinne roinnt táirgeoirí de chuid na hIndia agus a gcomhlachais, Comhairle na hIndia agus Comhlachais na hIndia roinnt mhaith maíomh a bhain le raon feidhme an táirge. D'iarr na páirtithe go n-eisiafaí tíleanna a luchtaítear faoi dhó, leaca móra, tíleanna speisialtachta (tíleanna atá an-lonrach, tíleanna spólta agus tíleanna a bhfuil dromchla gráinneach orthu) agus tíleanna a mhonaraítear le preas rolláin ón raon feidhme táirge den imscrúdú agus, i ndáil le tíleanna balla, nach bhfágfaí i raon feidhme an táirge a thuilleadh ach tíleanna a cuireadh faoi adhaint aon uair amháin. Le linn éisteacht a reáchtáil an Coimisiún tar éis dó na páirtithe a chur ar an eolas faoi nach bhforchuirfeadh sé bearta sealadacha, chuir táirgeoir onnmhairiúcháin amháin a iarraidh faoina bhráid an athuair go ndéanfaí leaca móra a eisiamh.

(123) D'áitigh Cónaidhm Eorpach na Monaróirí Tíleanna Ceirmeacha gur cheart sainmhíniú tíleanna ceirmeacha de réir chaighdeán idirnáisiúnta ISO13006:2018 a úsáid chun a chinneadh cibé an dtagann cineál ar leith de thíleanna ceirmeacha faoi raon feidhme an imscrúdaithe seo. Sainmhíníodh tíleanna ceirmeacha sa chaighdeán mar *"leaca tanaí a dhéantar as créanna agus/nó amhábhair neamhorgánacha eile, a úsáidtear go ginearálta mar chlúdach le haghaidh urláir agus ballaí, a mhúnlaítear de ghnáth trí (A) easbhrú nó (B) trí bhrú ag teocht an tseomra, ach arbh fhéidir iad a fhoirmiú trí phróisis eile (C) agus trí iad a thriomú ansin agus a adhaint ina dhiaidh sin ag teocht atá leordhóthanach chun na hairíonna a éilítear a fhorbairt"*. D'áitigh an gearánach go gcumhdaítear cineálacha éagsúla tíleanna ceirmeacha leis an sainmhíniú sin, cineálacha a bhfuil na saintréithe bunúsacha céanna idir fisiciúil, ceimiceach agus teicniúil acu agus a mbaintear an úsáid chéanna astu uile. I dáil le húsáid, d'áitigh CET go gceadaítear úsáidí seachas urláir agus ballaí a chlúdach de réir an tsainmhínithe.

(124) D'áitigh Comhairle agus Comhlachas na hIndia agus táirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndia gur cheart tíleanna ceirmeacha a bhfuil taobh amháin díobh 120cm ar fhad ar a laghad ("leaca móra") a eisiamh ó raon feidhme an táirge. Mhaígh na páirtithe gur monaraíodh leaca móra ag úsáid próisis táirgthe agus trealaimh neamhchosúla, gur bhain costas táirgthe, praghas, feidhm úsáide deiridh, neamhchosúla braistint tomhaltóirí agus paraiméadair theicniúla neamhchosúla leo, e.g. go raibh meáchan leice móire in aghaidh méadar cearnach níos mó ná meáchan gnáth-thíle. D'áitigh na páirtithe nár úsáideadh na leaca móra a bhí i gceist mar chlúdach le haghaidh urláir agus ballaí.

(125) I ndáil leis an bpróiseas táirgthe, d'áitigh roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin gur cheart tíleanna ceirmeacha a monaraíodh ag úsáid theicneolaíocht an phreasa rolláin a eisiamh. Mhínigh na páirtithe gur úsáideadh an teicneolaíocht sin chun tíleanna ceirmeacha a raibh toise mór acu a tháirgeadh. Tuigeadh, dá bhrí sin, gur iarr na páirtithe sin go n-eisiafaí leaca móra go héifeachtach freisin. Mhaígh táirgeoir onnmhairiúcháin amháin de chuid na hIndia, Lioli Ceramica Private Limited ("Lioli") freisin nach dtáirgeann cuideachtaí a mhonaraíonn leaca móra gnáth-thíleanna. Mhaígh sé freisin gur bhain na difríochtaí sa phróiseas táirgthe leis an meascán d'amhábhair a úsáideadh, an teocht níos airde ag ar adhnadh na leaca móra, eangach a bheith curtha ar chúl na leac mór agus an brú ag ar pacáladh na leaca móra.

(126) D'áitigh Lioli, thairis sin, go bhfuil saintréithe éagsúla fisiciúla, ceimiceacha agus teicniúla ag leaca móra, go mbaineann bealaí dáilte éagsúla leo, agus nach mbaineann iomaíochas leo agus nach bhfuil siad inmhalartaithe le gnáth-thíleanna. Tháirg an chuideachta sin leaca móra a úsáidtear go príomha le haghaidh cuntair oibre cistine nó daingneáin seomra folctha. Mhaígh an chuideachta gur féidir leaca den sórt sin a úsáid mar chlúdach urlár agus ballaí. Níorbh fhéidir gnáth-thíleanna a úsáid, áfach, mar chuntair oibre nó mar aonaid níocháin don seomra folctha. Dá réir sin ba ann d'easpa inmhalartachta agus iomaíochta le gnáth-thíleanna. De réir na cuideachta, díoladh leaca móra agus gnáth-thíleanna trí bhealaí díolacháin éagsúla – ní dhéanfadh siopaí a dhíolann cuntair oibre gnáth-thíleanna a thairiscint agus ní dhéanfadh gach siopa a tháirgeann gnáth-thíleanna cuntair oibre a dhíol freisin. I ndáil le saintréithe fisiceacha, léirigh an táirgeoir onnmhairiúcháin toisí agus tiús leac mór, a bhí níos mó ná iad siúd a bhaineann le gnáth-thíleanna; léirigh sé cuma éagsúil an dromchla tar éis plástráil le leaca móra seachas le gnáth-thíleanna; agus léirigh sé gur cuireadh eangach ar chúl na leac mór lena gcumasaítear a suiteáil. I ndáil le saintréithe ceimiceacha agus teicniúla, d'áitigh an chuideachta nach mór na leaca móra a thástáil toisc go mbeidís i dtadhall le bia; bhain níos lú ionsú uisce leo; agus friotaíocht níos mó in aghaidh scríobtha agus scrafa.

(127) I dteannta na n-argóintí a bhfuil tuairisc orthu in aithrisí (125) agus (126), d'áitigh táirgeoir onnmhairiúcháin na hIndia ag éisteacht gur gá caitheamh le stóráil agus láimhseáil na leac mór, le huirlisí gearrtha, le modhanna suiteála, le huirlisí agus le gairmithe bainteacha ar bhealach a bheadh éagsúil i gcomparáid le cás na dtíleanna beaga. Ar deireadh, mheabhraigh an páirtí leasmhar dó nach bhfuil aon fhianaise ann maidir le dumpáil i ndáil le leaca móra ón India.

(128) D'áitigh an gearánach go dtáirgtear leaca móra san Aontas i gcainníochtaí leordhóthanacha agus go mbeadh sé mícheart a thoimhdiú nach bhfuil leaca móra na hIndia inchomparáide le leaca arna dtáirgeadh ag tionscal an Aontais. I bhfíoras, ba iad táirgeoirí an Aontais a d'fhorbair leaca móra i gcéaduair agus a chuir ar an margadh iad. Níl tionchar ag méid tíle *per se* ar a shaintréithe ceimiceacha agus teicniúla. I bhfíoras, bhí comhdhéanamh ceimiceach leac mór poircealláin inchomparáide le tíleanna poircealláin eile. Níor cumhdaíodh saintréithe teicniúla amhail ionsú uisce, neart agus marthanacht sa sainmhíniú ar thíleanna ceirmeacha a sholáthraítear le ISO 13006:2018. Bhí ionsú uisce, áfach, ar cheann de na saintréithe lenar cinneadh cineálacha éagsúla tíleanna ceirmeacha – toisc an ráta ionsú uisce ag tíleanna poircealláin a bheith faoi bhun 0,5 %. Bhí ráta ionsú uisce tíle bige a bhí cosúil le hionsú uisce ag leac mór poircealláin. D'áitigh an gearánach freisin gur mícheart an moladh nár ghá ach leaca móra a thástáil toisc go mbeidís i dtadhall le bia. De réir CET, i ndáil le tíleanna poircealláin níos lú fós a úsáideadh i gcistineacha tionsclaíocha nó in áiseanna monaraíochta bia mar shampla, bhí gá le leibhéil chomhchosúla sláinteachais agus sábháilteachta. Ar deireadh, d'áitigh CET i ndáil leis an bpróiseas táirgthe, i.e. preas rolláin a úsáid le haghaidh leaca móra i gcomparáid le preas hiodrálach a úsáid le haghaidh gnáth-thíleanna, nár athraíodh saintréithe bunúsacha fisiciúla, ceimiceacha agus teicniúla an táirge deiridh.

(129) Deimhníodh leis an imscrúdú go dtáirgtear leaca móra san Aontas freisin. I bhfíoras, monaraíonn dhá cheann de tháirgeoirí sampláilte an Aontais leaca den sórt sin. Dá bhrí sin, bhí leaca móra a allmhairíodh ón India san iomaíocht le leaca arna dtáirgeadh ag tionscal an Aontais. Maidir leis sin, cumhdaíodh sna cineálach táirge a sainmhíniodh chun críocha an imscrúdaithe seo, as measc eile, saintréithe amhail toise an dromchla oibre agus ionsú uisce. Foráladh do chomparáid chothrom leis an sainmhíniú ar chineálacha táirge sin agus áirithíodh nár cuireadh leaca móra i gcomparáid le tíleanna ceirmeacha ag a raibh toisí níos lú. Áirithíodh tuilleadh, trí thoise an dromchla oibre a áireamh i gcinneadh na gcineálacha táirge go gcuirfear san áireamh aon difríochtaí sa chostas táirgthe ó thaobh na teicneolaíochtaí preasa rolláin agus preasa hiodrálaigh de. I ndáil leis an easpa fianaise i leith dumpála, mheas an Coimisiún go raibh fianaise leordhóthanach *prima facie* sa ghearán gur de thionscnamh na hIndia allmhairí dumpáilte an táirge lena mbaineann. Dá dheasca sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(130) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Lioli a n-iarraidh ar leaca móra a eisiamh, i.e. tíleanna a mhonaraítear trí phróiseas táirgthe an phreasa rolláin. Mheabhraigh an chuideachta go raibh céim bhreise ag baint le táirgeadh leac mór – eangach a chur leis an gcúl. Ina theannta sin, chuir an chuideachta isteach alt taighde inar cuireadh i láthair torthaí na tástála a rinneadh ar leaca móra. Léirigh an taighde *inter alia* go raibh ionsúchán uisce na leac mór faoi bhun 0,1 %.

(131) Thacaigh Rialtas na hIndia agus sé tháirgeoir onnmhairiúcháin déag de chuid na hIndia le heisiamh na leac mór chun comparáid chothrom a dhéanamh.

(132) D'athdhearbhaigh CET go raibh siad ina choinne agus a n-argóintí i gcoinne leaca móra a eisiamh ó raon feidhme an táirge.

(133) Mheabhraigh an Coimisiún go raibh saintréithe fisiciúla, ceimiceacha agus teicniúla ag leaca móra a bhí cosúil le cineálacha eile tíleanna ceirmeacha. Ina theannta sin, táirgeadh leaca móra san Aontas, agus san áireamh tháirg dhá tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais iad. Go deimhin, rinneadh an taighde a luaigh Lioli ar leaca móra arna dtáirgeadh ag trí mhonaróir san Iodáil agus sa Spáinn. Níor chruthaigh sé nach raibh leaca móra a táirgeadh san India inchomparáide le leaca móra a táirgeadh san Aontas. I ndáil leis sin, d'áirithigh an Coimisiún comparáid chothrom trí mhéid feidhmiúil na dtíleanna ceirmeacha a áireamh sa sainmhíniú ar chineálacha táirge. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún diúltú na hiarrata sin ar eisiamh.

(134) D'áitigh comhlachais agus táirgeoirí na hIndia gur cheart tíleanna a luchtaítear faoi dhó a eisiamh ó raon feidhme an táirge. Táirgeadh tíleanna a luchtaítear faoi dhó trí dhá shraith a chumasc le chéile. Bhí líocha sa tsraith uachtarach agus bhí sí thart ar 3 go 4 mm ar tiús. Ba ionann an tsraith íochtarach agus an corp bunaidh. De réir na bpáirtithe, tá tíleanna a luchtaíodh faoi dhó níos tibhe ná gnáth-thíleanna urláir, baineann cothabháil íseal leo, tá siad thar a bheith marthanach, ar ardcháilíocht agus á ndíol ar phraghsanna níos airde.

(135) I ndáil leis an maíomh seo, d'áitigh CET nár sholáthair na páirtithe aon ghnéithe lena dtabharfaí le fios nach bhfuil na saintréithe bunúsacha céanna, idir fisiciúil, ceimiceach agus teicniúil ag na tíleanna a luchtaíodh faoi dhó is atá ag tíleanna eile. Léirigh an gearánach freisin go dtagann tíleanna a luchtaíodh faoi dhó faoin sainmhíniú ar thíleanna ceirmeacha mar a sholáthraítear in ISO 13006:2018. Ar deireadh, chuir CET i dtábhacht, i ndáil le tiús, gur thug an

gearánach tuairisc ar an táirge mar*"sa raon idir tuairim is 3 mm le haghaidh roinnt tíleanna ceirmeacha clúdaithe ballaí agus 20 – 30 mm le haghaidh tíleanna easbhrúite agus ceirmeacha a úsáidtear le haghaidh urláir ardaithe nó urláir tiubha"* ([14]), agus dá réir sin áirítear tíleanna ceirmeacha de thiús níos mó sa raon feidhme táirge den ghearán.

(136) Diúltaíodh don mhaíomh. Rinneadh tíleanna ceirmeacha a luchtaíodh faoi dhó as na hamhábhair chéanna, úsáideadh na próisis táirgthe chéanna is a úsáidtear le haghaidh tíleanna ceirmeacha eile, agus dá réir sin is ionann saintréithe bunúsacha fisiciúla, ceimiceacha agus teicniúla na dtíleanna sin agus na saintréithe céanna i dtíleanna eile. Ag brath ar an úsáid deiridh, d'fhéadfadh tiús (agus critéir eile) a bheith éagsúlaithe, agus áiríodh na tíleanna ceirmeacha uile, gan beann ar a dtiús, i raon feidhme an imscrúdaithe mar a shainmhínítear san Fhógra Tionscnaimh. Níor tugadh údar cuí d'eisiamh leis an bhfíoras gur monaraíodh tíleanna trí dhá shraith de thíleanna a chumasc le chéile, rud a d'fhág go raibh siad níos tibhe ná formhór gnáth-thíleanna agus dá réir sin go raibh siad níos tréine agus níos marthanaí agus go raibh siad sainoiriúnach d'achair ar a mbíonn an trácht go tiubh. Bhí a n-úsáid deiridh, urláir a chlúdach, comhchosúil le húsáid deiridh tíleanna ceirmeacha eile, a raibh saintréithe comhchosúla acu agus a raibh siad inmhalartaithe leo, toisc go bhféadfadh custaiméir ceann amháin nó ceann eile díobh a roghnú.

(137) D'áitigh Comhairle agus Comhlachas na hIndia agus táirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndia freisin gur cheart tíleanna speisialta áirithe, amhail tíleanna an-lonrach, tíleanna ar thiús ard, tíleanna spólta agus tíleanna a bhfuil dromchla gráinneach orthu (dá ngairtear "slacht siúcra") a eisiamh ó raon feidhme an táirge toisc chostas a dtáirgthe agus a bpraghsanna díola dá éis a bheith níos airde nuair a gcuirtear i gcomparáid le tíleanna ceirmeacha eile iad. Ba í an chúis leis an difríocht sa chostas agus sa phraghas úsáid amhábhar breise. D'áitigh na páirtithe freisin go bhfuil saintréithe ag na tíleanna slachta siúcra atá neamhchosúil le tíleanna eile toisc go bhfolaíonn siad salachar go maith agus go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh sciorrtha. Ina theannta sin, tá próiseas monaraíochta slachta siúcra uathúil agus forbartha go maith, mar a mhaígh na táirgeoirí de chuid na hIndia.

(138) D'áitigh an gearánach go dtagann na tíleanna speisialta sin faoin sainmhíniú ar thíleanna ceirmeacha de réir ISO 13006.2018. Is é a ndearadh an difríocht phríomha idir na tíleanna speisialta agus tíleanna eile. Mar shampla, cuirtear an slacht siúcra i bhfeidhm tar éis do chorp na tíle a bheith táirgthe. Dá bhrí sin, níor athraíodh saintréithe bunúsacha fisiciúla, ceimiceacha agus teicniúla na dtíleanna mar gheall ar an dearadh speisialta. Thairis sin, bhí éifeacht imeallach ar chostas an táirgthe mar gheall ar amhábhar eile a chur isteach. Ar deireadh, táirgeann tionscal an Aontais na tíleanna speisialta sin freisin agus dá réir sin táirgtear in iomaíocht dhíreach le táirgeoirí an Aontais iad agus déantar dochar dóibh siúd leo. Is maith is eol do thionscal an Aontais an próiseas tairgthe agus áiríodh go sonrach sa ghearán é. ([15])

(139) Diúltaíodh don mhaíomh. Tá na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna ag tíleanna slachta siúcra is atá ag tíleanna eile. Níor sholáthair na páirtithe eile aon fhianaise dá mhalairt. Tá tíleanna slachta siúcra inmhalartaithe le tíleanna eile freisin; mar gheall ar a ndearadh speisialta d'fhéadfaí iad a dhéanamh an-oiriúnach go deo do roinnt úsáidí amhail, de thoradh a n-airíonna neamh-sciorrtha, mar urlárach cistine, ach tá na húsáidí sin comhchosúil le húsáidí tíleanna eile.

(140) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh sé tháirgeoir onnmhairiúcháin déag as an India a n-iarraidh ar thíleanna a bhfuil dromchla gráinneach orthu (i.e. tíleanna a bhfuil slacht siúcra orthu) a eisiamh bunaithe ar a maíomh nach raibh acmhainneacht táirgeachta leordhóthanach ann san Aontas le haghaidh tíleanna ceirmeacha lena leithéid de shlacht.

(141) Thug an Coimisiún dá aire nár sholáthair na cuideachtaí aon fhianaise maidir leis an acmhainneacht táirgeachta neamh-leordhóthanach a líomhnaítear atá ann san Aontas le haghaidh tíleanna a bhfuil slacht siúcra orthu. Diúltaíodh don mhaíomh.

(142) Ar deireadh, d'áitigh táirgeoirí na hIndia agus Comhairle agus Comhlachas na hIndia gur cheart raon feidhme an táirge a theorannú go tíleanna aon adhaint amháin a mhéid a bhaineann le tíleanna balla. Mhaígh na páirtithe gur táirge ardleibhéil iad tíleanna a adhantar faoi dhó a mbíonn amhábhair níos fearr agus costas níos airde táirgthe riachtanach ina leith.

(143) Luaigh an gearánach go dtagann tíleanna balla a adhantar faoi dhó faoin sainmhíniú ar thíleanna ceirmeacha de réir ISO 13006:2018. D'áitigh sé freisin nach bhfuil cáilíocht amhábhar ina cúis dhlisteanach le heisiamh. I gcodarsnacht leis sin, tá tíleanna balla a adhantar faoi dhó a tháirgeann táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na hIndia agus a onnmhairítear chuig an Aontas in iomaíocht dhíreach le tíleanna den sórt sin arna dtáirgeadh ag tionscal an Aontais agus dá réir sin tá sé riachtanach go bhfanfaidís sa raon feidhme táirge. Léirigh CET go monaraíonn táirgeoirí sampláilte an Aontais tíleanna balla monaraithe a adhantar faoi dhó.

([14]) Achoimre ar an nGearán, lch. 1.
([15]) Iarscríbhinní 5 agus 20 den Ghearán.

(144) Shuigh an Coimisiún nach raibh tíleanna balla a adhantar faoi dhó a tháirgeann na táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na hIndia neamhchosúil leo siúd a tháirgeann tionscal an Aontais ó thaobh a saintréithe bunúsacha fisiciúla, ceimiceacha, agus teicniúla de agus ó thaobh a n-úsáide de. Ina theannta sin, rinneadh idirdhealú idir tíleanna aon adhaint amháin agus tíleanna a adhantar faoi dhó sa sainmhíniú ar chineál an tairgthe, agus dá réir sin áirithíodh comparáid chothrom. Dá dheasca sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(145) I dteannta na n-eisiamh thuasluaite i ndáil le raon feidhme táirge, mhol na táirgeoirí de chuid na hIndia, lena n-áirítear dhá cheann de na cuideachtaí sampláilte, gur cheart a chur san áireamh sa sainmhíniú ar chineálacha táirge, chun críche comparáide cothroime, ionsú uisce, an próiseas monaraíochta, (preas rolláin nó preas hiodrálach, leithead, fad, tiús, cineál clúdaigh (glónraithe nó neamhghlónraithe), cineál glónra (lonrach, an-lonrach, neamhlonrach nó siúcra), slacht dromchla (snasta nó gan a bheith snasta).

(146) Thug an Coimisiún dá aire go raibh ionsú uisce, leithead agus fad de réir thoise an dromchla oibre, tiús, glónra agus snasú léirithe cheana sa sainmhíniú ar chineálacha táirge. Ós rud é gur úsáideadh an teicneolaíocht um phreas rolláin i monaraíocht leac mór, de bharr toise shaintréith an dromchla oibre, cumasaíodh deighilt a dhéanamh go hintuigthe idir an dá phróiseas táirgthe. Chuir an Coimisiún san áireamh dathú an choirp, coigeartú agus comhsheasmhacht le caighdeán cáilíochta coibhéiseach le ISO 13006:2018. Mheas an Coimisiún gur leordhóthanach na saintréithe sin chun an difríocht sna costais agus sna praghsanna i measc cineálacha éagsúla táirge a chumhdach agus dá réir sin iomaíocht chóir a áirithiú. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don athbhreithniú a moladh maidir le sainmhíniú na gcineálacha táirge.

(147) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Conor Group an maíomh dá dtagraítear faoi aithris (145), go háirithe trí áitiú gur mheas an Coimisiún go hearráideach nach ndearna an difríocht idir costphraghas agus praghas díola na dtáirgí idirdhealú ar an athrú i saintréith fhisiciúil na dtáirgí de chineál glónra. Níor tacaíodh le cinneadh an Choimisiúin gur leor na coigeartuithe le haghaidh na saintréithe fisiciúla chun na difríochtaí idir costais agus praghsanna i measc cineálacha éagsúla táirgí a léiriú agus ar an gcaoi sin comparáid chothrom a áirithiú, níor tacaíodh leis an gcinneadh sin leis na fíorais a chuir Conor Group i láthair ina n-aighneachtaí chuig an gCoimisiún. Dá bhrí sin, mhaígh sé nach bhfuil bonn cirt leis an diúltú don PCN atá molta do Conor Group agus go bhfuil sé ar neamhréir le hAirteagal 2(10)(a) den bhun-Rialachán.

(148) Diúltaíodh don mhaíomh. Ní fhéadfadh an Coimisiún a shuíomh, bunaithe ar chostas an táirgthe arna thuairisciú ag Conor Group, go raibh difríocht shuntasach chomhsheasmhach sna costais táirgthe le haghaidh táirgí "neamhlonrach", "snasta" nó "siúcra". Thairis sin, níor chomhthacaigh aon anailís bhreise tuilleadh leis an maíomh a d'athdhearbhaigh Conor Group, rud a thacódh leis. Ar chúiseanna rúndachta, níor seoladh sonraí breise maidir le réasúnaíocht an Choimisiúin maidir leis an bpointe sin ach chuig Conor Group.

(149) Tar éis an nochta deiridh, rinne Serapool Porselen, táirgeoir tíleanna ceirmeacha de chuid na Tuirce, fiosrú faoin sainmhíniú ar raon feidhme an táirge agus mhaígh sé gur cheart tíleanna linnte snámha a eisiamh. Mhaígh an chuideachta go raibh ionsúchán uisce níos ísle ag tíleanna linnte (0,3 % — 0,5 %) ná tíleanna poircealláin eile (0,5 %), gur díoladh iad ar ordú do chustaiméirí a dhéanann cinntí bunaithe ar cháilíocht agus ar dhearadh thar phraghas, trí bhealaí dáileacháin éagsúla (e.g. teagmháil dhíreach leis an gcustaiméir gan rannpháirtíocht mórdhíoltóirí), agus go raibh airíonna speisialta acu (cumhdach baictéir a chosc, neart agus marthanacht níos fearr).

(150) Thug an Coimisiún dá aire, mar a shonraítear i roinn 2 den Fhógra Tionscnaimh, gurbh é an spriocdháta chun faisnéis a chur isteach maidir le raon feidhme an táirge, lena n-áirítear aon iarrataí ar eisiamh, 10 lá tar éis thionscnamh an imeachta, i.e. an 23 Nollaig 2021. Chuir Serapool Porselen a n-éileamh isteach an 9 Samhain 2022, i.e. 10 mí go leith tar éis an spriocdháta. Ag an gcéim sin den imscrúdú, ní raibh an Coimisiún in ann a mheas an raibh saintréithe ar leith ag tíleanna linnte snámha a thabharfadh údar le heisiamh ó raon feidhme an táirge. Mar sin féin, léiríodh san imscrúdú go raibh ionsúchán uisce de níos lú ná 0,5 % ag tíleanna poircealláin arna dtáirgeadh ag táirgeoirí sampláilte an Aontais. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí glacadh leis an argóint maidir leis na difríochtaí in ionsúchán uisce idir tíleanna linnte snámha agus tíleanna poircealláin eile. Thairis sin, dá ndéanfaí tíleanna a eisiamh bunaithe ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint astu seachas maoin nó saintréith ar leith, d'fhágfadh sin go bhféadfaí dul timpeall ar na bearta. Dá bhrí sin, shoiléirigh an Coimisiún gur cumhdaíodh tíleanna linnte snámha leis an imscrúdú agus dhiúltaigh sé don iarraidh go n-eisiafaí iad ó raon feidhme an táirge.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **An India**

3.1.1. *Gnáthluach*

(151) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús le fáil amach an raibh an méid iomlán díolachán intíre do gach táirgeoir onnmhairiúcháin a samplaíodh ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Is díolacháin ionadaíocha iad na díolacháin intíre má bhí méid díolachán intíre iomlán an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin comhionann le 5 % ar a laghad de mhéid a dhíolachán onnmhairí iomlán maidir leis an táirge lena mbaineann leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ar an mbonn sin, bhí na díolacháin iomlána a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin a samplaíodh maidir leis an táirge comhchosúil ar an margadh intíre ionadaíoch.

(152) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a díoladh ar bhonn intíre agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairiú leis an Aontas. Chuige sin, d'eisiaigh an Coimisiún idirbhearta cáilíochta fophríomha ó na díolacháin intíre a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar an ngnáthluach. Le linn an phróisis táirgthe, tar éis rialú cáilíochta amhairc agus maidir le tíleanna ceirmeacha nach bhfuil foirfe ó thaobh cáilíochta de, measann na táirgeoirí onnmhairiúcháin gur tíleanna ceirmeacha "fophríomha" iad. Díoltar na tíleanna fochaighdeánacha sin ar an margadh intíre ar lascainí suntasacha, cé nach ndíoltar ach tíleanna príomhcháilíochta leis an Aontas. Chun comparáid chóir a dhéanamh leis an bpraghas don Aontas, níor áiríodh ach díolacháin tíleanna príomhcháilíochta ar an margadh intíre i ríomh an ghnáthluacha. Dhíol na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte uile tíleanna cáilíochta fophríomha ar an margadh baile, cé gur dhíol siad tíleanna príomhcháilíochta amháin lena n-onnmhairiú go dtí an tAontas.

(153) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Conor Group ina leith sin gur chinn an Coimisiún *suo moto* cáilíocht an táirge a chur leis mar pharaiméadar comparáide, gan é a mheas mar shaintréith PCN ag céim ar bith den imeacht. Dá bhrí sin, chuirfí cur i bhfeidhm mhodheolaíocht PCN ag an gCoimisiún ó bhail toisc gur diúltaíodh do na hathruithe ar PCN a mhol Conor Group (féach roinn 2.4 thuas), cé gur ionchorpraíodh saintréith fhisiciúil nár mhol aon pháirtí leasmhar sa mhodheolaíocht chun comparáid a dhéanamh faoi Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán.

(154) B'éigean an maíomh seo a dhiúltú. Ní bhfuair an Coimisiún amach ach le linn na bhfíoruithe san India gur díoladh díolacháin de cháilíocht fhophríomha i gcainníochtaí nach raibh neamhshuntasach ar an margadh intíre, cé nár onnmhairíodh tíleanna den sórt sin. Trí chigireacht súl, d'fhéadfadh oifigigh an Choimisiúin ar an láthair san India a bhunú go raibh tíleanna fophríomha ar chaighdeán a bhí go soiléir níos ísle ná mar a bhí tíleanna príomha. Bhí praghsanna a sonrascadh le haghaidh díolacháin den sórt sin níos ísle ar an iomlán ná na praghsanna le haghaidh dhíolacháin phríomhcháilíochta na gcineálacha táirgí comhfhreagracha. Ar na sonraisc díolacháin intíre, d'fhéadfaí na díolacháin sin a shainaithint go soiléir. Dá gcoinneofaí na díolacháin fhophríomha sin sna díolacháin intíre a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an ngnáthluach, bheadh sé sin ag teacht salach ar chomparáid chothrom a dhéanamh idir na díolacháin sin agus táirgí comhchosúla.

(155) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin le fáil amach an raibh na díolacháin intíre a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte ar an margadh intíre le haghaidh gach cineáil táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá díolacháin intíre cineáil táirge ionadaíoch má bhí méid díolachán intíre iomlán an chineáil táirge sin le custaiméirí neamhspleácha le linn na tréimhse imscrúdaithe comhionann le 5 % ar a laghad de mhéid díolachán onnmhairí iomlán an chineáil táirge chomhionainn nó inchomparáide leis an Aontas. Shuigh an Coimisiún gur ionadaíoch iad na díolacháin intíre de chuid de na cineálacha táirge a díoladh. Níor díoladh roinnt cineálacha táirge i méideanna ionadaíocha ar an margadh intíre, i.e. i méideanna faoi bhun 5 % de mhéid iomlán díolachán onnmhairí an chineáil táirge chomhionainn nó inchomparáide leis an Aontas.

(156) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún an cion de dhíolacháin bhrabúsacha le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre le haghaidh gach cineáil táirge arna dhíol i méideanna ionadaíocha le linn na tréimhse imscrúdaithe chun a chinneadh ar cheart díolacháin intíre iarbhír a úsáid chun an gnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.

(157) Tá an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge, beag beann ar cibé acu atá na díolacháin sin brabúsach nó nach bhfuil, má:

(a) bhí méid díolachán an chineáil táirge, a díoladh ar phraghas glandíolachán a bhí comhionann leis an gcostas táirgeachta a ríomhadh nó níos mó ná sin, comhionann le breis agus 80 % de mhéid díolachán iomlán an chineáil táirge sin; agus

(b) tá meánphraghas díola ualaithe an chineáil táirge sin comhionann le costas aonaid na táirgeachta nó níos airde ná sin.

(158) Sa chás sin, is é an gnáthluach meánphraghsanna ualaithe dhíolacháin intíre uile an chineáil táirge sin le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(159) Is é an gnáthluach an praghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge a bhaineann le díolacháin intíre bhrabúsacha na gcineálacha táirgí sin, agus an méid sin amháin, le linn na tréimhse imscrúdaithe, má:

(a) tá méid díolachán brabúsach an chineáil táirge comhionann le 80 %, nó níos lú, de mhéid díolachán iomlán an chineáil sin: nó

(b) tá meánphraghas ualaithe an chineáil táirge sin faoi bhun chostas aonaid na táirgeachta.

(160) De réir na hanailíse ar na díolacháin intíre, ag brath ar an gcineál táirge a bhí i gceist, ba brabúsach iad idir 9 % agus 60 % de na díolacháin intíre go léir a bhí ag Conor Group, idir 0 % agus 100 % de na díolacháin intíre go léir a bhí ag Icon Group agus Lavish Group faoi seach agus go raibh an meánphraghas díola ualaithe, a fhad agus go raibh níos mó ná 5 % de dhíolachán intíre chineál an táirge faoi seach brabúsach, ní ba airde ná costas an táirgthe. Dá réir sin, ríomhadh an gnáthluach mar mheánphraghsanna ualaithe na ndíolachán intíre uile le linn na tréimhse imscrúdúcháin, sin nó mar meán ualaithe na ndíolachán brabúsach amháin.

(161) I gcás na gcineálacha táirgí inar lú meánphraghas díola ualaithe ná an costas táirgthe, ríomhadh an gnáthluach mar meán ualaithe dhíolacháin bhrabúsacha an chineáil táirge sin.

(162) I gcás nár díoladh aon cheann de chineálacha táirgí an táirge chomhchosúil sa ghnáthchúrsa trádála, sin nó nár díoladh cineál táirge i gcainníochtaí ionadaíocha ar an margadh intíre, ríomh an Coimisiún an gnáthluach i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus (6) den bhun-Rialachán.

(163) Ríomhadh an gnáthluach tríd an méid seo a leanas a chur leis an meánchostas táirgeachta ar tháirge comhchosúil gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte comhoibríocha le linn na tréimhse imscrúdaithe:

(a) na meánchostais díola, ghinearálta agus riaracháin ("SGA&A") ualaithe a thabhaigh gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte ar dhíolacháin bhaile an táirge chomhchosúil, i ngnáthchúrsa na trádála, le linn na tréimhse imscrúdaithe; agus

(b) an meánbhrabús ualaithe a rinne gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte ar dhíolacháin bhaile an táirge chomhchosúil, i ngnáthchúrsa na trádála, le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(164) Maidir leis na cineálacha táirge nár díoladh i gcainníochtaí ionadaíocha ar an margadh intíre, cuireadh na meánchostais DGR agus an meánbhrabús idirbheart a rinneadh i ngnáthchúrsa trádála ar an margadh intíre le haghaidh na gcineálacha sin leis sin. Maidir leis na cineálacha táirge nár díoladh in aon chor ar an margadh intíre, cuireadh na meánchostais DGR agus an meánbhrabús a bhain le gach idirbheart a rinneadh i ngnáthchúrsa trádála ar an margadh intíre leis sin.

3.1.2. *An praghas onnmhairiúcháin*

(165) D'onnmhairigh na grúpaí de tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chuig an Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha nó trí chuideachtaí gaolmhara san India.

(166) Ba é a bpraghas onnmhairiúcháin an praghas iarbhír a íocadh nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den Bhun-rialachán.

3.1.3. *Comparáid*

(167) Rinne an Coimisiún comparáid idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin ghrúpaí sampláilte na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais dhírigh ón monarcha.

(168) I gcás ina raibh údar leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, choigeartaigh an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin le haghaidh difríochtaí lena ndéantar difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Coigeartuithe le haghaidh lasta, árachas, láimhseáil, costais chreidmheasa agus táillí bainc, dealaíodh iad ó phraghsanna díolachán intíre agus/nó onnmhairiúcháin i gcás ina ndearnadh tuairisciú orthu agus inar suíodh go raibh údar cuí leo. Diúltaíodh d'aon mhaíomh ar lamháltas le haghaidh costais chreidmheasa ar thaobh na ndíolachán intíre, toisc nach raibh sé soiléir ón sonrasc nó ón gconradh díolachán na coinníollacha íocaíochtaí a bhí i gceist.

(169) Dhíol na táirgeoirí sampláilte an táirge lena mbaineann go díreach nó trí tháirgeoirí/trádálaithe gaolmhara lena onnmhairiú chuig an Aontas. Sna cásanna deireanacha, i.e. i gcás inar trí tháirgeoirí/trádálaithe a rinneadh na díolacháin, rinneadh praghsanna na n-idirbheart sin a choigeartú chun an corrlach brabúis a bhain na táirgeoirí/trádálaithe gaolmhara amach a chur san áireamh de bhun Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán. Maidir leis na hidirbhearta trádála sin, ríomh an Coimisiún aon chorrlach brabúis ualaithe meánach amháin a bhí de thoradh na difríochta idir praghsanna a bhain le ceannacháin ó sholáthróirí neamhghaolmhara san India agus an praghas athdhíola dá éis do chustaiméirí neamhspleácha san Aontas. Roghnaigh an Coimisiún aon chorrlach brabúis ualaithe meánach amháin le haghaidh thrádálaithe na dtrí ghrúpa shampláilte uile chun a áirithiú go mbeadh méideanna sa chothromóid ionadaíoch den chuid is mó agus go n-áiritheofaí toradh iontaofa mar gheall orthu. Rinneadh coigeartú iomchuí ar an gcorrlach brabúis sin chun comhaireamh dúbailte lamháltas a tugadh cheana a eisiamh agus mhéid glan na lamháltas sin arna ndealú ó phraghas onnmhairiúcháin de chuid na dtrádálaithe gaolmhara sin. Chun rúndacht a áirithiú soláthraíodh mionsonraí breise den choigeartú mar chuid den nochtadh cuideachta-shonrach.

(170) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Lavish Group gur cheart an coigeartú marcála suas de bhun Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán a bhunú ar an gcoimisiún iarbhír a d'íoc Lavish Group le haghaidh díolacháin onnmhairiúcháin chuig an Aontas le gníomhaire neamhghaolmhar as feidhmeanna gníomhaire a chur i gcrích ar bhonn coimisiúin, ós rud é go raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún an mharcáil suas a dhiúltú ó idirbhearta le páirtithe gaolmhara toisc nár measadh iad a bheith ar neamhthuilleamaí.

(171) B'éigean an maíomh sin a dhiúltú. Ba iad na hidirbhearta a bhí i gceist onnmhairí an táirge lena mbaineann a ceannaíodh ó tháirgeoirí gaolmhara laistigh de Lavish Group. Tá na hidirbhearta sin cosúil le honnmhairí an táirge lena mbaineann a ceannaíodh ó sholáthróirí neamhghaolmhara san India. I gcásanna den sórt sin, faigheann an trádálaí onnmhairiúcháin marcáil suas de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán. Os a choinne sin, tá ioncaim ó choimisiúin, dá dtagraítear faoin dara fomhír d'Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán, faoi réir coinníollacha conarthacha sonracha. Murab ionann agus trádálaí, ní dhéanann gníomhaire atá ag obair ar bhonn coimisiún an táirge lena mbaineann a cheannach agus a athdhíol, ní dhéanann sé ach an t-idirbheart a shocrú idir díoltóir agus ceannaitheoir. Thairis sin, faoi chleachtas an Choimisiúin, ríomhadh coigeartuithe marcála suas go comhsheasmhach bunaithe ar an marcáil suas a fuair an trádálaí ábhartha, i.e. méid le haghaidh díolacháin, costais ghinearálta agus riaracháin móide brabús. Ós rud é go raibh an mharcáil suas reatha a rinneadh nuair a bhí an trádálaí onnmhairiúcháin a cheannaigh sé ó tháirgeoir gaolmhar neamhiontaofa i bhfianaise an chaidrimh idir na páirtithe lena mbaineann, bhí ar an gCoimisiún marcáil suas a léirigh coinníollacha maidir le fad ar neamhthuilleamaí a chur ina ionad, i.e. an mharcáil suas a gheobhadh trádálaí onnmhairiúcháin agus é ag ceannach ó sholáthróirí neamhghaolmhara san India.

(172) Mhaígh Conor Group agus Rialtas na hIndia go bhfuil an coigeartú uasmharcála ar an bpraghas onnmhairiúcháin ar neamhréir le hAirteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán. D'áitigh sé gur cuireadh i bhfeidhm an coigeartú ar an bpraghas onnmhairiúcháin mar gheall ar an marcáil suas a fuair trádálaí faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán gan a léiriú go raibh difríocht san inchomparáideacht praghsanna idir an margadh intíre agus an margadh onnmhairiúcháin mar thoradh ar ghníomhaíochtaí trádála laistigh de chuideachtaí gaolmhara (an tríú habairt d'Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán).

(173) Measadh go raibh an t-éileamh lochtach. Deimhníodh san imscrúdú gurb ann do mharcáil suas ar dhíolacháin onnmhairí cé nach raibh aon mharcáil suas le haghaidh díolacháin intíre ann, rud a chruthaigh difríocht san inchomparáideacht praghsanna de réir bhrí an tríú habairt d'Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar ghá í a fhritháireamh de bhun Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán.

(174) Thairis sin, d'áitigh Conor Group, agus an coigeartú á chur i bhfeidhm aige, nár iarr an Coimisiún faisnéis go sainráite air ná nár iarr sé a léiriú an raibh na praghsanna sin ar neamhthuilleamaí nó nach raibh (i.e. le léiriú an raibh na praghsanna iontaofa nó nach raibh). De réir Conor Group, léirigh an fhianaise ar fad ar an taifead go raibh gach idirbheart laistigh de Conor Group ar neamhthuilleamaí. I bhfianaise a bhfuil thuas, chinn sé nach raibh údar maith leis an marcáil suas a chur i bhfeidhm.

(175) Maidir leis an argóint sin, chinn an Coimisiún gur cheannaigh an trádálaí is tábhachtaí laistigh de Conor Group (i dtéarmaí mhéid iomlán na n-onnmhairí ón Aontas) an táirge lena mbaineann ó sholáthróirí gaolmhara ar phraghsanna [10 % go 15 %] atá níos mó ná na praghsanna ó sholáthróirí neamhghaolmhara. Thairis sin, an mharcáil suas a baineadh amach ar na tíleanna ceirmeacha a onnmhairítear chuig an Aontas tar éis é a cheannach ó sholáthróirí neamhghaolmhara, bhí sé breis agus dhá oiread níos mó ná an mharcáil suas a rinneadh ar na tíleanna ceirmeacha a onnmhairítear chuig an Aontas tar éis iad a cheannach ó sholáthróirí gaolmhara. Mheas an Coimisiún gur léirigh na difríochtaí praghais agus marcála suas sin nach ndearnadh idirbhearta idir páirtithe gaolmhara laistigh de Conor Group ar neamhthuilleamaí.

(176) Dúirt Conor Group freisin nach ndearna Concor International aon ghníomhaíochtaí sonracha seachas lóistíocht agus pacáil earraí críochnaithe toisc go ndearnadh na díolacháin go léir a chaibidliú agus a thabhairt chun críche do gach eintiteas laistigh Conor Group. Shoiléirigh an Coimisiún go ndeachaigh gníomhaíochtaí Concor International thar na gníomhaíochtaí a ndéantar cur síos orthu faoin maíomh seo. Ar chúiseanna rúndachta, is chuig Conor Group amháin a seoladh sonraí breise.

(177) Mheabhraigh Conor Group freisin gur iarr an Coimisiún faisnéis ar onnmhaireoirí trádála neamhghaolmhara i mí Aibreáin 2022. Ina dhiaidh sin, d'iarr an Coimisiún faisnéis maidir le costas ceannaigh gach díolacháin d'earraí trádáilte le linn an fhíoraithe ar an láthair. Iarradh an dá thacar sonraí gan an cuspóir ná an bealach a bhféadfadh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur san áireamh a shainaithint. In éagmais iarraidh nó soiléiriú den sórt sin, bhí easpa cruinnis san fhaisnéis a d'úsáid an Coimisiún ó aighneachtaí Conor Group agus ó pháirtithe leasmhara eile mar a léiríodh sna hearráidí cléireachais agus an luach marcála suas á ríomh ag an gCoimisiún. Dúirt Conor Group freisin gur cheart go ndéanfadh an Coimisiún anailís den sórt sin mar is gnách, i gcomhar le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Conor Group, agus mhínigh sé conas a bailíodh na sonraí ábhartha agus cén fáth. Dá bhrí sin, ní bheadh aon bhunús fíorasach ná dlí le cur i bhfeidhm na marcála ná le sárú ar cheart próisis chuí de chuid Conor Group.

(178) B'éigean an maíomh a dhiúltú. Níl sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún míniú a thabhairt *a priori* do pháirtithe a ndearnadh imscrúdú orthu, nó do pháirtithe eile óna lorgaíonn sé comhar, a n-iarrtar faisnéis áirithe ina leith, a fhíoraítear agus/nó a úsáidfear, ar choinníoll go n-urramaítear iarrataí rúndachta. Thairis sin, ní féidir leis an gCoimisiún a thuar, ag céim luath d'imeacht frithdhumpála lena n-áirítear an chéim ina ndéantar fíoruithe ar an láthair ag áitreabh táirgeoirí onnmhairiúcháin, cad chuige go díreach a n-úsáidfear gach tacar sonraí a bhaileofar. Is é atá mar chuspóir ag an bpróiseas chun sonraí a iarraidh, a bhailiú agus a fhíorú faisnéis a aimsiú. Déantar an anailís dhlíthiúil agus an measúnú dlíthiúil ina dhiaidh sin, lena n-áirítear a chinneadh cad chuige a n-úsáidfear na sonraí atá ar fáil. Tá an fhaisnéis uile ar ar bhunaigh sé a thorthaí nochta ag an gCoimisiún, ag tabhairt údar cuí agus ag tabhairt na gcúiseanna atá leis sin agus ag tabhairt deis do pháirtithe barúlacha a thabhairt maidir leis na torthaí go léir. Dá bhrí sin, tá a chuid oibleagáidí comhlíonta aige i dtéarmaí trédhearcachta, réasúnaíochta agus cearta cosanta.

(179) Mhaígh Conor Group freisin, dá mba rud é gur cuireadh an coigeartú ar an bpraghas onnmhairiúcháin mar gheall ar an marcáil suas a fuair trádálaí faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán i bhfeidhm ar a dhíolacháin, gur cheart é a ríomh bunaithe ar an marcáil suas iarbhír a thuill trádálaithe trádála neamhghaolmhara a cheannaíonn ó Conor Group agus a athdhíolann le haghaidh onnmhairithe, nó an meánbhrabús a thuill cuideachtaí trádála san India le haghaidh tíleanna ceirmeacha, nó meánbhrabús an dá mhodh sin ar an meán. Le haon cheann de na modhanna sin, d'áiritheofaí go mbeadh an mheánmharcáil ualaithe aonair "ionadaíoch den chuid is mó" agus "iontaofa" bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil ar thaifead an imscrúdaithe sin leis an gCoimisiún. Dúirt Conor Group freisin nach bhfuil an úsáid a bhaintear as sonraí cuideachtaí sampláilte eile chun an corrlach dumpála le haghaidh Conor Group a ríomh comhsheasmhach le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán.

(180) Diúltaíodh don mhaíomh. Ba iad na hidirbhearta a bhí faoi réir chur i bhfeidhm an choigeartaithe marcála suas sin onnmhairí a rinne trádálaithe/táirgeoirí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a cheannaigh an táirge lena mbaineann ó sholáthróirí gaolmhara. Mar a luaitear in aithris (175), ní fhéadfadh an Coimisiún an mharcáil suas a rinneadh ar na hidirbhearta sin a úsáid mar bhonn don choigeartú faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán toisc gur bhain an gaol idir na páirtithe lena mbaineann leis. Ar ndóigh, ba é an mharcáil suas a rinne na táirgeoirí onnmhairiúcháin céanna agus an táirge lena mbaineann á cheannach acu ó sholáthróirí neamhghaolmhara, ba é sin an t-ionadaí ba ghaire a bhí ar fáil le cur in ionad an chéad mharcáil suas. Os a choinne sin, is páirtithe nach cuid de ghrúpaí sampláilte na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin iad a bhain na corrlaigh a mhol Conor Group amach.

(181) Maidir leis an argóint go raibh úsáid sonraí cuideachtaí sampláilte eile chun an corrlach dumpála a ríomh le haghaidh Conor Group ag sárú an bhun-Rialacháin, shoiléirigh an Coimisiún go bhforáiltear go deimhin leis an mbun-Rialachán do chásanna ina n-úsáidtear sonraí páirtithe eile ar mhaithe le corrlach dumpála is infheidhme maidir le táirgeoirí onnmhairiúcháin aonair a ríomh. Is amhlaidh atá, mar shampla, nuair a dhéantar praghas onnmhairiúcháin a choigeartú faoi Airteagal 2(9), ag baint úsáid as corrlach brabúis arna réadú ag allmhaireoirí neamhghaolmhara san Aontas. Maidir leis an gcás reatha, d'athdhearbhaigh an Coimisiún gur áirithíodh le ríomh na meánmharcála ualaithe bunaithe ar idirbhearta a rinne na trí ghrúpa sampláilte go gcuirfí coigeartú atá ionadaíoch go forleathan i bhfeidhm faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán.

(182) Thug Conor Group dá aire freisin, agus an méid don choigeartú á ríomh, gur cheart don Choimisiún cuimhneamh ar dhá bhrí foclóra a bhaineann leis an bhfocal "marcáil suas", is iad sin, ar an gcéad dul síos, "méid a chuirtear leis an gcostphraghas chun an praghas díola a chinneadh, go ginearálta: brabús", agus, ar an dara dul síos, "méadú ar an bpraghas atá ar rud, mar shampla an difríocht idir a chostas agus an praghas ar a bhfuil sé a dhíol." D'áitigh sé gurb é luach na marcála suas, sa dá chás, an chomparáid idir costphraghas agus praghas díola as a n-eascraíonn an brabús. Mar fhreagra, mheabhraigh an Coimisiún gurb é atá i gceist le marcáil suas, faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán, agus aird chuí á tabhairt ar an dlí-eolaíocht is infheidhme, méid le haghaidh costais díola, costais ghinearálta agus costais riaracháin agus brabúis, nach ionann é agus na sainmhínithe ciclipéideacha molta.

(183) Líomhain Conor Group freisin go raibh earráidí cléireachais i ríomh na marcála suas. Go sonrach, d'áitigh Conor Group, dá mbeadh aisghabháil na gcostas pacála ón gcustaiméir san áireamh sa luach díolacháin, ach gan an méid sin a bheith san áireamh sa chostas ceannaigh, gurbh ionann é agus comhaireamh dúbailte mhéid an chostais pacála sna lamháltais ar dtús, gur áiríodh an costas pacála sa liúntas le haghaidh na marcála suas agus, ar an dara dul síos, go ndearnadh an costas pacála féin a choigeartú arís ón bpraghas onnmhairiúcháin i ríomh iomlán na lamháltas ag an gCoimisiún.

(184) Ina theannta sin, mhaígh Conor Group gur cheart costas iomlán na gcostas ginearálta agus riaracháin agus na gcostas airgeadais a chur leis an gcostas sula gcuirfí é i gcomparáid leis an luach díolacháin, agus gur chuir an Coimisiún leis an gcéatadán uasmharcála aisíocaíocht na ndleachtanna a measadh a gheobhadh onnmhaireoirí. Dá leanfadh an Coimisiún den chuid bhreise sin a chur i bhfeidhm, ba cheart go gceadófaí leis freisin coigeartú a dhéanamh ar an ngnáthluach don liúntas a éilítear ar mhuirir ar allmhairí agus ar chánacha indíreacha.

(185) Dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin. Ar an gcéad dul síos, maidir leis an éileamh go ndéanfaí costais phacála a asbhaint faoi dhó ón bpraghas onnmhairiúcháin, thug an Coimisiún dá aire nár thug Conor Group bunús lena éileamh, mar nár léirigh sé riamh méid aon chostas pacála a áiríodh i gcostais cheannaigh iomlána na tíleanna i gceist, gan trácht ar na costais sin a chainníochtú. Thairis sin, dheimhnigh an Coimisiún nach raibh aon chomhaireamh dúbailte ar chostais phacála sna sonraí atá ar comhad, mar ba chosúil go raibh Conor Group ag tabhairt le fios. Níos tábhachtaí fós, tá locht bunúsach ar an maíomh maidir le coincheap na marcála suas de réir bhrí Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán. Is ionann an mharcáil suas agus an difríocht idir an praghas ceannaigh iomlán a íocadh (gan beann ar na costais, amhail costais phacála, a d'fhéadfadh a bheith tabhaithe ag an soláthróir) agus an t-ioncam iomlán ó dhíolacháin arna réadú ag an trádálaí féin. I bhfocail eile, is éard atá sa mharcáil suas costais díola, costais ghinearálta agus riaracháin agus costais airgeadais agus brabús, móide aon ioncam sonrach eile a fhaightear ó na díolacháin onnmhairiúcháin atá i gceist. Chun na heilimintí sin go léir a chur san áireamh, is iomchuí an cur chuige atá ag an gCoimisiún úsáid a bhaint as an gcorrlach comhlán idir praghsanna ceannaigh arna sonrasc ag soláthróirí neamhghaolmhara agus na praghsanna athdhíola le custaiméirí neamhspleácha, is iomchuí an cur chuige sin fad nach n-áirítear leis an gcoigeartú a thiocfaidh as sin aon choigeartuithe eile arna ndéanamh faoi Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Ar an gcúis sin, diúltaíodh ar an gcaoi chéanna d'éileamh Conor Group maidir le costais ghinearálta agus riaracháin agus costais airgeadais a áireamh go héagórach sa mharcáil suas a cuireadh i bhfeidhm faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán. Ar an tríú dul síos, mheabhraigh an Coimisiún go méadaíonn aisíocaíocht na ndleachtanna a fuair na honnmhaireoirí go héifeachtach an t-ioncam a réadaíodh ó na díolacháin onnmhairiúcháin atá i gceist. Os a choinne sin, níl na díolacháin intíre faoi réir aon aisíocaíochta den sórt sin. Dá bhrí sin, ba lochtach coigeartú a chur i bhfeidhm ar an ngnáthluach le haghaidh na n-aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin a fhaightear.

(186) D'aithin Conor Group freisin maidir leis an bhfoirmle a úsáideann an Coimisiún chun an liúntas iomlán a ríomh i ndíolacháin onnmhairiúcháin Concor International, go ndearnadh "Muirir Imréitigh agus Seolta Lasta" a áireamh faoi dhó toisc gur áiríodh cheana féin iad san fhoirmle chun "costais luchtaithe agus choimhdeacha a láimhseáil ag an áitreabh sa tír is onnmhaireoir" a ríomh i liostú an díolacháin onnmhairiúcháin. Ghlac an Coimisiún leis an maíomh sin agus, dá bhrí sin, cheartaigh sé an earráid chléireachais a sainaithníodh i bhfabhar tháirgeoirí onnmhairiúcháin Conor Group.

(187) De bhun an nochta deiridh, mhaígh Icon Group nár cheart don Choimisiún an mharcáil suas a asbhaint ó dhíolacháin onnmhairiúcháin indíreacha an Icon Group leis an Aontas de bhun Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán toisc gur Eintiteas Eacnamaíoch Aonair ("SEE") iad táirgeoirí gaolmhara agus trádálaithe Icon Group ([16]).

(188) Sa chomhthéacs sin, líomhain Icon Group go roinneann na táirgeoirí laistigh de Icon Group eagraíocht aonadach de ghnéithe pearsanta, inláimhsithe agus doláimhsithe, soláthar agus fios gnó tionscail eatarthu féin chun branda Icon d'ardchaighdeán a sholáthar agus tá leas foirmiúil pearsanta acu i rath eacnamaíoch a gcuideachtaí gaolmhara. Ina theannta sin, de réir Icon Group, comhroinneann sé catalóg táirgí amháin agus tá suíomh gréasáin amháin aige, ar a dtugtar "Icon World of Tile", a thagraíonn don "chuideachta". Tá pointe teagmhála amháin ag an suíomh gréasáin sin le haghaidh orduithe do chustaiméirí.

(189) Tharraing Icon Group aird ar bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais in Matsushita Electric Industrial, ina sloinntear "[nach] féidir le deighilt na ngníomhaíochtaí táirgthe agus na ngníomhaíochtaí díolacháin laistigh de ghrúpa ina bhfuil cuideachtaí atá leithleach go dlíthiúila a athrú gur SEE iad na cuideachtaí sin a eagraíonn ar an mbealach sin gníomhaíochtaí a dhéantar i gcásanna eile le haon eintiteas amháin freisin ó thaobh an dlí de." ([17])

(190) Diúltaíodh don mhaíomh ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin laistigh de Icon Group go measfaí gur SEE atá ann. Ar chúiseanna rúndachta, is chuig Icon Group amháin a seoladh sonraí maidir leis an measúnú sin.

(191) Mhaígh Icon Group freisin nár thug an Coimisiún aon fhianaise ar aird maidir leis an bhfáth ar mheas sé, "maidir le hidirbhearta indíreacha, gur ghníomhaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin gaolmhara mar thrádálaithe a raibh a bhfeidhmeanna cosúil le feidhmeanna gníomhaire a bhí ag obair ar bhonn coimisiúin."

(192) Mheas an Coimisiún gur éileamh gan bhunús a bhí ann sin. Tá sé neamhchonspóidithe go ndearnadh na hidirbhearta ábhartha in dhá chéim, ar an gcéad dul síos, cheannaigh trádálaí/táirgeoir laistigh de Icon Group an táirge lena mbaineann ó tháirgeoir gaolmhar, agus ar an dara dul síos d'onnmhairigh an trádálaí/táirgeoir céanna an táirge lena mbaineann a ceannaíodh amhlaidh chuig an Aontas. Dá bhrí sin, tá fianaise ann gurb é an trádálaí/táirgeoir atá i gceist in Icon Group a dhéanann gníomhaíochtaí an trádálaí.

(193) Mar mhalairt air sin, chuir Icon Group in iúl gur cheart caitheamh go cothrom le díolacháin intíre agus onnmhairí, rud a chiallaíonn gur cheart marcáil suas a chur i bhfeidhm freisin ar dhíolacháin intíre indíreacha an Ghrúpa.

(194) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh toisc go raibh difríocht idir na conarthaí díolacháin intíre agus na conarthaí díolacháin onnmhairiúcháin de réir cineál. Ar chúiseanna rúndachta, is chuig Icon Group amháin a seoladh sonraí maidir leis an measúnú sin.

(195) D'éiligh grúpa amháin de tháirgeoirí onnmhairiúcháin coigeartuithe ar ghnáthluach agus ar phraghas onnmhairiúcháin le haghaidh costais chreidmheasa fardail, i.e. costas teoiriciúil airgeadais earraí sa stoc, faoi Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán. Diúltaíodh don éileamh sin, toisc nárbh fhéidir bunús a chur leis go raibh éifeacht ag an difríocht ama, a raibh earraí suite sa stoc lena linn, ar inchomparáideacht praghais.

(196) D'éiligh an grúpa céanna de tháirgeoirí onnmhairiúcháin coigeartú freisin a bhain le costais fógraíochta, faoi Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán, arb iad costais maidir le cláir fógraí a shocrú gar do Morbi/Gujarat, suíomh an táirgthe, ar costais iad a tabhaíodh le haghaidh díolacháin ar an margadh intíre. Ní raibh an grúpa in ann an coigeartú sin a chainníochtú ná ní raibh sé in ann a thaispeáint go mbeadh éifeacht aige ar inchomparáideacht praghais. Diúltaíodh don mhaíomh dá bhrí sin.

(197) Ar deireadh, d'éiligh na cuideachtaí sampláilte uile coigeartuithe ar an ngnáthluach faoi Airteagal 2(10)(b) den bhun-Rialachán maidir le muirir líomhnaithe ar allmhairí agus cánacha indíreacha. Léiríodh leis an imscrúdú áfach go raibh an mhaíomh gan bhunús. Go deimhin, fuair na honnmhaireoirí sampláilte, faoi dhá scéim (Fógra Uimh. 07/2020-CUSTOMS (N.T.) agus an Scéim um Loghadh Dleachtanna agus Cánacha ar Tháirgí Onnmhairithe (RODTEP)) aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin arbh fhiú iad agus 2% den luach ar an sonrasc onnmhairiúcháin, gan beann ar cibé ar íocadh aon dleacht allmhairithe nó cánacha neamhdhíreacha as na hamhábhair a bhí ionchorpraithe sna tíleanna

([16]) Rinne Icon Group tagairt do C-468/15 P, PT Musim Mas v Council, EU:C:2016:803, mír. 39; agus C-468/15 P, PT Musim Mas v Council, EU:C:2016:803, mír. 42; Cás T-716/19, Interpipe Niko Tube and Interpipe Nizhnedneprovsky Tube Rolling Plant v Commission, ECLI:AE:T:2021:457, mír.133.

([17]) C-104/90, Matsushita Electric Industrial v Council, EU:C:1993:837, mír. 9

onnmhairithe. Deonaíodh na haisíocaíochtaí ar chruthúnas gur onnmhairíodh na hearraí agus air sin amháin. Diúltaíodh do na maímh sin, toisc nárbh fhéidir na haisíocaíochtaí onnmhairiúcháin iarbhír a nascadh le haon mhéideanna a chomhfhreagair d'aon mhuirir ar allmhairí nó cánacha indíreacha a gearradh ar an táirge comhchosúil agus ar ábhair atá corpraithe go fisiciúil ann, de réir mar a fhoráiltear dó sin in Airteagal 2(10)(b) den bhun-Rialachán.

3.1.4. *Corrlaigh dhumpála*

(198) Maidir leis na grúpaí de tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe ar chineál comhfhreagrach an táirge lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(199) Chuige sin, maidir le táirgeoirí onnmhairiúcháin uile laistigh de ghrúpa, tá corrlach dumpála sonrach ríofa ar bhonn na modheolaíochta a leagtar síos thuas. Dá bhrí sin, ríomhadh meánchorrlach dumpála ualaithe don ghrúpa ar fad.

(200) Sa nochtadh deiridh a bhaineann go sonrach leis an gcuideachta an 28 Deireadh Fómhair 2022, nocht an Coimisiún do dhá cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, Conor Group agus Icon Group, go raibh sé iomchuí na praghsanna CAL a sholáthair siad a athríomh agus sonraí iompair á n-úsáid acu ó bhunachar sonraí IHS Markit Global Trade Atlas™. Tar éis an nochta deiridh, mhaígh an dá pháirtí gur cheart don Choimisiún faisnéis níos mionsonraithe a sholáthar faoin bhfáth nár ghlac an Coimisiún lena bpraghsanna CAL tuairiscithe agus gur shuigh sé praghsanna CAL ar bhonn malartach. Tar éis don Choimisiún an míniú breise sin a sholáthar trí Nóta a ghabhann leis an gcomhad, mhaígh siad, *inter alia*, gur ghá ceann de na tacair sonraí a d'úsáid an Coimisiún a choigeartú. D'aontaigh an Coimisiún go raibh na sonraí bunúsacha a d'úsáid sé míchruinn agus rinne sé athbhreithniú ar na ríomhanna dá réir.

(201) Tar éis an nochta deiridh, tharraing Conor Group aird ar mhíchruinneas ina ríomh dumpála toisc go ndearna an Coimisiún an liúntas le haghaidh costais lóistíochta áirithe a rinneadh lena dhíolacháin leis an Aontas a chomhaireamh faoi dhó. Glacadh leis an maíomh agus athraíodh an ríomh dá réir sin.

(202) Is mar a leanas atá na corrlaigh dumpála chinntitheacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach
Conor Group	8,7 %
Icon Group	6,7 %
Lavish Group	0 %

(203) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, bunaíodh an corrlach sin ar bhonn chorrlaigh an dá ghrúpa shampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin arbh fhéidir corrlach dumpála a shuí ina leith, agus neamhaird á tabhairt ar chorrlach an ghrúpa de tháirgeoirí onnmhairiúcháin ag a bhfuil corrlach dumpála nialais.

(204) Ar an mbonn sin, is é 7,3 % corrlach dumpála sealadach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríoch neamhshampláilte.

(205) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte as an India nár sholáthair an Coimisiún an mhodheolaíocht mhionsonraithe a d'úsáid an Coimisiún chun na corrlaigh a ríomh le haghaidh cuideachtaí sampláilte agus neamhshampláilte as an India. Bhí an maíomh sin nasctha le maímh chomhchosúla a rinne táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte as an India a bhí mar chuid de Conor Group agus de Lavish Group. Tugtar aghaidh ar na maímh sin faoi aithrisí (170) go (186).

(206) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile san India, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is ionann an leibhéal comhair agus méid onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh ina chion den mhéid allmhairí iomlán ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe, a suíodh ar bhonn staitisticí allmhairiúcháin o Eurostat (Comext).

(207) Sa chás seo, measadh go raibh leibhéal an chomhair ard toisc go raibh in onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha thart ar 84 % de na hallmhairí iomlána le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an mbonn sin, mheas an Coimisiún gur iomchuí an corrlach dumpála a shuí le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríoch ar leibhéal an ghrúpa chomhoibríoch shampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin ag a bhfuil an corrlach dumpála is airde.

(208) Is mar a leanas atá na corrlaigh dumpála chinntitheacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach
Conor Group	8,7 %
Icon Group	6,7 %
Lavish Group	0 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	7,3 %
Gach cuideachta eile	8,7 %

3.2. **An Tuirc**

3.2.1. *Airteagal 18 den bhun-Rialachán*

3.2.1.1. Bien & Qua Group

(209) I ndáil le Bien & Qua Group, le linn an imscrúdúcháin d'fhiosraigh an Coimisiún cineál an ghaoil idir na monaróirí agus na trádálaithe gaolmhara sa chuid de Bien & Qua Group atá sa Tuirc. Mar thoradh ar an bhfaisnéis a sholáthair na cuideachtaí agus a bhailigh an Coimisiún ó fhoinsí eile, chinn an Coimisiún gur theip ar an ngrúpa an fhaisnéis riachtanach a chur ar fáil a bhain le socruithe conarthacha i scríbhinn.

(210) Chuir an Coimisiún in iúl don chuideachta go raibh sé ar intinn aige Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis nár chuir sí ar fáil.

(211) Níor athraíodh conclúid an Choimisiúin de bharr na míniúchán a sholáthair Bien & Qua Group tar éis litir Airteagal 18 a fháil nár sholáthair an grúpa an fhaisnéis riachtanach a bhain le socruithe conarthacha i scríbhinn.

(212) Dá thoradh sin, dheimhnigh an Coimisiún cur i bhfeidhm Airteagal 18 den bhun-Rialachán.

3.2.1.2. Hitit Group

(213) An 21 Samhain 2022, d'iarr Hitit Group ar an gCoimisiún neamhaird a dhéanamh den fhaisnéis a soláthraíodh ina fhreagairt ar an gceistneoir toisc go gcuirfeadh na hearráidí sa fhreagra sin cosc ar an gCoimisiún "toradh atá réasúnta cruinn" a ríomh de réir bhrí Airteagal 18(3) den bhun-Rialachán, agus caitheamh le Hitit Group mar tháirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch neamhshampláilte, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé faoi réir an mheánleibhéil dleachta shamplaigh. San aighneacht sin, mhol sé roinnt ceartúchán ar a fhreagairt agus chuir sé ríomh malartach dumpála ar fáil ina raibh na ceartúcháin déanta. An 7 Nollaig 2022, d'athdhearbhaigh an páirtí a iarraidh ar Airteagal 18 a chur i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis a soláthraíodh agus a fíoraíodh agus thacaigh Rialtas na Tuirce leis an iarraidh.

(214) Mar ábhar tairsí, mheabhraigh an Coimisiún go ndearnadh ríomh an chorrlaigh dumpála athbhreithnithe tar éis an nochta deiridh agus go ndearnadh an iarraidh ar Airteagal 18 a chur i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis a soláthraíodh agus a fíoraíodh in am trátha tráth nach raibh an Coimisiún in ann sonraí nua a fhíorú agus a mheas dá bhrí sin. Ar an gcúis sin agus ar an gcúis sin amháin, ba cheart diúltú don iarraidh agus do na mínithe agus na sonraí nua a chuir Hitit Group ar fáil. Chinn an Coimisiún nach raibh an fhaisnéis a chuir Hitit Group isteach le linn an imscrúdaithe chomh heasnamhach sin go raibh deacracht mhíchuí ann teacht ar thoradh réasúnta cruinn. Cuireadh an t-eolas isteach in am trátha agus fíoraíodh í le linn cuairt fíorúcháin. Dá bhrí sin, fiú mura raibh an fhaisnéis oiriúnach ar gach bealach, níor tugadh neamhaird uirthi i gcomhréir le hAirteagal 18(3) den bhun-Rialachán.

(215) Ar mhaithe le hiomláine agus gan dochar don mhéid thuas, thug an Coimisiún dá aire gur chuir Hitit Group ríomh malartach dumpála i láthair, rud a bhí ag teacht salach ar a líomhain nach bhféadfaí corrlach dumpála do Hitit Group a chinneadh. Thairis sin, ba cheart diúltú don argóint a dhéanann Hitit Group ar bhonn Airteagal 18(3) den bhun-Rialachán toisc go bhfuil sé bunaithe ar léamh *a contrario* ar an bhforáil sin. Ceanglaítear le hAirteagal 18(3) ar an gCoimisiún an fhaisnéis a sholáthraítear a úsáid, mura gcomhlíontar coinníollacha áirithe. Ní cheanglaítear ar an gCoimisiún neamhaird a thabhairt ar na sonraí má mheasann an Coimisiún gurb iomchuí na sonraí sin ós rud é gurb í an chuideachta a sholáthair iad agus gur fhíoraigh an Coimisiún iad. Thug an Coimisiún dá aire freisin gur bhain na botúin líomhnaithe sa fhreagra ceistneora a mhaígh an páirtí go príomha le mí-aicmiú ar roinnt idirbheart faoi na PCNanna ábhartha le haghaidh cineálacha táirgí arb ionann iad agus sciar beag dá idirbhearta díolacháin AE amháin. Chuir an Coimisiún i bhfios go láidir gur ríomh sé corrlach dumpála Hitit Group ar an mbealach a chuirtear i láthair sna ranna thíos i bhfianaise tacair sonraí a tíolacadh agus a fíoraíodh go tráthúil. Bhí an deis ag an gcuideachta freisin barúlacha a thabhairt maidir leis an tuarascáil fíorúcháin. Ní dhearnadh aon líomhain in am faoi mhíchruinneas sna sonraí a sholáthair agus a fhíoraigh an Coimisiún. A luaithe a bheidh na sonraí is gá faighte ag an gCoimisiún, go mbeidh siad fíoraithe aige agus go measann sé go bhfuil sé iontaofa a ríomhanna dumpála a dhéanamh, beidh líomhaintí na cuideachta maidir le hearráidí sna sonraí bunúsacha gan údar agus ní féidir iad a fhíorú. Dá bhrí sin, ba cheart diúltú do na líomhaintí déanacha sin agus ba cheart na sonraí arna dtíolacadh agus arna bhfíorú ag an gCoimisiún a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18(3) den bhun-Rialachán. Ar chúiseanna rúndachta, níor nochtadh na cúiseanna mionsonraithe nach bhféadfaí maíomh Hitit Group dar dáta an 7 Nollaig 2022 a choinneáil ach amháin don pháirtí lena mbaineann.

3.2.2. *Gnáthluach*

(216) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús féachaint an raibh méid iomlán na ndíolachán baile i gcás gach táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch a sampláladh ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Is díolacháin ionadaíocha iad na díolacháin intíre má bhí méid díolachán intíre iomlán an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin comhionann le 5 % ar a laghad de mhéid a dhíolachán onnmhairí iomlán maidir leis an táirge lena mbaineann leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an mbonn sin, bhí na díolacháin iomlána a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin a samplaíodh maidir leis an táirge comhchosúil ar an margadh intíre ionadaíoch.

(217) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a díoladh ar bhonn intíre agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairiú leis an Aontas do na táirgeoirí onnmhairiúcháin le díolacháin intíre ionadaíocha. Chinn an Coimisiún gur dhíol táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte tíleanna príomhcháilíochta agus cáilíochta fophríomha ar an margadh intíre cé gur dhíol siad tíleanna príomhcháilíochta amháin go bunúsach lena n-onnmhairiú chuig an Aontas. Le linn an phróisis táirgthe, tar éis roinnt rialuithe cáilíochta a bheith déanta, measann na táirgeoirí onnmhairiúcháin gur tíleanna cáilíochta "fophríomha" iad tíleanna ceirmeacha nach bhfuil foirfe ó thaobh cáilíochta de. Díoladh na tíleanna fochaighdeánacha sin ar phraghsanna laghdaithe. Dá réir sin, chun comparáid chóir a dhéanamh leis an bpraghas don Aontas, níor mheas an Coimisiún ach díolacháin intíre tíleanna príomhcháilíochta le haghaidh ríomh an ghnáthluacha. Tar éis an nochta deiridh, d'iarr Hitit Group go n-áireofaí tíleanna fochaighdeánacha ina ríomhanna ar an bhforas go raibh na méideanna suntasach agus gurbh fhéidir coigeartuithe a dhéanamh maidir leis na difríochtaí idir táirgí fophríomha i gcoinne príomhcháilíochta. Dhiúltaigh an Coimisiún an iarraidh ó Hitit Group, in éagmais aon togra nithiúil maidir leis an gcaoi a bhféadfaí coigeartú den sórt sin a dhéanamh. Tar éis an nochta deiridh, d'iarr Hitit Group go n-áireofaí fochatagóir shonrach táirgí amháin ina ríomh dumpála, ar fochatagóir táirgí iad a mheas an Coimisiún a bheith de cháilíocht fhophríomha agus dá bhrí sin, i gcomhréir leis na breithnithe thuas, eisiata ón ríomh gnáthluach. Bhí an iarraidh bunaithe ar an bhforas go raibh méideanna díolacháin na catagóire táirgí sin suntasach agus gur bhain na táirgí sin le príomhtháirgí. Tar éis anailís chuí a dhéanamh ar na sonraí a chuir an chuideachta ar fáil, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh an fhochatagóir táirgí sin cáilithe mar phríomhtháirgí agus dá bhrí sin ghlac sé leis an iarraidh ó Hitit Group.

(218) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin le fáil amach an raibh na díolacháin intíre a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte ar an margadh intíre le haghaidh gach cineáil táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá díolacháin intíre cineáil táirge ionadaíoch má bhí méid díolachán intíre iomlán an chineáil táirge sin le custaiméirí neamhspleácha le linn na tréimhse imscrúdaithe comhionann le 5 % ar a laghad de mhéid díolachán onnmhairí iomlán an chineáil táirge chomhionainn nó inchomparáide leis an Aontas. Shuigh an Coimisiún gur ionadaíoch iad díolacháin intíre fhormhór na gcineálacha táirge. I gcás gach ceann de na trí honnmhaireoir, le haghaidh cineálacha táirge áirithe a onnmhairíodh chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, níorbh ann d'aon díolachán intíre, nó bhí díolacháin intíre an chineáil táirge sin faoi bhun 5 %, rud a d'fhág nach raibh siad ionadaíoch.

(219) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún an cion de dhíolacháin bhrabúsacha le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre le haghaidh gach cineáil táirge le linn na tréimhse imscrúdaithe chun a chinneadh ar cheart díolacháin intíre iarbhír a úsáid chun an gnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.

(220) Tá an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge, beag beann ar cibé acu atá na díolacháin sin brabúsach nó nach bhfuil, má:

(a) bhí méid díolachán an chineáil táirge, a díoladh ar phraghas glandíolachán a bhí comhionann leis an gcostas táirgeachta a ríomhadh nó níos mó ná sin, comhionann le breis agus 80 % de mhéid díolachán iomlán an chineáil táirge sin; agus

(b) tá meánphraghas díola ualaithe an chineáil táirge sin comhionann le costas aonaid na táirgeachta nó níos airde ná sin.

(221) Sa chás sin, is é an gnáthluach meánphraghsanna ualaithe dhíolacháin intíre uile an chineáil táirge sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(222) Is é an gnáthluach an praghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge a bhaineann le díolacháin intíre bhrabúsacha na gcineálacha táirgí sin, agus an méid sin amháin, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, má:

(a) tá méid díolachán brabúsach an chineáil táirge comhionann le 80 %, nó níos lú, de mhéid díolachán iomlán an chineáil sin: nó

(b) tá meánphraghas ualaithe an chineáil táirge sin faoi bhun chostas aonaid na táirgeachta.

(223) De réir na hanailíse ar na díolacháin intíre ba bhrabúsach iad breis agus 60 % de na díolacháin intíre go léir a bhí ag Vitra Group, breis agus 70 % de na díolacháin intíre go léir a bhí ag Hitit Group agus ag Bien & Qua Group agus bhí an meánphraghas díola ualaithe ní b'airde ná costas an táirgthe. Dá réir sin, ríomhadh an gnáthluach mar mheánphraghsanna ualaithe na ndíolachán intíre uile le linn na tréimhse imscrúdúcháin, sin nó mar meán ualaithe na ndíolachán brabúsach amháin.

(224) Tar éis an nochta deiridh, chuir Hitit Group in aghaidh an eisiaimh ó liosta díolachán intíre na cuideachta de dhíolacháin áirithe arna lipéadú ag an bpáirtí mar "díolacháin atá cláraithe le honnmhairiú" i bhfianaise a líonmhaire a bhí siad. I bhfianaise eilimintí sa chomhad a thacaíonn leis an maíomh, ghlac an Coimisiún leis na méideanna díolacháin sin a áireamh sna ríomhanna gnáthluacha sa mhéid nach bhféadfaí a shuí gur onnmhairíodh na díolacháin sin sa deireadh.

(225) I gcás nár díoladh cineál táirge i gcainníochtaí ionadaíocha ar an margadh intíre, chum an Coimisiún an gnáthluach i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus (6) den bhun-Rialachán. I gcás nárbh ann do dhíolacháin cineáil táirge an táirge chomhchosúil i ngnáthchúrsa na trádála ar an margadh intíre, nó gur leordhóthanach iad, cumadh an gnáthluach (toisc nárbh fhéidir an praghas díolacháin intíre arna ghearradh ag táirgeoirí sampláilte eile ar an gcineál táirge sin a nochtadh ar bhealach fiúntach gan rúndacht na dtáirgeoirí sin a shárú) nó úsáideadh praghas arna ghearradh ag onnmhaireoir eile i ngnáthchúrsa na trádála, agus soláthraíodh achoimre neamhrúnda iomchuí ar an bhfaisnéis sin don pháirtí leasmhar lena mbaineann.

(226) Ríomhadh an gnáthluach tríd an méid seo a leanas a chur leis an meánchostas táirgeachta ar tháirge comhchosúil gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte comhoibríocha le linn na tréimhse imscrúdaithe:

(a) na meánchostais SGA ualaithe a thabhaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, i ngnáthchúrsa trádála, le linn na tréimhse imscrúdúcháin; agus

(b) an meánbhrabús ualaithe a rinne na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha a samplaíodh ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, i ngnáthchúrsa trádála, le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(227) Maidir leis na cineálacha táirge nár díoladh i gcainníochtaí ionadaíocha ar an margadh intíre, cuireadh na meánchostais DGR agus an meánbhrabús idirbheart a rinneadh i ngnáthchúrsa trádála ar an margadh intíre le haghaidh na gcineálacha sin leis sin. Maidir leis na cineálacha táirge nár díoladh in aon chor ar an margadh intíre, cuireadh na meánchostais DGR agus an meánbhrabús a bhain le gach idirbheart a rinneadh i ngnáthchúrsa trádála ar an margadh intíre leis sin.

(228) Tar éis an nochta deiridh, dúirt Hitit Group go raibh costais SGA arda neamhghnácha ag PCNanna áirithe agus an brabús i gcomparáid le cóimheasa na cuideachta sna ríomhanna. I bhfianaise na mínithe breise a chuir an páirtí ar fáil, lena n-áirítear botúin ina thuairisciú, ar bhonn eisceachtúil agus i bhfianaise staid shonrach an cháis, i gcás dhá PCN, ríomh an Coimisiún an gnáthluach ar bhonn cuideachta. Tar éis an nochta pháirtigh bhreise, d'iarr Hitit Group go ndéanfaí neamhaird ar chostais táirgthe roinnt tíleanna a mheastar a bheith neamhionadaíoch. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh, maíomh a bhí bunaithe ar thacar sonraí neamhfhíoraithe nua nach bhféadfaí a réiteach le sonraí fíoraithe. Nochtaigh an Coimisiún a réasúnaíocht ar bhealach níos cuimsithí trí nochtadh aonair, ar mhaithe le cúiseanna rúndachta, don ghrúpa lena mbaineann amháin.

(229) Tar éis an nochta deiridh, chuir Vitra Group in aghaidh idirbhearta díolacháin áirithe a áireamh ina ríomhanna gnáthluacha toisc go mbainfidís le táirgí a mhonaraítear lasmuigh den Tuirc. Tar éis dó measúnú cuí a dhéanamh ar an bhfianaise thacaíochta, ghlac an Coimisiún leis an maíomh agus rinne sé athbhreithniú ar na ríomhanna dá réir.

3.2.3. *An praghas onnmhairiúcháin*

(230) D'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chuig an Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha nó trí allmhaireoirí gaolmhara.

(231) Nuair a onnmhairíodh an táirge lena mbaineann le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas iarbhír a íocadh nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

(232) Nuair a onnmhairíodh an táirge lena mbaineann chuig an Aontas trí allmhaireoir gaolmhar, is ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas a suíodh an praghas onnmhairiúcháin, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas maidir le gach costas a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais SGA, agus maidir le brabúis a fabhraíodh, bunaithe ar an mbrabús a suíodh, san imscrúdú seo, le haghaidh allmhaireoirí neamhghaolmhara (féach aithrisí (429) agus(430)).

(233) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Bien & Qua Group nár ghá costais SGA agus brabús a asbhaint faoi Airteagal 2(9) toisc gur aon eintiteas eacnamaíoch amháin a bhí sna heintitis éagsúla sa ghrúpa. Dúirt an páirtí gur ghníomhaigh cuideachtaí gaolmhara mar chuid de líonra onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí, go raibh gach eintiteas á rialú agus á bhainistiú go heacnamaíoch ag na daoine céanna agus gur ag áitreabh na dtáirgeoirí amháin a rinneadh cuairteanna fíorúcháin go bunúsach. Líomhnaigh sé nach raibh aon tionchar ag stádas eintiteas eacnamaíoch aonair an ghrúpa toisc go raibh soláthraithe neamhghaolmhara ag cuideachtaí gaolmhara agus/nó gur dhéileáil siad le táirgí eile. Mhaígh Bien & Qua Group freisin nár ghá costais SGA agus brabús a asbhaint faoi Airteagal 2(9) i gcás trádálaí gaolmhar atá lonnaithe lasmuigh den Aontas agus nach bhfuil aon fheidhmeanna allmhairiúcháin aige.

(234) Tugtar faoi deara, fiú dá mba eintiteas eacnamaíoch aonair a bheadh sa ghrúpa (*quod non*, mar a thugtar chun críche sa chéad roinn eile), go n-iarrtar le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún an praghas onnmhairiúcháin a bhunú ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas. I bhfianaise gur eagraigh an grúpa díolacháin isteach san Aontas, bheadh sé éagórach caitheamh ar an mbealach céanna le díolacháin a chuir táirgeoirí onnmhairiúcháin chuig an Aontas trí allmhaireoirí gaolmhara agus díolacháin dhíreacha chuig an Aontas. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, nuair a onnmhairíodh an táirge lena mbaineann chuig an Aontas trí allmhaireoir gaolmhar, go raibh údar maith ann coigeartuithe a dhéanamh le haghaidh costais SGA agus le haghaidh brabúis a fhabhraíonn an t-allmhaireoir mar a bhunaítear le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Maidir leis na coigeartuithe le haghaidh trádálaí gaolmhar lasmuigh den Aontas, shoiléirigh an Coimisiún gurb é Airteagal 2(10)(i) an bunús dlí don choigeartú, murab ionann agus an méid a luaigh an Coimisiún sa nochtadh sonrach don ghrúpa, atá i gcomhréir le cleachtas an Choimisiúin in imscrúduithe eile, a bhfuil bonn cirt leis fiú mura mbeadh aon fheidhmeanna allmhairiúcháin ag an trádálaí.

(235) Ba dhiomaibhseach na méideanna tíleanna ar cháilíocht fhophríomha a dhíol dhá cheann de na grúpaí sampláilte (féach aithris (217) leis an Aontas. Eisiadh na díolacháin sin ó na méideanna a úsáideadh chun an praghas onnmhairiúcháin a shuí. Coinníodh an cur chuige sin tar éis an nochta deiridh, mar a thugtar faoi deara in aithris (217) *i bhfíneálacha*.

3.2.4. *Comparáid*

(236) Rinne an Coimisiún comparáid idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a samplaíodh ar bhonn an phraghais dhírigh ón monarcha.

(237) I gcás ina raibh údar leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, choigeartaigh an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin le haghaidh difríochtaí lena ndéantar difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Rinneadh coigeartuithe i leith costais iompair, árachais, láimhseála, lastála agus choimhdeacha, costais imréitigh custam agus costais inchurtha leo, coimisiúin, lascainí agus lacáistí.

(238) Tar éis an nochta dheiridh, chuir Hitit Group in aghaidh an fhíorais sin gur dhiúltaigh an Coimisiún do choigeartú ar chostas creidmheasa. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh. Dhiúltaigh an Coimisiún don choigeartú toisc nár chruthaigh an páirtí, mar a iarrtar in Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán, gur cuireadh costas aon chreidmheasa a deonaíodh san áireamh agus na praghsanna a gearradh á gcinneadh.

(239) Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ba mhinic a d'onnmhairigh Hitit Group tíleanna ceirmeacha chuig an Aontas trí thrádálaithe gaolmhara atá lonnaithe sa Tuirc. Shuigh an Coimisiún go raibh feidhmeanna na dtrádálaithe gaolmhara sin cosúil le feidhmeanna gníomhaire mar fuair siad corrlach brabúis dá gcuid seirbhísí.

(240) Fuair trádálaithe gaolmhara Bien & Qua Group sa Tuirc a raibh baint acu le díolacháin leis an Aontas corrlach brabúis as a gcuid seirbhísí agus bhí feidhmeanna acu a bhí comhchosúil leo siúd a bhí ag gníomhaire a íoctar ar bhonn coimisiúin.

(241) Nochtaigh an Coimisiún mionsonraí breise de na torthaí sin trí nochtadh aonair, ar mhaithe le cúiseanna rúndachta, don ghrúpa lena mbaineann amháin.

(242) I bhfianaise an mhéid thuasluaite, maidir leis na (grúpaí) uile táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, agus maidir le díolacháin leis an Aontas a raibh páirtithe gaolmhara sa Tuirc bainteach leo, rinneadh coigeartú ar an bpraghas onnmhairiúcháin de bhun Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán. Bhain an Coimisiún costais díola, riaracháin agus ghinearálta (SG&A) de chuid an pháirtí ghaolmhair nó de chuid na bpáirtithe gaolmhara den phraghas onnmhairiúcháin agus den bhrabús a bhfuil tuairisc air in aithris (232) *in fine*.

(243) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Bien & Qua Group nár ghá costais SGA agus brabús a asbhaint faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán toisc gur aon eintiteas eacnamaíoch amháin a bhí sna heintitis éagsúla sa ghrúpa.

(244) Dar leis an gCoimisiún, tá roinnt tosca ag teacht salach ar an éileamh ar eintiteas eacnamaíoch aonair don ghrúpa sin. Ós rud é go raibh eintitis Bien & Qua Group á rialú agus á mbainistiú go heacnamaíoch ag na daoine céanna agus gur ag áitreabh na dtáirgeoirí a rinneadh cuairteanna fíorúcháin den chuid is mó, ní gá gur eintiteas eacnamaíoch amháin a bhí sa ghrúpa. Thug an Coimisiún dá aire go raibh na táirgeoirí agus trádálaithe gaolmhara lonnaithe in áiteanna éagsúla (agus oifigí cláraithe acu in áiteanna nach ionann iad agus oifigí na monaróirí gaolmhara) agus gur minic a bhí soláthraithe neamhghaolmhara ag na trádálaithe gaolmhara agus/nó gur dhéileáil siad le táirgí eile seachas an táirge atá faoi imscrúdú. Ina theannta sin, bhí ranna díolacháin in eintitis éagsúla, lena n-áirítear na

heintitis déantúsaíochta, a raibh róil éagsúla acu. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí a rá go bhfuil na trádálaithe gaolmhara sin ag feidhmiú mar roinn díolacháin inmheánach na dtáirgeoirí gaolmhara. De bharr na n-eilimintí sin, agus á chur san áireamh freisin nach ann d'fhaisnéis a bhfuil bunús leordhóthanach léi lenar féidir tuiscint shoiléir a fháil ar na socruithe i measc eintitis ghaolmhara in Bien & Qua Group (féach roinn 3.2.1.), cuireadh cosc ar an gCoimisiún glacadh le héileamh foriomlán Bien & Qua Group ar eintiteas eacnamaíoch aonair.

(245) Tar éis an nochta dheiridh, mhaígh Bien & Qua Group nár ghá costais SGA agus brabús a bhaint faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán mar gheall ar chur chuige an Choimisiúin in imscrúdú a rinneadh le déanaí ([18]), ar dá réir a bheadh coigeartú faoi Airteagal 2(10)(i) ar neamhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán.

(246) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Thug an Coimisiún dá aire nach ionann an fhoclaíocht in Airteagal 2(1) den bhun-Rialachán, lena gcinntear an gnáthluach, agus in Airteagal 2(8) agus in Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán, lena gcinntear an praghas onnmhairiúcháin. Ní hionann praghsanna onnmhairiúcháin a bheith suite ar bhealach seachas praghsanna intíre agus comparáid éagórach. Thairis sin, rinne an páirtí comparáid idir cásanna físorasacha neamh-inchomparáide. Tagraíonn an t-imscrúdú a luaigh Bien & Qua Group d'ionad seirbhíse cruach a comhtháthaíodh i slabhra táirgeachta an mhonaróra. I bhfianaise a oibríochtaí, ní féidir a mheas go bhfuil feidhmeanna á ndéanamh ag an ionad seirbhíse cruach sin atá comhchosúil le feidhmeanna gníomhaire atá ag gníomhú ar bhonn coimisiúin de réir bhrí Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán. Is cinnte go raibh an scéal difriúil san imscrúdú reatha, agus trádálaithe gaolmhara gan a bheith comhtháite i slabhra táirgeachta Bien & Qua Group.

(247) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Bien & Qua Group, dá ndiúltódh an Coimisiún don éileamh ar eintiteas eacnamaíoch aonair, go raibh aon asbhaint chostais SGA agus brabúis faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán gan bhunús toisc gur chruthaigh sé difríochtaí gan údar agus comparáid éagórach idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin. Dúirt an páirtí freisin go raibh a chuid bealaí díolacháin mar an gcéanna ar na margaí intíre agus easpórtála. Tháinig an ráiteas deireanach sin salach ar ráitis eile a rinne an páirtí sna céimeanna tosaigh den imeacht ([19]) agus fuarthas amach go raibh sé mícheart toisc gurbh é príomhstraitéis eintitis Bien & Qua Group sa mhargadh intíre, ar bhonn liosta praghsanna coiteann, bonn leathan de dhéileálaithe áitiúla a choinneáil. Bhí rochtain ag na déileálaithe ar chóras pleanála acmhainní fiontraíochta na monaróirí go huathoibríoch chun orduithe a chur. I gcodarsnacht leis sin, sa mhargadh easpórtála, bhí an sreabhadh díola ordaithe éagsúil agus bhí monaróirí ag súil go gcruthódh cuideachtaí trádála eachtracha an ghrúpa breisluach ag tosú ó liosta na bpraghsanna coiteanna. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go raibh údar le hasbhaintí chostais SGA agus brabúis faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán i ndáil le taobh onnmhairiúcháin oibríochtaí an ghrúpa.

(248) Ar deireadh, chuir an Coimisiún i bhfios go láidir freisin, cé gur iarr sé arís agus arís eile, tráth ar bith le linn an imscrúdaithe, gur chuir Bien & Qua Group soiléireacht ar fáil maidir leis na socruithe conarthacha a bhí ag na táirgeoirí leis na heintitis ghaolmhara a bhí gníomhach chun a dtáirgí a dhíol ar bhonn intíre agus ar na margaí onnmhairiúcháin (féach freisin aithrisí (209)). Chuir an easpa faisnéise sin cosc ar an gCoimisiún measúnú iomlán a dhéanamh ar an maíomh go mbeadh an cás maidir le díolacháin intíre agus onnmhairí díreach mar an gcéanna i gcás na dtrádálaithe sin a bhfuil baint acu leis an dá shreabhadh díolacháin. In aon chás, níor thíolaic Bien & Qua Group aon fhaisnéis riamh maidir le leibhéal agus cainníochtú an choigeartaithe ar an ngnáthluach; gan trácht ar aon fhianaise bhunúsach lena dtugtar bonn cirt do leibhéal nithiúil coigeartaithe.

(249) Ar an mbonn sin, diúltaíodh do chomparáid éagórach idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin mar thoradh ar aon asbhaint chostais SGA agus brabúis faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán.

(250) Chuir táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte in aghaidh asbhaint an bhrabúis a dtugtar tuairisc air in aithris (232) *in fine* ar an bhforas go raibh raon feidhme ghníomhaíochtaí na bpáirtithe a bhaineann leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus na hallmhaireoirí sampláilte san Aontas éagsúil. Mheas an Coimisiún go raibh an maíomh sin gan bhunús, toisc go raibh leibhéal an bhrabúis réasúnta agus comhsheasmhach leis an spriocbhrabús a dhearbhaigh grúpa sampláilte amháin do thrádálaí a bhaineann leis an Tuirc.

([18]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1395 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní de thionscnamh na Rúise agus na Tuirce (IO L 211, 12.8.2022, lch. 127), aithris (126).

([19]) Féach ranna D agus E de na leaganacha oscailte de na freagraí ceistneora a chuir an dá mhonaróir isteach in t22.001010.

(251) Sainaithníodh roinnt saincheisteanna i leith comhshó airgeadra. Foráiltear le hAirteagal 2(10)(j) den bhun-Rialachán gur cheart dáta an díolacháin a bheith mar dháta an tsonraisc, agus go bhféadfaí dáta an chonartha, an ordaithe ceannaigh nó dhaingniú an ordaithe a úsáid más rud é gurb iad is iomchuí le téarmaí nithiúla an díolacháin a shuíomh. Dá dheasca sin, ós rud é go raibh ráta malairte Lira na Tuirce luaineach go maith in aghaidh an Euro ([20]) le linn na tréimhse imscrúdúcháin (agus go raibh titim shuntasach fhoriomlán i gceist leis), mheas an Coimisiún gur socraíodh téarmaí nithiúla an díolacháin tráth an ordaithe ceannaigh seachas ar dháta an tsonraisc. Bhain éagsúlacht leis an mbearna idir ordú ceannaigh an chustaiméara agus dáta an tsonraisc, ach ar an meán bhí thart ar dhá mhí i gceist léi.

(252) Tar éis an nochta deiridh, rinne roinnt páirtithe gearán go ndearnadh praghsanna onnmhairiúcháin a laghdú go saorga (rud a mhéadaigh corrlaigh dhumpála go saorga dá bhrí sin) leis an modheolaíocht thuas agus d'iarr siad ar an gCoimisiún a mheas gur socraíodh na téarmaí ábhartha díolacháin faoi dháta an tsonraisc. I bhfianaise luaineacht ráta malairte dhoshéanta Lira na Tuirce i gcoinne an Euro le linn na tréimhse imscrúdaithe, mheas an Coimisiún nach raibh údar maith lena mheas gur íoc custaiméir an Aontais praghas in euro níos airde ná an praghas reoite tráth an ordaithe ceannaigh do chustaiméirí. Diúltaíodh don mhaíomh toisc nach raibh tacaíocht leis. Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Hitit Group gur cheart don Choimisiún, dá gcloífeadh sé lena chur chuige, boilsciú intíre a chur san áireamh agus praghsanna intíre á mbunú aige. In éagmais aon togra nithiúil maidir le conas dul ar aghaidh, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

3.2.5. *Corrlaigh dhumpála*

(253) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe ar chineál comhfhreagrach an táirge lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(254) Tar éis an nochta deiridh, chuir Vitra Group earráidí ríomha chun cinn faoi na ranna thuas. Cheartaigh an Coimisiún na hearráidí sin. Mar thoradh ar an gceartúchán tá corrlach cinntitheach dumpála faoi bhun *de minimis* ann le haghaidh Vitra Group.

(255) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe chinntitheacha a shloinntear mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, agus an dleacht neamhíoctha:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach
Hitit Seramik Sanayi ve Ticaret A.Ş.	20,9 %
Qua Granite ve Hayal Yapi Ürünleri San. Tic. A.Ş. Bien Yapi Ürünleri San. Tic. A.Ş.	4,8 %
Vitra Karo Sanayi ve Ticaret A.Ş.	0 %

(256) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, bunaíodh an corrlach sin ar bhonn mheánchorrlaigh ualaithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, ag 9,2 %.

(257) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile sa Tuirc, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is ionann an leibhéal comhair agus méid onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh ina chion den mhéid allmhairí iomlán ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe, a suíodh ar bhonn staitisticí allmhairiúcháin o Eurostat (Comext).

([20]) Ó 1 euro = 7,884 Lira na Tuirce i mí Iúil 2020, go dtí 1 euro = 10,382 Lira na Tuirce i mí an Mheithimh 2021 (i.e., -32 % ar an iomlán). Foinsí: An Banc Ceannais Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid, an tSeirbhís um Rátaí Malairte i Réigiún an Aigéin Chiúin.

(258) Sa chás sin, is leibhéal ard atá i leibhéal an chomhair toisc go raibh in onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha thart ar 90 % de na hallmhairí iomlána in m²le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála a leagan síos le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta sampláilte a ndearnadh scrúdú aonair uirthi agus a bhfuil an corrlach dumpála is airde aici.

(259) Is mar a leanas atá na corrlaigh dumpála chinntitheacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach
Hitit Seramik Sanayi ve Ticaret A.Ş.	20,9 %
Qua Granite ve Hayal Yapi Ürünleri San. Tic. A.Ş. Bien Yapi Ürünleri San. Tic. A.Ş.	4,8 %
Vitra Karo Sanayi ve Ticaret A.Ş.	0 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	9,2 %
Gach cuideachta eile	20,9 %

(260) Chuir roinnt páirtithe i gcoinne an chorrlaigh dumpála aird a suíodh le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte agus d'iarr siad go laghdófaí a leibhéal trí, mar shampla, neamhaird a dhéanamh den chuideachta sampláilte ag a bhfuil an corrlach dumpála is airde, a mhaítear a bheith neamhionadaíoch. Tar éis an nochta pháirtigh bhreise, dúirt roinnt páirtithe go raibh sé éagórach, neamhchuspóireach agus/nó contrártha le prionsabal ginearálta dhlí na comhréireachta an dleacht le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha a bhunú ar bhonn torthaí don dá tháirgeoir onnmhairiúcháin atá fágtha, arbh ionann iad le chéile agus níos lú ná 25 % d'allmhairí iomlána na Tuirce. Chuir roinnt páirtithe in iúl, maidir leis an líne sa bhun-Rialachán ina luaitear "nach sáróidh" an corrlach dumpála le haghaidh páirtithe comhoibritheacha an meánchorrlach dumpála ualaithe arna shocrú i ndáil leis na páirtithe sampláilte, gur thug sin rogha don Choimisiún a ndleacht a shocrú ar leibhéal níos ísle ná an meánchorrlach dumpála ualaithe arna shocrú i leith na bpáirtithe sampláilte. I ndáil leis sin, mhol páirtí dleacht 4,58 % ar chuideachtaí comhoibritheacha, i.e. ríomh malartach bunaithe ar mheáchan an dá onnmhaireoir atá fágtha sa sampla. Mheabhraigh an Coimisiún gur bhunaigh sé an dleacht le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte i bhfianaise a chleachtais chaighdeánaigh agus i gcomhréir leis na forálacha in Airteagal 9(6) den bhun-Rialachán agus nach raibh aon léiriú aige nach raibh an ráta a ríomhadh ar an gcaoi sin ionadaíoch. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(261) Chuir Rialtas na Tuirce i gcoinne na gcorrlach dumpála ard a bunaíodh i gcomparáid le himscrúduithe frithdhumpála eile i gcoinne na Tuirce. Mheabhraigh an Coimisiún gur shuigh sé na rátaí dleachta ar bhonn oibiachtúil, de réir fhorálacha an bhun-Rialacháin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainmhíniú ar an tionscal de chuid an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(262) Mar a luaitear in aithris (59), tá tionscal na dtíleanna ceirmeacha san Aontas an-ilroinnte. Rinne níos mó ná 300 táirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdaithe. Is ionann na táirgeoirí sin agus an "tionscal de chuid an Aontais" de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(263) Mar a luaitear freisin in aithris (59) agus (60), roinneadh tionscal an Aontais ina dtrí chatagóir de tháirgeoirí bunaithe ar mhéid a dtáirgeachta bliantúla: beag, meánmhéide agus mór. Is táirgeoirí móra a rinne tuairim is leath de tháirgeadh iomlán an Aontais (féach aithris (306)).

(264) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais ag thart ar 1.2 billiún m²le linn na tréimhse imscrúdaithe. Bhunaigh an Coimisiún an figiúr táirgthe ar fhaisnéis fhíoraithe a sholáthair CET. Bhailigh CET méideanna táirgeachta óna chuid comhaltaí aonair agus ó chomhlachais náisiúnta. I gcás nach raibh an fhaisnéis sin ar fáil, d'fhorlíon CET na staitisticí maidir le táirgeacht le mionsonraí ó PRODCOM ([21]), ar eachtarshuíodh iad maidir leis an gcéad leath de 2021, i gcás ina raibh gá leis sin, trí úsáid a bhaint as an innéacs monaraíochta a d'fhoilsigh Eurostat ([22]).

([21]) Le fáil ar https://ec.europa.eu/eurostat/web/prodcom/data/database (an dáta deireanach ar breathnaíodh air an 19 Meán Fómhair 2022).

([22]) Le fáil ar https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/sts_inpr_q/default/table?lang=en (an dáta deireanach ar breathnaíodh air an 19 Meán Fómhair 2022).

(265) Mar a léirítear in aithris (67), is ó shé tháirgeoir shampláilte an Aontais a tháinig 6 % de tháirgeacht iomlán an Aontais den táirge comhchosúil.

(266) Sholáthair Netto agus Cortina roinnt aighneachtaí le linn an imscrúdúcháin, ag áitiú in aghaidh díobháil, dumpáil agus leas an Aontais a bheith ann i dtaca le honnmhairí ón India. Tugtar aghaidh orthu thíos. Thairis sin, mhaígh siad gur táirgeoirí de chuid an Aontais iad, á lipéadú mar "Monaróirí as Białystok". Léiríodh san imscrúdú, áfach, nach raibh aon ghníomhaíocht monaraíochta ar siúl san Aontas ag aon cheann de na cuideachtaí sin; d'allmhairigh siad tíleanna ceirmeacha óna gcomhpháirtithe gnó san India. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir iad a mheas mar chuid de "tionscal an Aontais" de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(267) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais trí dhíolacháin thionscal an Aontais a chuir isteach, bunaithe ar bhonn faisnéis fhíoraithe mar a sholáthair CET, agus ar mhéideanna na n-allmhairí. Fuarthas an fhaisnéis maidir le méideanna allmhairí ó Eurostat (bunachar sonraí Comext).

(268) Tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais mar a leanas:

Tábla 1

Tomhaltas an Aontais (m²)

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdaithe
Tomhaltas iomlán an Aontais	785 188 575	811 717 138	814 739 259	834 201 394
Innéacs (2018=100)	*100*	*103*	*104*	*106*

Foinse: CET, Eurostat, táirgeoirí sampláilte an Aontais

(269) Le linn na tréimhse a measadh, tháinig méadú ar thomhaltas an Aontais go leanúnach. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin bhí praghsanna 6 % ní b'airde ná mar a bhí in 2018. Ba thrí allmhairí go príomha a tháinig méadú ar thomhaltas an Aontais.

4.3. **Allmhairí ó na tíortha lena mbaineann**

4.3.1. *Measúnú carnach ar éifeachtaí allmhairí ó na tíortha lena mbaineann*

(270) Scrúdaigh an Coimisiún an cheist ar cheart measúnú carnach a dhéanamh ar thíleanna ceirmeacha de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 3(4) den bhun-Rialachán.

(271) Ach amháin i gcás Lavish Group, bhí na corrlaigh dumpála a bunaíodh i ndáil leis na hallmhairí ón India agus ón Tuirc os cionn na tairsí *de minimis* a leagtar síos in Airteagal 9(3) den bhun-Rialachán.

(272) Ba ionann méid na n-allmhairí neamh-dhumpáilte ó Lavish Group agus [6 – 9 %] d'allmhairí iomlána ón India le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus thart ar [40 – 45 %] d'allmhairí sampláilte. Chun a shuí arbh fhéidir na torthaí i ndáil leis an gcuideachta sin a chur i bhfeidhm ar na hallmhairí neamhshampláilte uile, rinne an Coimisiún comparáid idir praghsanna an Lavish Group agus praghsanna ón dá cheann eile de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte agus praghas meánach na n-allmhairí uile ón India (ach amháin Lavish), mar a fuarthas ó Eurostat. Bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach sna foirmeacha samplála, bhí meánphraghas onnmhairiúcháin Lavish Group [19 – 22 %] ní b'airde ná an meánphraghas onnmhairiúcháin a bhí ag breis agus 140 onnmhaireoir de chuid na hIndia a chuir freagraí samplála isteach. B'ionann méid iomlán na n-onnmhairí a rinne na cuideachtaí sin agus 84 % de na hallmhairí uile ón India chuig an Aontas (féach aithris (207)). Bhí praghas onnmhairiúcháin CAL an ghrúpa [7 – 9 %] ní b'airde ná meánphraghas onnmhairiúcháin na n-allmhairí uile ón India agus [14 – 16 %] ní b'airde ná meánphraghsanna an dá tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte eile. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nárbh fhéidir leis na torthaí a fuarthas, is é sin nárbh ann do dhumpáil i ndáil le Lavish Group, a chur i bhfeidhm ar na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin neamhshampláilte.

(273) B'ionann méid na n-allmhairí neamh-dhumpáilte ó Vitra Group agus breis agus 25 % de na hallmhairí iomlána ón Tuirc le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus breis agus leath de na hallmhairí sampláilte. Chun a shuí arbh fhéidir na torthaí i ndáil leis an gcuideachta sin a chur i bhfeidhm ar na hallmhairí neamhshampláilte uile, rinne an Coimisiún comparáid idir praghsanna Vitra Group agus meánphraghas ualaithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin

sampláilte, ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte mar a thuairiscítear san fhoirm shamplála. Ar an mbonn sin, bhí meánphraghas onnmhairiúcháin Vitra Group [18-20 %] ní b'airde ná an meánphraghas onnmhairiúcháin a bhí ar 70 % de na méideanna a dhíol onnmhaireoirí neamhshampláilte as an Tuirc a chuir freagraí samplála isteach, nach raibh aon torthaí ar ghnáthluach ag an gCoimisiún ina leith. B'ionann méid iomlán na n-onnmhairí a rinne na cuideachtaí a chuir freagraí samplála isteach agus thart ar 90 % de na hallmhairí uile ón Tuirc chuig an Aontas (féach aithris (258)). Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nárbh fhéidir leis na torthaí a fuarthas, is é sin nárbh ann do dhumpáil i ndáil le Vitra Group, a chur i bhfeidhm ar na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin neamhshampláilte. Tar éis an nochta pháirtigh bhreise, chuir Rialtas na Tuirce agus roinnt onnmhaireoirí comhoibríocha in aghaidh na conclúide sin. D'iarr roinnt onnmhaireoirí comhoibríocha ón Tuirc ar an gCoimisiún torthaí na heaspa dumpála maidir le Vitra Group a chur i bhfeidhm maidir leo siúd (ar an bhforas gur léirigh a bhfreagraí samplála praghsanna onnmhairiúcháin cothrom le praghsanna Vitra Group nó níos airde) agus/nó maidir le táirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte. Dhiúltaigh an Coimisiún a n-éilimh ar na forais a mhínítear i roinn 3.2.5.

(274) Níor dhiomaibhseach an méid allmhairí ó gach ceann de na tíortha lena mbaineann, ach amháin méid na n-allmhairí neamhdhumpáilte ó Lavish Group agus ó Vitra Group, de réir bhrí Airteagal 5(7) den bhun-Rialachán. [3,5 % – 3,6 %] i gcás allmhairí ón India agus [4,6 %– 4,7 %] i gcás allmhairí ón Tuirc a bhí sna sciartha den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin ([23]).

(275) Na dálaí iomaíochta idir na hallmhairí dumpáilte ón India agus ón Tuirc agus idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus an táirge comhchosúil, bhí siad cosúil le chéile. Go sonrach, bhí na táirgí allmhairithe in iomaíocht lena chéile agus le tíleanna ceirmeacha tháirgtear san Aontas toisc gur díoladh iad trí na bealaí díolacháin céanna agus le catagóirí custaiméirí comhchosúla.

(276) Dá bhrí sin, comhlíonadh na critéir eile a leagtar amach in Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán agus scrúdaíodh allmhairí ón India agus ón Tuirc go carnach chun an díobháil a dhéanamh amach.

(277) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh sé cinn déag de tháirgeoirí onnmhairiúcháin ón India go raibh míbhuntáiste ag baint leis an measúnú carnach ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann. Chuir siad in iúl gur tháinig méadú ar phraghsanna allmhairí ón India le linn na tréimhse a breithníodh agus gur tháinig laghdú ar phraghsanna allmhairí ón Tuirc. Chuir na cuideachtaí in iúl freisin nach ndearna na hallmhairí méadaithe ón India ach an méid táirgeachta neamhleor ag táirgeoirí de chuid an Aontais a fhorlíonadh. Dá bhrí sin, mhaígh siad, trí charnadh leis an Tuirc, go ndearnadh rómheastachán ar éifeachtaí allmhairí ón India. Tar éis an nochta pháirtigh bhreise, chuir Rialtas na hIndia i gcoinne an mheasúnaithe charnaigh freisin agus mheabhraigh sé na critéir lenar ceadaíodh carnadh.

(278) Mheabhraigh an Coimisiún gur tháinig méadú faoi dhó ar mhéid na n-allmhairí ón India le linn na tréimhse a breithníodh. I bhfianaise úsáid acmhainneachta, rud a chuirfeadh ar chumas thionscal an Aontais a mhéid táirgeachta a mhéadú chun an t-éileamh i margadh an Aontais a shásamh, mheas an Coimisiún nach raibh údar maith leis an argóint maidir le méideanna táirgeachta neamhleora ag táirgeoirí de chuid an Aontais. Ina theannta sin, cé gur tháinig ardú ar phraghas allmhairiúcháin na hIndia, d'fhan sé faoi bhun leibhéal phraghas allmhairiúcháin na Tuirce. Ar deireadh, thug an Coimisiún dá aire gur comhlíonadh na critéir uile a leagtar síos in Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán san imeacht seo. Maidir le ráiteas Rialtas na hIndia, mheabhraigh an Coimisiún gur comhlíonadh na critéir maidir le carnadh mar a pléadh go mion in aithrisí (271) go (276). Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

4.3.2. *Méid na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus a sciar féin den mhargadh*

(279) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Comext. Bunaíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí trí mhéid na n-allmhairí sin a chur i gcomparáid le tomhaltas an Aontais arna chinneadh i gcomhréir leis an míniúchán a bhfuil tuairisc air in aithris (267).

(280) D'fhorbair na hallmhairí isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann mar seo a leanas:

([23]) Toisc nach raibh dumpáil á déanamh ag ceann amháin de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte san India agus ag ceann amháin de na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón Tuirc, baineadh na hallmhairí dá gcuid ó allmhairí iomlána na hIndia agus rinneadh anailís orthu mar allmhairí neamhdhumpáilte. D'úsáid an Coimisiún freagraí Lavish Group agus Vitra Group ar an gceistneoir chun a méideanna agus a luachanna a eisiamh ó iomlán na n-onnmhairí. I gcás Vitra Group, d'eisiaigh an Coimisiún táirgí trádála nach dtáirgeann an grúpa ar bhonn faisnéis fhíoraithe le haghaidh na tréimhse imscrúdaithe. Úsáidtear raonta le haghaidh roinnt figiúirí sa rialachán mar murach sin nochtfaí mionsonraí rúnda a bhaineann leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sin, toisc go bhfuil na staitisticí allmhairiúcháin rúnda ar leibhéal CN ar fáil go poiblí.

Tábla 2

Méid na n-allmhairí (m²) agus a sciar den mhargadh

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdaithe
An India – méid allmhairí	[13 000 000 – 14 000 000]	[17 000 000 – 18 000 000]	[22 000 000 – 23 000 000]	[29 000 000 – 30 000 000]
Innéacs (2018=100)	*100*	*134*	*167*	*220*
An India – sciar den mhargadh	[1,7 % – 1,8 %]	[2,2 % – 2,3 %]	[2,7 % – 2,8 %]	[3,5 % – 3,6 %]
Innéacs (2018=100)	*100*	*130*	*161*	*207*
An Tuirc – méid allmhairí	[26 000 000 – 27 000 000]	[31 000 000 – 32 000 000]	[35 000 000 – 36 000 000]	[38 000 000 – 39 000 000]
Innéacs (2018=100)	*100*	*118*	*135*	*147*
An Tuirc – sciar den mhargadh	[3,3 – 3,4 %]	[3,8 – 3,9 %]	[4,4 – 4,5 %]	[4,6 – 4,7 %]
Innéacs (2018=100)	*100*	*115*	*130*	*138*
Iomlán na dtíortha lena mbaineann – méid na n-allmhairí	[39 000 000 – 41 000 000]	[48 000 000 – 50 000 000]	[57 000 000 – 59 000 000]	[67 000 000 – 69 000 000]
Innéacs (2018=100)	*100*	*124*	*146*	*172*
Iomlán na dtíortha lena mbaineann – an sciar den mhargadh	[5 – 5,2 %]	[6 – 6,2 %]	[7,1 – 7,3 %]	[8,1 – 8,3 %]
Innéacs (2018=100)	*100*	*120*	*141*	*161*

Foinse: Eurostat, táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte

(281) Tháinig méadú socair ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus ar a sciar den mhargadh freisin le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig méadú 72 % ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, arb ionann é agus méadú 61 % ar a sciar den mhargadh. [8,1 % – 8,3 %] a bhí sa sciar de mhargadh an Aontais a bhí ag allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin, méadú ó [5 – 5,2 %] in 2018.

(282) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Rialtas na Tuirce gur méadú de chineál sealadach é an méadú ar allmhairí ón Tuirc agus nach ndearnadh ach na hallmhairí breise a chur in ionad tháirgí an Aontais toisc gur cuireadh isteach go sealadach ar tháirgeacht an Aontais mar gheall ar na bearta sláintíochta a bhaineann le COVID-19 arna nglacadh ag na Ballstáit. Chun tacú leis an maíomh sin, chuir Rialtas na Tuirce méid na n-onnmhairí chuig an Aontas sa chéad deich mí de 2021 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2022. Tháinig laghdú thart ar 3,5 milliún m² ar onnmhairí tíleanna ceirmeacha ón Tuirc chuig an Aontas. D'athdhearbhaigh Rialtas na Tuirce agus Sogutsen Seramik an maíomh sin ina gcuid tuairimí maidir leis an nochtadh páirteach breise.

(283) I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire gur tháinig méadú leanúnach ar allmhairí ón Tuirc le linn na tréimhse iomláine a breithníodh agus gur in 2020 amháin a bhíothas thíos leis an mbriseadh sealadach i dtáirgeacht tháirgeoirí an Aontais. Ina theannta sin, ba leor leibhéil stoic deiridh thionscal an Aontais ag deireadh 2019 chun teacht in ionad an laghdaithe ar mhéideanna táirgeachta. Ar deireadh, níor fhreagair méadú ar onnmhairí tíleanna ceirmeacha ón Tuirc d'éileamh méadaitheach san Aontas nach bhféadfadh táirgeoirí an Aontais freastal air. Ina ionad sin, bhí tionscal na dtíleanna ceirmeacha na Tuirce faoi bhrú maidir le tomhaltas intíre tíleanna a bhí ag

meath le linn na tréimhse a breithníodh, rud a éilíonn onnmhairí ar phraghsanna iomaíocha, mar a thugtar orthu ([24]). Níorbh fhéidir glacadh leis an laghdú ar onnmhairí chuig an Aontas in 2022 mar chruthúnas ar mhaímh Rialtas na Tuirce toisc go bhféadfadh sé gur tháinig laghdú ar na honnmhairí chuig an Aontas mar thoradh ar an imscrúdú atá ar siúl faoi láthair. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(284) Mhaígh Rialtas na Tuirce freisin go raibh cuma ard ar an athrú céatadáin sa sciar den mhargadh idir 2018 agus an tréimhse imscrúdaithe (+ 42 %) toisc go raibh sciar margaidh na n-allmhairí ón Tuirc íseal sa bhonnbhliain.

(285) Ar an gcéad dul síos, thug an Coimisiún dá aire gur tháinig athrú ar éabhlóid sciar margaidh na n-allmhairí dumpáilte ón Tuirc toisc gur cinneadh nach raibh dumpáil déanta ag Vitra Group tar éis an nochta deiridh. Tar éis na méideanna sin a eisiamh, ba é 38 % an t-athrú céatadáin ar sciar margaidh na Tuirce, arb ionann é agus méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte. Fuarthas an méadú sin ar an sciar den mhargadh san imscrúdú, rud a léiríonn an t-athrú iarbhír a tharla. Ní aontaíonn an Coimisiún, áfach, go raibh sciar margaidh na Tuirce íseal sa bhonnbhliain. Le linn na tréimhse a breithníodh, ba í an Tuirc an chéad soláthraí tríú tír san Aontas, arbh ionann é agus aon trian de na hallmhairí uile. Bhí an méadú ó thaobh méide, arbh ionann é agus thart ar 12 000 000 méadar cearnach a fuarthas a bheith dumpáilte, suntasach agus bhí tionchar aige ar fheidhmíocht thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(286) Tar éis an nochta pháirtigh bhreise, thug Rialtas na Tuirce dá aire gur tháinig fás níos moille ar allmhairí na Tuirce agus ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse a breithníodh tar éis do Vitra Group a bheith gan dumpáil. D'áitigh Rialtas na Tuirce nach bhféadfaí a mheas go bhfuil sciar laghdaithe [4,6 – 4,7] % den mhargadh díobhálach do thionscal an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, d'áitigh Rialtas na hIndia go raibh na méideanna allmhairí tar éis eisiamh Vitra Group ró-íseal chun díobháil a dhéanamh.

(287) Mheabhraigh an Coimisiún nach mór scrúdú carnach a dhéanamh ar mhéideanna na n-allmhairí agus ar a sciar den mhargadh i gcás an dá thír lena mbaineann. Mheas an Coimisiún gur leor sciar [8,1 – 8,3] % den mhargadh, a léiríonn allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann, chun díobháil a dhéanamh sa chás seo, agus struchtúr thionscal an Aontais agus a ilroinnt á gcur san áireamh go háirithe.

4.3.3. Praghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann: sladghearradh praghais agus srianadh praghsanna

(288) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn Eurostat (bunachar sonraí Comext). Chun críocha an fheidhmithe seo, baineadh luachanna fíoraithe (ar leibhéal CAL) agus méideanna allmhairí Lavish Group agus Vitra Group ó na hallmhairí ón India agus ón Tuirc faoi seach.

(289) Tháinig forbairt ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann mar a leanas:

Tábla 3

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/m²)

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdaithe
An India	4,35	4,79	5,12	5,49
Innéacs (2018=100)	*100*	*110*	*118*	*126*
An Tuirc	6,63	6,08	5,97	5,94
Innéacs (2018=100)	*100*	*92*	*90*	*90*

([24]) Féach an Tuirc: tá onnmhairí tíl cheirmeacha ag fás in 2020. Le fáil ar https://ceramicworldweb.com/en/economics-and-markets/Türkiye-ceramic-tile-exports-continue-grow-2020 (a ceadaíodh go deireanach 19 Samhain 2022). Féach freisin 'Éilíonn tionscal tíleanna ceirmeacha na Tuirce onnmhairí'. Le fáil ar https://ceramicworldweb.com/en/economics-and-markets/turkish-ceramic-tile-industry-pushes-exports (a ceadaíodh go deireanach 19 Samhain 2022).

Iomlán na dtíortha lena mbaineann	5,86	5,61	5,64	5,75
Innéacs (2018=100)	*100*	*96*	*96*	*98*

Foinse: Eurostat, táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte

(290) D'fhan meánphraghsanna allmhairiúcháin ón dá thír le chéile lena mbaineann cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú 10 % ar mheánphraghsanna allmhairiúcháin ón Tuirc idir 2018 agus an tréimhse imscrúdúcháin, cé gur fhás na meánphraghsanna allmhairiúcháin ón India go leanúnach agus gur tháinig méadú 26 % orthu idir 2018 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Bhí na praghsanna allmhairiúcháin ón dá thír i bhfad níos ísle ná praghsanna agus costais an táirgthe ag táirgeoirí sampláilte an Aontais feadh na tréimhse a bhí faoi bhreathnú (féach tábla 7).

(291) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdaithe tríd an méid seo a leanas a chur i gcomparáid:

(1) na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtáirgeoirí sampláilte ón Aontas, rud a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú don leibhéal díreach ón monarcha; agus

(2) na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ón India agus ón Tuirc chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn chostais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí ar dhleachtanna custaim agus ar chostais iar-allmhairiúcháin.

(292) Rinneadh an chomparáid praghsanna ar bhonn an chineáil d'idirbhearta ar an leibhéal trádála céanna, arna gcoigeartú go cuí i gcás inar gá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil táirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na thréimhse imscrúdaithe.

(293) Sa chomparáid thuas, léiríodh meánchorrlach sladghearrtha ualaithe ar mhargadh an Aontais a bhí idir 42,5 % agus 54,7 % i gcás na hIndia agus idir 33,8 % agus 57,7 % i gcás na Tuirce, ag brath ar an táirgeoir onnmhairiúcháin. Is iad na praghsanna a imríonn tionchar ar an iomaíocht le haghaidh tíleanna ceirmeacha den chuid is mó agus, dá réir sin, tá na corrlaigh shladghearrtha thar a bheith suntasach. Thug an Coimisiún dá aire freisin go ndearnadh mionlach de dhíolacháin thionscal an Aontais trí pháirtithe gaolmhara agus, de bharr leibhéal chostais díola, ghinearálta agus riaracháin agus bhrabús na bpáirtithe gaolmhara sin, nach ndéanfaí dochar don toradh maidir le sladghearradh na n-allmhairí carnacha fiú dá mbeadh gá le coigeartú a dhéanamh ar na ríomhanna mar gheall ar na tosca sin. Thairis sin, nuair a eisítear díolacháin thionscal an Aontais trí pháirtithe gaolmhara, lena raibh níos lú ná 25 % i gceist, ón ríomh sin, bhí sladghearradh suntasach ann fós, idir 36 % agus 54,7 % i gcás na hIndia agus idir 19,9 % agus 61,7 % i gcás na Tuirce. Go deimhin, bhí onnmhaireoirí comhoibríocha sampláilte uile na hIndia ag díol go díreach leis an Aontas, agus ba dhíolacháin dhíreacha a bhí i mbeagnach leath de na hallmhairí arna ndéanamh ag onnmhaireoirí comhoibríocha sampláilte na Tuirce. Dá réir sin, dá n-úsáidfí modh eile, bheadh sladghearradh suntasach fós.

(294) Ina theannta sin, gan beann ar na torthaí maidir le sladghearradh suntasach, shuigh an Coimisiún nach raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a mhéadú go leibhéal lena nginfí brabúis réasúnacha mar gheall ar bhrú ar phraghsanna de thoradh mhéideanna agus phraghsanna ísle na n-allmhairí ón India agus ón Tuirc. Bhí meánphraghas na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann faoi bhun chostas tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú (féach tábla 3 in aithris (289) agus tábla 7 in aithris (320)). Cé gur tháinig méadú 19 % ar mheánphraghas díola tháirgeoirí an Aontais ar mhargaidh an Aontais idir 2018 agus an tréimhse imscrúdúcháin, bhí sé fós faoi bhun an chostais táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú (féach tábla 7 in aithris (320)).

(295) Chomh maith leis sin, deimhníodh an brú ar phraghsanna a suíodh ar an macraileibhéal le torthaí ar leibhéal na cuideachta. Cinneadh na leibhéil díothaithe díobhála in aghaidh an chineáil táirgthe, lenar cuireadh aon difríocht fhéideartha idir meascán táirge allmhairí agus díolacháin intíre thionscal an Aontais san áireamh dá réir sin. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí na hallmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ag gearrdhíol praghsanna díola intíre tháirgeoirí sampláilte an Aontais faoi 92,7 % go 168,7 % i gcás na hIndia agus faoi 80,8 % go 150,6 % i gcás na Tuirce (le haghaidh tuilleadh sonraí féach roinn 6.1).

(296) Tar éis an nochta deiridh, chuir Rialtas na Tuirce in iúl nach amháin go raibh na praghsanna allmhairiúcháin ón Tuirc faoi bhun chostas táirgthe tháirgeoirí an Aontais ach freisin go raibh praghsanna tháirgeoirí an Aontais féin i margadh an Aontais níos ísle ná an costas táirgeachta. Ina theannta sin, cé gur tháinig laghdú ar phraghas allmhairiúcháin na Tuirce le linn na tréimhse a breithníodh, tháinig méadú ar phraghas intíre tháirgeoirí an Aontais,

rud a d'fhág gur tháinig feabhas ar bhrabúsacht. I ndáil leis sin, d'athdhearbhaigh Rialtas na Tuirce a líomhaintí go ndearna an Coimisiún ionramháil ar shampla tháirgeoirí an Aontais i leith cuideachtaí a bhfuil costas níos airde acu agus táscairí airgeadais níos measa. Thairis sin, d'áitigh Rialtas na Tuirce gur gnólachtaí siopa a bhí ag freastal ar mhargadh ardleibhéil agus atá ag obair ar bhonn saincheaptha iad na cuideachtaí a bhí san áireamh i gcatagóir na dtáirgeoirí beaga.

(297) D'athdhearbhaigh Rialtas na Tuirce a fhadhbanna maidir le hionadaíocht shamplach tháirgeoirí an Aontais agus a éifeacht ar chomparáid a dhéanamh idir praghsanna tar éis an nochta pháirtigh bhreise.

(298) Ar an gcéad dul síos, thug an Coimisiún dá aire nach mór na praghsanna allmhairiúcháin ó thíortha lena mbaineann a scrúdú ar bhonn carnach, ní ar bhonn aonair. D'fhan an meánphraghas allmhairiúcháin arna bhunú ar an mbonn sin cobhsaí go leor, agus go mór faoi bhun chostas táirgeachta thionscal an Aontais, le linn na tréimhse a breithníodh. Cuireadh brú ar thionscal an Aontais dul i ngleic le praghsanna allmhairiúcháin an-íseal ó na tíortha lena mbaineann agus costas táirgthe méadaithe. Cé gur tháinig méadú ar a phraghsanna intíre, ní raibh tionscal an Aontais in ann leibhéal inbhuanaithe brabúis a bhaint amach, agus is ar éigean a bhain sé cóimheá airgid amach le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(299) Ar an dara dul síos, mheabhraigh an Coimisiún gur roghnaíodh an sampla bunaithe ar chritéir oibiachtúla mar a thuairiscítear in aithris (72) agus aithris (73). Ba iad na táirgeoirí a sampláladh sa chatagóir bheag táirgeoirí cuideachtaí a thairgeann bailiúcháin tíleanna ceirmeacha do raon leathan custaiméirí, lena n-áirítear don phobal i gcoitinne.

(300) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do gach maíomh a bhaineann le sladghearradh praghsanna agus cúngú praghsanna.

4.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(301) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar an tionscal de chuid an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid an tionscail de chuid an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh.

(302) Mar a mhínítear i roinn 1.4.1, baineadh úsáid as sampláil chun a chinneadh ar bhain díobháil do thionscal an Aontais mar gheall ar allmhairí tíleanna ceirmeacha de thionscnamh na hIndia agus na Tuirce.

(303) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn sonraí a bhí sa fhreagra a thug CET ar an gceistneoir a bhain le táirgeoirí uile an Aontais, agus rinneadh iad a chros-seiceáil i gcás iar gá le staitisticí trádála a bhí ar fáil in Eurostat agus leis na ceistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn sonraí sna freagraí ceistneora ó na sé dtáirgeoir sampláilte de chuid an Aontais. Rinneadh an dá thacar sonraí a fhíorú mar is cuí nó rinneadh iad a chros-seiceáil ó chian agus suíodh go raibh siad ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(304) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíocha: an táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta, an úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, an scair den mhargadh, an fás, an fhostaíocht, an táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin.

(305) Is iad seo na táscairí micreacnamaíocha: na meánphraghsanna aonaid, an costas aonaid, na costais saothair, na fardail, an bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus cumas chun caipiteal a chruinniú.

(306) Nuair a chuirtear san áireamh ilroinnt thionscal an Aontais agus an cleachtas a leagadh síos in imscrúduithe roimhe seo maidir leis an táirge céanna, rinneadh táscairí áirithe micreacnamaíocha i ngach ceann de chatagóirí na dtáirgeoirí mar a shainmhínítear in aithris (59) a ualú ag úsáid a sciar féin de tháirgeacht iomlán an Aontais. Mar a luaitear in aithris (60), tá struchtúr an tionscail tar éis gluaiseacht i dtreo táirgeoirí móra. Dá bhrí sin, rinneadh na micreatháscairí ábhartha le haghaidh táirgeoirí móra, meánmhéide agus beaga a ualú bunaithe ar chóimheas de 53:19:28, faoi seach. Úsáideadh ualú na dtorthaí le haghaidh praghsanna díola, an chostais táirgthe, brabúsachta agus toradh ar infheistíochtaí, i.e. táscairí nach gcinntear nuair a chuirtear torthaí tháirgeoirí sampláilte aonair an Aontais le chéile ach, ina ionad sin, táscairí a chinntear mar chéatadán nó meánluach aonaid, chomh maith leis an meánphraghas onnmhairiúcháin do chustaiméirí neamhghaolmhara de chuid tháirgeoirí sampláilte an Aontais. Áirithítear leis an ualú nach ndearnadh ró-ionadaíocht ar thorthaí na dtáirgeoirí móra sna torthaí maidir le díobháil agus gur léiríodh cás na dtáirgeoirí beaga agus meánmhéide go hiomchuí.

4.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(307) Tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 4

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdaithe
Méid táirgeachta (m^2)	1 229 823 662	1 197 848 970	1 097 490 246	1 229 257 050
Innéacs (2018=100)	*100*	*97*	*89*	*100*
Acmhainneacht táirgeachta (m^2)	1 455 493 248	1 438 233 198	1 441 597 966	1 440 337 389
Innéacs (2018=100)	*100*	*99*	*99*	*99*
Úsáid acmhainneachta	84 %	83 %	76 %	85 %
Innéacs (2018=100)	*100*	*99*	*90*	*101*

Foinse: CET

(308) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí an méid táirgeachta, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta cobhsaí, ach amháin an bhliain 2020 a bhí ina hasluiteach aonair. Tharla an titim ar an méid táirgeachta agus, dá dheasca sin, ar an úsáid acmhainneachta in 2020 mar gheall ar an gcur isteach gearrthéarmach ar tháirgeadh de thoradh na mbeart sláintíochta arna bhforchur ag na Ballstáit mar fhreagairt ar phaindéim Covid-19.

4.4.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(309) Suíodh díolacháin thionscal an Aontais trí bhíthin méideanna onnmhairiúcháin a dhealú ó na méideanna táirgeachta arna soláthar ag CET agus trí bhíthin coigeartú lena gcuirtear an t-athrú sna stoic a chur i bhfeidhm. Bhí an coigeartú maidir leis an athrú sna stoic bunaithe ar an ngearán do na blianta 2018 – 2020. Le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin, bhí sé bunaithe ar shonraí a bhain go sonrach le cuideachtaí, sonraí arna mbailiú ag CET. Cinneadh an méid táirgeachta mar a mhínítear in aithris (264). Fuarthas an fhaisnéis maidir le méideanna onnmhairiúcháin ó Eurostat agus coigeartaíodh í de réir na fianaise arna soláthar ag CET ([25]).

(310) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú tháinig forbairt ar mhéid na ndíolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh mar a leanas:

Tábla 5

Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdaithe
Méid na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (m^2)	707 146 016	724 457 535	717 890 003	726 565 367
Innéacs (2018=100)	*100*	*102*	*102*	*103*
Sciar den mhargadh	90,1 %	89,2 %	88,1 %	87,1 %
Innéacs (2018=100)	*100*	*99*	*98*	*97*

Foinse: CET

([25]) Ceartaíodh í i ndáil le méideanna don tréimhse imscrúdúcháin i gcás na Spáinne tar éis fianaise arna soláthar ag an ngearánach tar éis fhíorú an cheistneora macrathráscairí.

(311) Tháinig méadú beag ar méid na ndíolachán de thionscal an Aontais idir 2018 agus 2019. Bhí sé cobhsaí in 2020 in ainneoin an laghdú ar mhéid táirgeachta thionscal an Aontais de bharr díolacháin ó stoic (a bhíonn ard sa tionscal ceirmeachta de ghnáth). Tar éis téarnaimh san earnáil tógála in 2021 ([26]), tháinig méadú beag ar mhéid na ndíolachán de thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2020.

(312) Tháinig laghdú ar sciar thionscal an Aontais den mhargadh sa tréimhse faoi bhreathnú, ó 90,1 % in 2018 go 87,1 % sa tréimhse imscrúdúcháin. Ní raibh tionscal an Aontais in ann leas iomlán a bhaint as an méadú ar thomhaltas an Aontais (féach aithris (268)).

4.4.2.3. Fás

(313) Ní raibh tionscal an Aontais in ann lántairbhe a bhaint as an bhfás i gcomhthéacs thomhaltas méadaitheach an Aontais i ndáil le tíleanna ceirmeacha agus théarnamh iar-Covid-19 an mhargaidh tógála. Choinnigh sé leibhéal sách cobhsaí i ndáil leis an méid táirgeachta agus ní fhaca sé ach méadú beag ar dhíolacháin i margadh an Aontais.

4.4.2.4. An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

(314) Tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 6

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdaithe
Líon na bhfostaithe	55 544	55 089	54 470	54 412
Innéacs (2018=100)	*100*	*99*	*98*	*98*
Táirgeacht (m^2/fostaí)	22 141	21 744	20 148	22 592
Innéacs (2018=100)	*100*	*98*	*91*	*102*

Foinse: CET

(315) Chonacthas treocht a bhain le laghdú beag ar fhostaíocht an Aontais in earnáil na dtíleanna ceirmeacha le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú. Tháinig laghdú 2 % ar líon na bhfostaithe a bhain le táirgeadh na dtíleanna ceirmeacha idir 2018 agus an tréimhse imscrúdúcháin.

(316) Tháinig laghdú beag ar tháirgeacht idir 2018 agus 2019. Tháinig laghdú 7 % eile air in 2020 mar thoradh ar tháirgeacht laghdaithe de bharr na mbeart sláintíochta a bhain le Covid-19. Tar éis théarnamh an mhéid táirgeachta go dtí an leibhéal a bhí ann roimh Covid-19, chonacthas méadú 12 % ar tháirgeacht idir 2020 agus an tréimhse imscrúdúcháin.

4.4.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin

(317) Cé is moite de tháirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte amháin ón India agus de tháirgeoir sampláilte amháin ón Tuirc, bhí na corrlaigh dhumpála uile i bhfad os cionn an leibhéil *de minimis*. Ní diomaibhseach an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann.

(318) Bhí tíleanna ceirmeacha faoi réir imscrúduithe frithdhumpála roimhe seo. Shuigh an Coimisiún gur le linn na tréimhse ón 1 Aibreán 2009 go dtí an 31 Márta 2010, bhí tionchar suntasach ag allmhairí dumpáilte tíleanna ceirmeacha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ar staid thionscal an Aontais. Forchuireadh bearta sealadacha ar an 17 Márta 2011 ([27]). Forchuireadh bearta cinntitheacha ar an 15 Meán Fómhair 2011. ([28])

([26]) Margadh tógála na hEorpa go dtí 2024. Le fáil ar https://www.ceramicworldweb.com/index.php/en/economics-and-markets/european-construction-market-2024 (an dáta deireanach ar breathnaíodh air an 20 Meán Fómhair 2022).

([27]) Rialachán (AE) Uimh. 258/2011 ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí tíleanna ceirmeacha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 70, 17.3.2011, lch. 5).

([28]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 917/2011.

(319) Tar éis an athbhreithnithe éaga, leathnaigh an Coimisiún na bearta ar an 23 Samhain 2017 ([29]) bunaithe ar an dóchúlacht go leanfar den dumpáil agus an dóchúlacht go gcuirfear tús leis an díobháil arís. Chinn an t-imscrúdú gur théarnaigh tionscal an Aontais tar éis na dumpála ó Dhaon-Phoblacht na Síne de bharr na mbeart a cuireadh i bhfeidhm. Cuireadh tús leis an dara hathbhreithniú éaga ar na bearta sin an 22 Samhain 2022 ([30]).

4.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.4.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(320) Seo a leanas mar a tháinig forbairt ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe tháirgeoirí sampláilte an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas agus an costas táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdaithe
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/ m^2)	8,84	9,42	10,44	10,52
Innéacs (2018=100)	*100*	*106*	*118*	*119*
Costas aonaid na táirgeachta (EUR/m^2)	9,79	11,08	11,31	10,77
Innéacs (2018=100)	*100*	*113*	*116*	*110*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais

(321) Tháinig méadú 19 % ar an meánphraghas díola aonaid idir 2018 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Taifeadadh an méadú ba mhó in 2020. D'fhan an meánphraghas díola aonaid faoi bhun chostas aonaid an táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(322) Tháinig méadú 13 % ar chostas aonaid an táirgthe idir 2018 agus 2019 agus méadú 3 % sa bhreis in 2020. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú ar chostas aonaid an táirgthe i gcomparáid le 2020 ach d'fhan seo 10 % os cionn leibhéal 2018.

4.4.3.2. Costais saothair

(323) Tháinig forbairt ar mheánchostais saothair tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse a measadh mar a leanas:

Tábla 8

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdaithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	37 923	39 432	37 316	39 568
Innéacs (2018=100)	*100*	*104*	*98*	*104*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais

(324) Tháinig méadú 4 % ar an meánchostas saothair in aghaidh an fhostaí idir 2018 agus 2019. In 2020, tar éis cur isteach gearrthéarmach ar an táirgeadh, de bharr Covid-19, tháinig laghdú 6 % ar an gcostas i gcomparáid le 2019 sular fhill sé ar leibhéal 2019 sa tréimhse imscrúdúcháin. Sa tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú 4 % ar an meánchostas saothair in aghaidh an fhostaí i gcomparáid le 2018.

([29]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2179.
([30]) Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na dleachtanna frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí tíleanna ceirmeacha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C 442, 22.11.2022, lch. 3).

4.4.3.3. Fardail

(325) Tháinig forbairt ar leibhéil stoic tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse a measadh mar a leanas:

Tábla 9

Fardail

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdaithe
Stoic dheiridh (m^2)	28 561 422	27 030 762	24 368 066	24 436 327
Innéacs (2018=100)	*100*	*95*	*85*	*86*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	49 %	51 %	44 %	39 %
Innéacs (2018=100)	*100*	*104*	*91*	*79*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais

(326) Tháinig laghdú ar stoc deiridh idir 2018 agus 2019 i ndearbhthéarmaí. Mar sin féin, tháinig méadú 4 % (nó 2 phointe céatadáin) sa tréimhse chéanna nuair a shloinntear é mar chéatadán den táirgeacht. De bharr na méideanna laghdaithe táirgeachta agus an éilimh mhéadaithe, bhí tionscal an Aontais in ann méid an stoic dheiridh a laghdú i ndearbhthéarmaí agus nuair a shloinntear é mar chéatadán den táirgeacht in 2020. De réir mar a d'fhill an méid táirgeachta go dtí leibhéil 2018 agus de réir mar a lean an t-éileamh air ag fás le linn na tréimhse imscrúdúcháin, laghdaíodh an stoc deiridh, arna shloinneadh mar chéatadán den táirgeacht, tuilleadh sa tréimhse imscrúdúcháin.

4.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a chruinniú

(327) Tháinig forbairt ar an mbrabúsacht, ar shreabhadh airgid, ar infheistíochtaí agus ar an toradh ar infheistíochtaí de chuid tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse a measadh mar a leanas:

Tábla 10

An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdaithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán)	- 5,4 %	- 8,9 %	- 5,9 %	0,6 %
Innéacs (2018=100)	*- 100*	*- 166*	*- 110*	*10*
An sreabhadh airgid (EUR)	24 347 831	45 471 749	89 781 804	97 367 062
Innéacs (2018=100)	*100*	*187*	*369*	*400*
Infheistíochtaí (EUR)	68 496 866	27 469 167	22 525 713	26 179 748
Innéacs (2018=100)	*100*	*40*	*33*	*38*
Toradh ar infheistíochtaí	1 %	- 9 %	- 10 %	4 %
Innéacs (2018=100)	*100*	*- 1 600*	*- 1 832*	*660*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais

(328) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin díolacháin an táirge chomhchosúil i gcás custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Bhain caillteanas do thionscal an Aontais sna chéad 3 bliana den tréimhse faoi bhreathnú, agus ba ar éigean a bhain sé cóimheá airgid amach sa tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig méadú ar an gcaillteanas idir 2018 agus 2019, ó -5,4 % go -8,9 %. Tháinig méadú níos tapa ar phraghas díola thionscal an Aontais ná an costas táirgthe in 2020 (féach tábla 7 in aithris (320)). Lean laghdú ar chaillteanas, go -5,9 %, in 2020 sin. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí tionscal an Aontais in ann brabús a bhí beagán níos airde ná tairseach glanta na gcostas a chur sa leabhar.

(329) Bhí tionscal an Aontais in ann brabús beag a bhaint amach sa tréimhse imscrúdúcháin cé go raibh a mheánphraghsanna díola le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas faoi bhun an mheánchostais táirgthe (féach tábla 7 in aithris (320)). Tharla sé seo mar gheall ar dhifríochtaí sa réimse táirgí a táirgeadh agus sa réimse táirgí a díoladh san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ní hamháin gur bhain na difríochtaí leis na cineálacha táirgí ach bhain siad leis an uair a táirgeadh na hearraí a díoladh freisin (is é sin, cibé ar dhíolacháin ó stoc nó nár dhíolacháin ó stoc iad).

(330) Is ionann an sreabhadh airgid glan agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Mhéadaigh an glansreabhadh airgid faoi dhó nach mór idir 2018 agus 2019. Tháinig méadú mór eile air in 2020, agus, méadú ar luas níos measartha, le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Bhí treocht an tsreafa airgid nasctha cuid mhór le treocht na ndíolachán agus, dá bhrí sin, na stoc. In 2018, thaifead táirgeoir sampláilte amháin den Aontas athrú mór sna stoic i ndáil le táirgí críochnaithe, i.e. tháirg an chuideachta le haghaidh stoc. Níor tharla an cás céanna arís in 2019 agus, dá réir sin, iompaíodh sreabhadh airgid diúltach na cuideachta sin ina sreabhadh airgid dearfach. Míníodh leis sin cuid mhór de mhéadú an tsreafa airgid idir 2018 agus 2019. Bhí luach an tsreafa airgid in 2020 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin nasctha leis an bhfíoras gur chuir táirgeoirí sampláilte an Aontais isteach ar a gcuid táirgthe go sealadach de bharr dianghlasálacha a bhain le Covid-19 agus gur lean siad orthu ag díol ón stoc, ní a bhíodh cothrom le thart ar leath den chainníocht táirgeachta bhliantúil go stairiúil, mar a léirítear i dtábla 9 (féach aithris (325)). Tháinig laghdú ar stoc na dtáirgí críochnaithe in 2020 agus sa tréimhse imscrúdúcháin as ar eascair athrú sna stoic, rud a chuir luach leis an gcaillteanas a bhí ag dul i laghad (2020) nó leis an mbrabús beag (an tréimhse imscrúdúcháin).

(331) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Rialtas na Tuirce nach raibh an sampla ionadaíoch toisc nach bhféadfadh ach aon chuideachta amháin tionchar a imirt ar thorthaí an tsreafa airgid.

(332) Is é a bhí i gceist leis an sreabhadh airgid a chuirtear i láthair i dtábla 10 suim shimplí ar luachanna sreafa airgid uile tháirgeoirí sampláilte an Aontais. Ciallaíonn sé sin go raibh tionchar ag aon teagmhas nó éabhlóid i gceann de na cuideachtaí sampláilte ar an táscaire deiridh, is cuma cén sciar de tháirgeacht an Aontais a bheadh i gceist leis an sampla. In aithris (330), shoiléirigh an Coimisiún na luaineachtaí sa sreabhadh airgid. Dá bhrí sin, diúltaíodh don éileamh a rinne Rialtas na Tuirce.

(333) Tháinig laghdú 62 % ar infheistíochtaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Taifeadadh an laghdú is mó, 60 %, idir 2018 agus 2019. Tháinig laghdú eile ar na hinfheistíochtaí in 2020, agus ansin tháinig méadú orthu le linn na tréimhse imscrúdúcháin (16 % i gcomparáid le 2020). Maoiníodh infheistíochtaí, i bhformhór na gcásanna, le sreabhadh airgid agus creidmheasanna bainc. Bhain formhór na n-infheistíochtaí le cothabháil acmhainneachta agus athsholáthair. Maidir le hinfheistíochtaí i dtaighde agus forbairt agus nuálaíocht, a bhí cothrom le 38 % de na hinfheistíochtaí iomlána ó na táirgeoirí sampláilte in 2018, tháinig laghdú 97 % orthu sa tréimhse faoi bhreathnú agus níor cúiteoidh leo ach 3 % dá gcuid infheistíochtaí sa tréimhse imscrúdúcháin.

(334) Bhí tionchar ag an mbrabúsacht dhiúltach ar chumas tháirgeoirí sampláilte an Aontais caipiteal a thiomsú. Thuairiscigh táirgeoirí sampláilte an Aontais gur chuir an bhrabúsacht dhiúltach cosc orthu na hinfheistíochtaí ba ghá chun leas a bhaint as an acmhainneacht chun margaidh, a bhí i mbun fáis, a mhaoiniú. Thuairiscigh táirgeoir sampláilte amháin den Aontas go raibh air a chuid acmhainneachta a laghdú de bharr na bhfadhbanna a bhí aige chun caipiteal a thiomsú. Is cuid de ghrúpaí móra iad roinnt táirgeoirí sampláilte den Aontas agus, dá bhrí sin, is fearr a gcumas caipiteal a thiomsú ná cuideachtaí neamhspleácha a bhfuil staid airgeadais den chineál céanna acu. Imríonn an bhrabúsacht agus na hionchais ísle atá acu tionchar ar chinneadh na máthairchuideachta cistí a sholáthar, áfach, máthairchuideachtaí a fhéadfaidh a chinneadh infheistíocht a dhéanamh in rud eile.

(335) Is é an toradh ar infheistíochtaí an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Tháinig laghdú suntasach air in 2019 agus 2020 sular tháinig méadú air arís sa tréimhse imscrúdúcháin, ag leanúint na treochta maidir le brabúsacht.

4.5. **Conclúid faoi dhíobháil**

(336) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, níorbh fhéidir le tionscal an Aontais tairbhiú de mhargadh a bhí ag leathnú, mar a léirítear leis na macratháscairí a thaispeánann treochtaí diúltacha nó treochtaí sách cobhsaí i gcás a raibh éileamh méadaithe. D'fhan táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta agus fostaíocht ar an leibhéal céanna sa tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig méadú ar luas níos moille ná an tomhaltas ar dhíolacháin an Aontais (fás 3 % ar dhíolacháin an Aontais i margadh a d'fhás 6 %). Dá dheasca sin, tháinig laghdú ar sciar thionscal an Aontais den mhargadh, ó 90,1 % in 2018 go 87,1 % sa tréimhse imscrúdúcháin.

(337) D'ainneoin méadú 19 % ar a phraghas díola, níorbh fhéidir le tionscal an Aontais praghsanna a ardú san Aontas go leibhéil a bheadh ard go leor chun a chostais a aisghabháil le linn an chuid is mó den tréimhse faoi bhreathnú. Mar thoradh air sin, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhain caillteanas don tionscal (-5,4 % in 2018, -8,9 % in 2019, -5,9 % in 2020) nó ba ar éigean a bhain sé cóimheá airgid amach (0,6 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin, a ndearnadh difear dó de bharr an téarnaimh eacnamaíoch tar éis Covid-19, lena n-áirítear aschur méadaithe tógála mar a mhínítear in aithris (311), agus tráth a dhíol tionscal an Aontais cainníochtaí suntasacha ó stoic). Ní fhéadfaí a mheas go raibh an leibhéal brabúsachta a baineadh amach inbhuanaithe. Níorbh fhéidir le tionscal an Aontais a bpraghsanna díola san Aontas a mhéadú chuig leibhéal lena n-áiritheofaí leibhéil bhrabúsachta ba ghá chun a chostais táirgthe a chumhdach do chuid mhaith den tréimhse faoi bhreathnú ná chun leas a bhaint as an bhfás i margadh an Aontais, mar shampla trí infheistíochtaí nua a dhéanamh don leathnú, don taighde agus don fhorbairt agus chun a bheith gníomhach i bhforbairt deighleog amhail leaca móra. Go deimhin, sa chás sin, tháinig laghdú 62 % ar infheistíochtaí agus bhí acmhainneacht cobhsaí, rud a léirigh nárbh fhéidir le tionscal an Aontais fás leis an margadh a bhí ag fás.

(338) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur bhain díobháil ábhartha don tionscal de chuid an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

(339) Tar éis an nochta deiridh, rinne roinnt páirtithe leasmhara trácht ar thorthaí agus ar chonclúidí na díobhála.

(340) Chuir Ceramika Netto in iúl go raibh imní air faoi bhailíocht na sonraí a d'úsáid an Coimisiún dá thorthaí maidir le díobháil. Go háirithe, chuir an chuideachta isteach na ráitis airgeadais le haghaidh 2021 ó thrí tháirgeoir Pholannacha tíleanna ceirmeacha agus ailt nuachta ina ndéantar achoimre ar fheidhmíocht thionscal na criadóireachta san Iodáil agus sa Spáinn in 2021.

(341) Mhaígh CGCSA go raibh táirgeoirí an Aontais toilteanach faisnéis a sholáthar le haghaidh na bliana iomláine 2021 agus dá ndéanfadh an Coimisiún scrúdú ar an bhfaisnéis sin, chinnfeadh sé gur éifeachtaí phaindéim COVID-19 amháin ba chúis leis an díobháil.

(342) Thug an Coimisiún dá aire go ndearnadh an t-imscrúdú ar fhaisnéis, a fíoraíodh ar an láthair, a chuir táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais isteach le haghaidh na tréimhse imscrúdaithe agus na tréimhse faoi bhreathnú. Thairis sin, níor thug Ceramika Netto barúil maidir leis an sampla de tháirgeoirí onnmhairiúcháin ón Aontas laistigh den sprioc-am ab infheidhme. Chumhdódh aon fhaisnéis a bhaineann leis an mbliain iomlán 2021 tréimhse tar éis na tréimhse imscrúdaithe agus, dá bhrí sin, níorbh fhéidir í a úsáid chun díobháil a chinneadh. Ina theannta sin, níl an Coimisiún ar an eolas faoi aon tairiscintí réamhghníomhacha ó thionscal an Aontais chun sonraí tar éis na tréimhse imscrúdaithe a chur isteach. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh a rinne Ceramika Netto agus GCSCA.

(343) Mhaígh Rialtas na hIndia, Rialtas na Tuirce, GCSCA, an chuideachta Sogutsen Seramik ón Tuirc agus sé tháirgeoir onnmhairiúcháin déag ón India nach ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. I ndáil leis sin, chuir Rialtas na hIndia, Rialtas na Tuirce, GCSCA agus sé tháirgeoir onnmhairiúcháin déag ón India in iúl gur fhan an chuid is mó de na táscairí maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha cobhsaí nó gur tháinig feabhas orthu le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(344) Mar shampla, chuir na sé chuideachta déag in iúl gur tháinig méadú suntasach ar an méid táirgeachta, ar úsáid acmhainneachta agus ar tháirgiúlacht le linn na tréimhse imscrúdaithe i gcomparáid le 2020, agus gur tháinig laghdú suntasach ar na stoic deiridh le linn na tréimhse imscrúdaithe i gcomparáid le 2018. Ina theannta sin, d'áitigh táirgeoirí onnmhairiúcháin ón India, in ainneoin laghdú 3 phointe céatadáin ar sciar margaidh thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, gur choinnigh sé sciartha arda den mhargadh ar bun le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú. Thagair na cuideachtaí don réamhrialú ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ("an Chúirt") sa chás eurocylinder systems AG v Hauptzollamt Hamburg-Stadt ([31]). Rialaigh an Chúirt go ndearna an Chomhairle earráid fhollasach nuair a tháinig sí ar an gconclúid go raibh caillteanas de sciar cúig phointe céatadáin den mhargadh ina tháscaire de dhíobháil ábhartha toisc gur choinnigh tionscal an Aontais sciar ard den mhargadh agus gur tháinig méadú ar mhéideanna díolacháin agus ar phraghsanna díolacháin.

([31]) Breithiúnas ón gCúirt an 4 Feabhra 2021, eurocylinder systems AG v Hauptzollamt Hamburg-Stadt, Cás C-324/19, ECLI:EU:C:2021:94, míreanna 49 agus 52.

(345) Chuir Rialtas na Tuirce isteach gur bhain éabhlóid dhiúltach shealadach do tháscairí amhail brabúsacht, táirgeadh, méid na ndíolachán, praghas díolacháin an Aontais, úsáid acmhainneachta, táirgiúlacht, fardail, sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíochtaí in 2020, bliain a ndearna paindéim COVID-19 difear di, ach go raibh treocht dhearfach arís ann le linn na tréimhse imscrúdaithe. Thairis sin, d'áitigh Rialtas na Tuirce nár leor roinnt táscairí a léirigh treochtaí diúltacha le linn na tréimhse faoi bhreathnú chun teacht ar chonclúid maidir le díobháil ábhartha a bheith ann.

(346) Ar an gcaoi chéanna, mhaígh Rialtas na hIndia nár bhain aon díobháil do mhéideanna toisc gur bheag an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ón India le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Thug Rialtas na hIndia dá aire freisin, in ainneoin gur chaill sé sciar den mhargadh gur choinnigh tionscal an Aontais sciar ard den mhargadh. Ina theannta sin, tháinig méadú ar a mhéid díolachán agus tháinig méadú ar a phraghas díolacháin intíre ar luas níos airde ná an costas táirgthe, rud a d'fhág go raibh brabúsacht fheabhsaithe ann.

(347) D'áitigh GCSCA freisin gur bhain treochtaí neodracha nó dearfacha do go leor táscairí maicreacnamaíocha, amhail méid táirgeachta agus úsáid acmhainneachta, méid díolachán, sciar ard den mhargadh, fós le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Maidir le táscairí micreacnamaíocha, chuir an comhlachas in iúl gur mhéadaigh praghas díolacháin intíre an Aontais ar luas níos airde ná costas táirgthe thionscal an Aontais.

(348) Thug an Coimisiún dá aire nach mór na táscairí a scrúdú ní hamháin i bhfianaise a n-éabhlóide ach freisin maidir leis na leibhéil a baineadh amach. D'áitigh an Coimisiún gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de bharr na n-allmhairí dumpáilte méadaithe ón India agus ón Tuirc. Cé gur fhás praghas intíre an Aontais níos tapa ná costas táirgthe thionscal an Aontais, bhain caillteanas do thionscal an Aontais beagnach gach bliain le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus níor éirigh leis ach cóimheá airgid a bhaint amach le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ina theannta sin, chaill tionscal an Aontais sciar den mhargadh, d'ainneoin méadú ar thomhaltas.

(349) Ina theannta sin, thagair na páirtithe do thorthaí an Choimisiúin maidir le táscairí áirithe (méid an táirgthe, úsáid acmhainneachta) a raibh tionchar diúltach ag paindéim COVID-19 orthu in 2020 ach a tháinig chucu féin le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ní mór do na páirtithe a aithint freisin, áfach, gur tháinig feabhas ar tháscairí áirithe de bharr na paindéime, e.g. méid na stoc deiridh agus sreabhadh airgid. Ina dhiaidh sin, ní raibh an Coimisiún in ann aontú leis na páirtithe cur síos a dhéanamh ar an athrú le linn na tréimhse imscrúdaithe mar athrú ar tháinig feabhas suntasach air i gcomparáid leis an tréimhse roimhe sin ós rud é gur chomhaontaigh siad cheana gurbh í an phaindéim ba chúis leis an drochfheidhmíocht sna táscairí sin in 2020.

(350) Maidir le réamhrialú na Cúirte sa chás eurocylinder systems AG v Hauptzollamt Hamburg-Stadt, thug an Coimisiún dá aire nach mór gach cás a mheasúnú ar a fhiúntas féin. San imscrúdú lena mbaineann rialú na Cúirte, tháinig méadú ar mhéid na ndíolachán agus ar phraghsanna díolacháin i dtionscal an Aontais agus, ag an am céanna, coinníodh sciar ard den mhargadh agus brabúis dhá dhigit ar bun le linn na tréimhse faoi bhreathnú. ([32]) Tá an staid sa chás seo an-difriúil. Cé gur tháinig méadú beag ar phraghas díola tháirgeoirí an Aontais agus gur tháinig fás beag ar a méid díolacháin, bhí caillteanas fós ag baint do na cuideachtaí beagnach gach bliain den tréimhse faoi bhreathnú.

(351) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh a thuairiscítear in aithrisí (343) go (347).

5. **CÚISÍOCHT**

(352) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an staid lena fháil amach an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé gur bhain díobháil do thionscal an Aontais de dheasca tosca aitheanta eile san am céanna. D'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte na tíortha lena mbaineann, i leith na n-allmhairí dumpáilte. Is allmhairí ó thríú tíortha eile iad na tosca seo, lena n-áirítear allmhairí neamh-dhumpáilte ón India, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, treocht an éilimh, treocht chostas táirgthe thionscal an Aontais agus tionchar phaindéim Covid-19.

([32]) Rialachán (CE) Uimh. 289/2009 an 7 Aibreán 2009 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí píopaí agus feadán gan uaim áirithe d'iarann nó de chruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 94, 8.4.2009, lch. 48).

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(353) Maidir le méid na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, tháinig méadú 72 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó [39 000 000 – 42 000 000] m^2 in 2018, ionann is sciar [5 – 5,2] % den mhargadh, go [67 000 000 – 69 000 000] m^2 sa tréimhse imscrúdúcháin, ionann is sciar [8,1 – 8,3] % den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Bhí an méadú ar allmhairí ó thíortha lena mbaineann (72 %) i bhfad níos mó ná an méadú ar thomhaltas i margadh an Aontais (6 %) agus an méadú ar dhíolacháin an Aontais (3 %). Bhí an méadú de bhreis agus 3 phointe céatadáin i sciar margaidh na n-allmhairí dumpáilte comhthreomhar le caillteanas 3 phointe céatadáin i sciar thionscal an Aontais den mhargadh, ó 90,1 % in 2018 go 87,1 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(354) Ba é tionscal an Aontais a bhí thíos leis an méadú sin a bhí ag na hallmhairí dumpáilte ar an sciar den mhargadh toisc nach raibh an tionscal in ann tairbhiú den tomhaltas a bhí ag méadú i gcónaí.

(355) Bhí an méadú ar allmhairí bunaithe ar phraghsanna ísle dumpáilte. Mar a shuitear in aithris (293), ghearr na praghsanna ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte i margadh an Aontais faoi phraghsanna thionscal an Aontais go mór, faoi 36 % ar a laghad i gcás na hIndia agus faoi suas le 19,9 % i gcás na Tuirce le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus, ar aon tslí, bhí siad i bhfad níos ísle ná costais táirgthe thionscal an Aontais.

(356) Anuas ar na torthaí maidir le sladghearradh suntasach le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí na meánphraghsanna allmhairiúcháin ó na tíortha lena mbaineann i bhfad níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Maidir leis an difríocht sa phraghas (bunaithe ar mheánfhigiúirí Eurostat) idir na hallmhairí dumpáilte agus praghsanna thionscal an Aontais, bhí sé suntasach, agus tháinig méadú air le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó € 2,98/m^2 in 2018 go € 4,77/m^2 le linn na tréimhse imscrúdúcháin, sin méadú 60 %.

(357) De bharr na n-allmhairí dumpáilte, a raibh a bpraghsanna faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, a bhí ina gcúis, dá réir sin, le brú suntasach ar phraghsanna, agus chun iarracht a dhéanamh gan sciar eile den mhargadh a chailleadh, níorbh fhéidir le tionscal an Aontais a phraghsanna san Aontas a mhéadú os cionn a chostais táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú (féach tábla 7 in aithris (320)). Is ar éigean a bhain sé cóimheá airgid amach le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a tharla an tráth céanna leis an téarnamh tar éis COVID-19 agus leis an méadú ar an aschur tógála (féach aithris (311)). I gcás ar bith, bhí leibhéal brabúis thionscal an Aontais an-íseal (0,6 %) le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus ní féidir a mheas go raibh sé inbhuanaithe (féach aithris (337)). Bhí an borradh faoi na hallmhairí dumpáilte níos mó ná mar a bhí faoi dhíolacháin an Aontais sa téarnamh tar éis Covid-19 freisin: cé gur tháinig méadú 1,2 % ar dhíolacháin thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2020, tháinig méadú 17,5 % ar na hallmhairí dumpáilte.

(358) Dá bharr sin, chaill tionscal an Aontais díolacháin agus cuireadh bac air leibhéil réasúnacha brabúis a bhaint amach mar gheall ar an méadú thuas ar allmhairí dumpáilte ar phraghsanna ísle. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, dá bhrí sin, go bhfuil nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(359) Tháinig forbairt ar mhéid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse a measadh mar a leanas:

Tábla 11

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdaithe
Allmhairí neamhdhumpáilte ón India agus ón Tuirc	Toirt (m^2)	[8 000 000 – 10 000 000]	[10 000 000 – 12 000 000]	[13 000 000 – 15 000 000]	[14 000 000 – 16 000 000]
	Innéacs (2018=100)	*100*	*132*	*160*	*173*

	Sciar den mhargadh	[1 – 1,2] %	[1,4 – 1,6] %	[1,6 – 1,8] %	[1,7 – 1,9] %
	Meánphraghas (€/m²)	[6,1 – 6,4]	[6,4 – 6,7]	[6,5 – 6,8]	[6,4 – 6,7]
	Innéacs (2018=100)	*100*	*105*	*106*	*105*
An Úcráin	Toirt (m²)	5 641 163	5 104 655	4 890 265	5 546 233
	Innéacs (2018=100)	*100*	*90*	*87*	*98*
	Sciar den mhargadh	0,7 %	0,6 %	0,6 %	0,7 %
	Meánphraghas (EUR/m²)	4,22	4,44	4,37	4,55
	Innéacs (2018=100)	*100*	*105*	*103*	*108*
An tSín	Toirt (m²)	8 534 901	6 739 211	6 488 766	4 836 581
	Innéacs (2018=100)	*100*	*79*	*76*	*57*
	Sciar den mhargadh	1,1 %	0,8 %	0,8 %	0,6 %
	Meánphraghas (EUR/m²)	5,11	5,18	4,81	4,95
	Innéacs (2018=100)	*100*	*101*	*94*	*97*
Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha	Toirt (m²)	3 443 921	3 220 877	3 448 721	3 194 145
	Innéacs (2018=100)	*100*	*94*	*100*	*93*
	Sciar den mhargadh	0,4 %	0,4 %	0,4 %	0,4 %
	Meánphraghas (EUR/m²)	9,29	7,30	6,57	6,93
	Innéacs (2018=100)	*100*	*78*	*71*	*75*

Tíortha eile (seachas na Tíortha lena mbaineann)	Toirt (m^2)	12 091 485	11 671 162	10 263 420	11 036 430
	Innéacs (2018=100)	*100*	*97*	*85*	*91*
	Sciar den mhargadh	1,5 %	1,4 %	1,3 %	1,3 %
	Meánphraghas (€/m^2)	6,68	6,24	6,96	7,15
	Innéacs (2018=100)	*100*	*105*	*106*	*107*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas na tíortha lena mbaineann, lena n-áirítear allmhairí neamh-dhumpáilte ón India agus ón Tuirc)	Toirt (m^2)	[38 000 000 – 40 000 000]	[37 000 000 – 39 000 000]	[38 000 000 – 40 000 000]	[39 000 000 – 41 000 000]
	Innéacs (2018=100)	*100*	*100*	*101*	*103*
	Sciar den mhargadh	[4,8 – 5] %	[4,6 – 4,8] %	[4,7 – 4,9] %	[4,7 – 4,9] %
	Meánphraghas (€/m^2)	[6 – 6,3] %	[5,9 – 6,2] %	[6 – 6,3] %	[6,2 – 6,5] %
	Innéacs (2018=100)	*100*	*98*	*100*	*103*

Foinse: Eurostat, táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte

(360) Tháinig méadú 3 % ar allmhairí ó gach tríú tír seachas na tíortha lena mbaineann ach lena n-áirítear na hallmhairí neamhdhumpáilte ón India agus ón Tuirc ("gach tríú tír" anseo feasta) le linn na tréimhse faoi bhreathnú. [36 – 38 %] d'allmhairí iomlána isteach san Aontas a bhí in allmhairí ó thríú tíortha eile sa tréimhse imscrúdúcháin (íslithe ó [48 – 50] % d'allmhairí in 2018). Tháinig laghdú ar a sciar de mhargadh an Aontais bliain i ndiaidh bliana, ó [4,8 – 5] % in 2018 go [4,7 – 4,9] % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Cé is moite d'allmhairí neamhdhumpáilte ó na tíortha lena mbaineann, agus ón tSín sa bhliain 2018, níor bhain aon tír aonair eile sciar níos mó ná 1 % den mhargadh amach le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(361) Maidir le meánphraghas na n-allmhairí ó gach tríú tír, tháinig laghdú 2 % orthu ar dtús idir 2018 agus 2019, agus ansin tháinig méadú orthu go mall ó 2020 ar aghaidh go dtí gur bhain siad leibhéal amach a bhí 3 % níos airde le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2018. Bhí praghsanna na n-allmhairí sin níos airde ná praghsanna allmhairiúcháin na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Breathnaíodh an difríocht is mó le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nuair a bhí an meánphraghas ó thríú tíortha [8 – 12] % níos airde ná meánphraghas na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann.

(362) Tháinig méadú 73 % ar allmhairí neamhdhumpáilte ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó [8 000 000-10 000 000] méadar cearnach in 2018 go [16 000 000-18 000 000] le linn na tréimhse imscrúdaithe. Tháinig méadú ar a sciar comhroinnte den mhargadh ó [1 – 1,2] % in 2018 go [1,7 – 1,9] % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Bhí praghsanna na n-allmhairí sin níos airde ná praghsanna allmhairiúcháin na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. In 2019, in 2020 agus le linn na tréimhse imscrúdaithe bhí siad 14 % ar a laghad níos airde ná meánphraghas allmhairiúcháin na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. Bhí na meánphraghsanna allmhairiúcháin faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, bhí tionchar diúltach ag na hallmhairí sin agus ag an méadú a tháinig orthu ar fheidhmíocht thionscal an Aontais.

(363) Dá bhrí sin is féidir gur chuir allmhairí ó gach tríú tír seachas na tíortha lena mbaineann ach lena n-áirítear na hallmhairí neamhdhumpáilte ón India agus ón Tuirc ar bhonn teoranta leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil a meánphraghsanna níos airde ná meánphraghsanna na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann, go bhfuil na méideanna níos lú agus nach bhfuair siad sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ní mhaolaíonn na hallmhairí sin, i dteannta a chéile agus ina n-aonar, an nasc cúisíoch a bunaíodh leis na hallmhairí dumpáilte ón India agus ón Tuirc.

(364) Tar éis an nochta pháirtigh bhreise, d'áitigh Rialtas na Tuirce go raibh na conclúidí ón gCoimisiún maidir le héifeacht na n-allmhairí neamhdhumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus ó gach tríú tír ar staid thionscal an Aontais claonta ós rud é gur chinn an Coimisiún go raibh tionchar diúltach ag na hallmhairí neamhdhumpáilte ó na tíortha lena mbaineann ar fheidhmíocht thionscal an Aontais agus nár chuir na hallmhairí ó gach tríú tír leis an díobháil ábhartha ach ar bhonn teoranta, go háirithe ós rud é gur allmhairí iad na tríú tíortha uile a shroich méid ceithre huaire níos airde ná allmhairí neamhdhumpáilte ó na tíortha lena mbaineann.

(365) Thug an Coimisiún dá aire gur ghá aithrisí (362) agus (363) a léamh le chéile. Agus a méideanna agus a bpraghsanna á gcur san áireamh, bhí tionchar diúltach ag na hallmhairí neamhdhumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus ó allmhairí tríú tír eile ar fheidhmíocht thionscal an Aontais, ach ní raibh tionchar diúltach acu chun an nasc cúisíoch a mhaolú. Mar a mhínítear in aithris (360), áirítear sa chatagóir "gach tríú tír" na hallmhairí neamhdhumpáilte ón India agus ón Tuirc freisin. Dá dheasca sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(366) Tar éis an nochta pháirtigh bhreise, d'áitigh Rialtas na hIndia go raibh na hallmhairí ón India i dtéarmaí méide agus praghsanna cosúil leis na hallmhairí ó thríú tíortha (seachas na hallmhairí neamhdhumpáilte ó na tíortha lena mbaineann). Mar sin féin, níor imscrúdaigh an Coimisiún na tríú tíortha sin. De réir Rialtas na hIndia, chruthaigh sé sin nach ndearnadh díobháil do thionscal an Aontais mar gheall ar allmhairí dumpáilte ón India ach mar gheall ar chostas ard táirgeachta. Ina theannta sin, chuir Rialtas na hIndia in iúl nach raibh nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón India agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais ós rud é gur tháinig feabhas ar bhrabúsacht thionscal an Aontais de réir mar a tháinig méadú ar allmhairí ón India.

(367) Mheabhraigh an Coimisiún go ndearna sé scrúdú ar thionchar na n-allmhairí ón India agus ón Tuirc a fuarthas amach a rinneadh ar phraghsanna dumpáilte. Tionscnaíodh an t-imscrúdú bunaithe ar fhianaise leordhóthanach ar dhumpáil a chuir an gearánach ar fáil. Ós rud é nár cuireadh isteach aon fhianaise den sórt sin maidir le tríú tíortha eile, níor imscrúdaigh an Coimisiún na tíortha sin agus, dá bhrí sin, ní fhéadfadh sé aon chinneadh maidir le dumpáil a dhéanamh san imscrúdú sin. D'admhaigh an Coimisiún gur chuir na hallmhairí ó gach tríú tír leis an díobháil ábhartha ar bhealach teoranta (féach aithris (363)). A mhéid a bhaineann sé leis na méideanna allmhairí, rinne an Coimisiún anailís ar na ceanglais le haghaidh measúnú carnach ar allmhairí dumpáilte agus chinn sé gur comhlíonadh na ceanglais uile san imscrúdú seo. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí a mheas gur diomaibhseach iad na hallmhairí ón India. Ar deireadh, mar a mhínítear in aithris (298), cé go raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a mhéadú agus a fheidhmíocht airgeadais a fheabhsú ar an gcaoi sin, ní raibh sé in ann ach leibhéil bhrabúsachta a bhaint amach a bhí beagán os cionn an phointe cóimheá airgid le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ina theannta sin, mar a mhínítear in aithrisí (293) go (295), chinn an Coimisiún go ndearnadh sladghearradh suntasach agus cúngach praghsanna de bharr na n-allmhairí dumpáilte ón India agus ón Tuirc. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh nach bhféadfadh allmhairí ón India, i dtéarmaí méideanna agus praghsanna, díobháil ábhartha a dhéanamh do thionscal an Aontais.

5.2.2. Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais

(368) Rinne an Coimisiún scrúdú ar threocht na n-allmhairí agus na bpraghsanna do thionscal iomlán an Aontais bunaithe ar shonraí Eurostat ([33]).

Tábla 12

Onnmhairí ón Aontas

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdaithe
Méid onnmhairí (m^2)	470 484 212	470 086 762	447 819 312	514 369 625
Innéacs (2018=100)	*100*	*100*	*95*	*109*
Meánphraghas (EUR/m^2)	8,58	8,53	8,78	8,77
Innéacs (2018=100)	*100*	*99*	*102*	*102*

Foinse: CET, Eurostat

(369) De réir shonraí Eurostat, tháinig méadú 9 % ar onnmhairí an Aontais de thíleanna ceirmeacha le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí onnmhairí cobhsaí sna chéad 2 bhliain den tréimhse faoi bhreathnú sular tháinig laghdú 5 % orthu idir 2019 agus 2020, agus ansin tháinig méadú orthu sa tréimhse imscrúdúcháin, is é sin 15 % bliain i ndiaidh bliana. Bhí meánphraghas na n-onnmhairí sách cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, nuair a breathnaíodh méadú 2 %.

(370) Mhaígh páirtithe leasmhara, bunaithe ar na sonraí sa ghearán, gur chúis díobhála a bhí i bhfeidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, de bharr an laghdaithe in 2020 agus toisc go raibh an meánphraghas onnmhairiúcháin níos ísle ná costas táirgthe na ngearánach.

(371) Bhí comparáid den sórt sin mícheart. I dtús báire, áiríodh i sonraí Eurostat onnmhairí uile an Aontais (lena n-áirítear iad siúd le custaiméirí gaolmhara lasmuigh den Aontas) fad nár léiríodh le costas táirgthe na ngearánach ach cuid d'onnmhairí an Aontais. Ar an dara dul síos, chumhdaigh an tréimhse imscrúdúcháin tréimhse dhifriúil leis an tréimhse a úsáideadh sa ghearán.

(372) I gcás ar bith, rinne an Coimisiún anailís ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí sampláilte an Aontais freisin, bunaithe ar shonraí fíoraithe. Seo a leanas mar a forbraíodh méid agus meánphraghas na n-onnmhairí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13

Feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí sampláilte an Aontais

	2018	2019	2020	An tréimhse imscrúdaithe
Méid onnmhairí (m^2)	6 906 051	7 483 379	7 105 324	9 669 741
Innéacs (2018=100)	*100*	*108*	*103*	*140*
Meánphraghas (EUR/m^2)	13,60	13,81	11,63	11,24
Innéacs (2018=100)	*100*	*102*	*85*	*83*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais

([33]) Ceartaíodh í i ndáil le méideanna don tréimhse imscrúdúcháin i gcás na Spáinne tar éis fianaise arna soláthar ag an ngearánach tar éis fhíorú an cheistneora macratháscairí.

(373) Tháinig méadú 40 % ar mhéid onnmhairí tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Breathnaíodh an méadú is mó sa tréimhse imscrúdúcháin, is é sin 36 % bliain i ndiaidh bliana (i.e. i gcomparáid le 2020). Tháinig laghdú 17 % ar mheánphraghas onnmhairí tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig méadú beag air i dtús báire, agus ansin d'ísligh sé in 2020 agus sa tréimhse imscrúdúcháin. D'ainneoin an laghdaithe seo, bhí meánphraghas onnmhairiúcháin tháirgeoirí sampláilte an Aontais os cionn a gcostais táirgthe le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(374) I bhfianaise a éabhlóide dearfaí, ní fhéadfadh sé gur chuir feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí sampláilte an Aontais nó feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais trí chéile leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

(375) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Rialtas na Tuirce nach bhféadfaí an caillteanas sa sciar den mhargadh a bhain do thionscal an Aontais a chur i leith allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. Chuir an páirtí méid méadaitheach onnmhairí thionscal an Aontais in iúl agus d'áitigh sé gurb é tionscal an Aontais ba chúis le caillteanas an sciar den mhargadh agus tús áite á thabhairt d'onnmhairí thar dhíolacháin intíre. D'athdhearbhaigh Rialtas na Tuirce an t-éileamh sin tar éis an nochta pháirtigh bhreise.

(376) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Chuirfeadh méid an stoic dúnta agus leibhéal úsáide acmhainneachta thionscal an Aontais ar chumas thionscal an Aontais a mhéideanna onnmhairiúcháin agus a mhéideanna díolacháin intíre a mhéadú ag an am céanna. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh feidhmíocht onnmhairiúcháin fheabhsaithe thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú údar a thabhairt le caillteanas sciar margaidh thionscal an Aontais, mar gheall ar mhéideanna méadaitheacha na n-allmhairí dumpáilte lena ndearnadh praghsanna thionscal an Aontais a shladghearradh agus a shrianadh, mar a thugtar i gcrích in aithris (358). Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

5.2.3. *Tomhaltas*

(377) Mhaígh roinnt páirtithe gur chúis díobhála do thionscal an Aontais an laghdú domhanda ar thomhaltas tíleanna ceirmeacha. Dé réir mar a shuitear in aithrisí (267) go (269), áfach, tháinig méadú seasta ar thomhaltas san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh sé gur chuir sé leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

5.2.4. *Éabhlóid an chostais táirgthe*

(378) Dúirt páirtithe leasmhara gur chúis díobhála do thionscal an Aontais a bhí sna méaduithe ar chostais amhábhar, fuinnimh, iompair agus liúntas astaíocht CO_2.

(379) Bhí costas táirgthe thionscal an Aontais níos airde ná a phraghsanna díola agus mhéadaigh sé ar feadh fhormhór na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, bhreathnaigh tionscal an Aontais caillteanais mhóra le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar a mhínítear in aithris (357), áfach, níorbh fhéidir le tionscal an Aontais a phraghsanna san Aontas a mhéadú os cionn a chostais táirgthe le linn chuid mhór den tréimhse faoi bhreathnú, agus ní dhearna sé leibhéil inbhuanaithe brabúis, mar iarracht gan tuilleadh den sciar den mhargadh a chailleadh do na hallmhairí dumpáilte ar phraghsanna ísle.

(380) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Rialtas na hIndia, Rialtas na Tuirce agus sé tháirgeoir onnmhairiúcháin déag ón India nár scrúdaigh an Coimisiún tosca eile, amhail costas méadaitheach amhábhar, fuinnimh, lamháltas CO_2 agus saothair.

(381) Scrúdaigh an Coimisiún an fhaisnéis fhíoraithe ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais agus chinn sé nár tháinig ach méadú beag (thart ar 4 %) ar chostas na n-amhábhar (in aghaidh m^2) le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú iarbhír ar chostas fuinnimh agus saothair in aghaidh m^2. D'fhan an costas comhlíonta in aghaidh m^2 sách cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ina theannta sin, mar a mhínítear in aithris (379), bhain caillteanas do thionscal an Aontais maidir lena neamhábaltacht praghsanna a mhéadú faoin mbrú praghsanna ó allmhairí ón India agus ón Tuirc. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

5.2.5. *Éifeachtaí COVID-19*

(382) Mhaígh páirtithe leasmhara gurbh í paindéim Covid-19 ba chúis leis an díobháil do thionscal an Aontais de bharr na dtréimhsí dúnta. Mhaígh siad freisin gurbh í sin ba chúis leis na méaduithe ar chostais freisin, toisc go raibh siad ag brath ar allmhairí amhábhar agus de bharr an tsuaite ar an slabhra soláthair a lean paindéim Covid-19. Ar deireadh, mhaígh roinnt páirtithe leasmhara gur chúis leis an méadú ar chostas a bhí san fhíoras nár leag tionscal an Aontais lucht saothair as d'ainneoin na dtréimhsí dúnta agus gurbh ionann sin agus féindíobháil.

(383) Ó thaobh an tsoláthair de, le linn an chéad bhabhta de phaindéim Covid-19, sa chéad leath de 2020, bhí ar fhormhór de na táirgeoirí de chuid an Aontais a saoráidí táirgthe a dhúnadh ar feadh seala. Léiríodh é sin go soiléir sa mhéid táirgeachta, a thit 11 % in 2020 i gcomparáid le 2018 agus 8 % i gcomparáid le 2019. Théarnaigh an táirgeacht sa tréimhse imscrúdúcháin, áfach (féach Tábla 4).

(384) Rinne an Coimisiún anailís ar an tionchar ar tháirgeoirí sampláilte an Aontais freisin. Dheimhnigh an anailís sin na torthaí maidir leis an Aontas ar fad. Bhí na bearta a glacadh de bharr phaindéim Covid-19 éagsúil i measc na dtáirgeoirí sna Ballstáit éagsúla. Bhí ar cheithre cinn de tháirgeoirí sampláilte an Aontais a saoráidí táirgthe a dhúnadh sa chéad leath de 2020 (Márta agus Aibreán), fad nár dhún dhá cheann acu ach laghdaigh siad táirgeadh. Thuairiscigh táirgeoirí sampláilte uile an Aontais laghdú ar tháirgeacht le linn na dtréimhsí dúnta i gcomparáid leis an tréimhse chéanna sa bhliain roimhe sin, ach théarnaigh táirgeacht sa tréimhse imscrúdúcháin.

(385) D'ainneoin na ndúntaí, níor mhéadaigh an costas táirgthe ach beagán (+2 %) in 2020 i gcomparáid le 2019 (féach aithris (320)). Thuairiscigh táirgeoir sampláilte amháin de chuid an Aontais, gur thairbhigh sé de chostais ísle amhábhar agus na tosca uile táirgthe, go háirithe costais fuinnimh agus iompair, sa chéad leath de 2020, de bharr infhaighteacht neamhghnách saothair, seirbhísí agus soláthairtí. Bhí aon tionchar ar an slabhra soláthair diomaibhseach, dá réir. Maidir leis an lucht saothair, bhí na bearta a rinne na táirgeoirí sampláilte éagsúil sna Ballstáit éagsúla, idir thuarastail a laghdú, obair ghearr-ama a thabhairt d'fhostaithe, cistí iomarcaíochta nó am saoire a úsáid, nó scéimeanna cosanta as ar eascair coigilteas.

(386) Ó thaobh an éilimh de, mar a fheictear in aithris (268), choinnigh margadh an Aontais air ag fás le linn phaindéim Covid-19. Tháinig méadú seasta ar na treochtaí maidir le tomhaltas, allmhairí agus díolachán thionscal an Aontais san Aontas sa tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig méadú ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ar luas níos tapa ná díolacháin thionscal an Aontais agus tomhaltais in 2020 freisin. Bhí tionscal an Aontais in ann a mhéid díolachán a choinneáil ar bun in 2020, d'ainneoin dhúnadh sealadach na monarchana, trí bhíthin stoic a dhíol, toisc gur saintréith den tionscal faoi leith seo leibhéil an-ard stoc (thart ar 50 % de tháirgeacht). Dá réir sin, breathnaíodh laghdú ó thaobh stoc de in 2020 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin (féach aithris (325)).

(387) Dá bhrí sin, toisc go raibh an t-éileamh cobhsaí agus toisc go raibh tionscal an Aontais in ann tús a chur leis an táirgeadh arís go tapa tar éis an dúnta agus a stoc a úsáid chun méid a dhíolacháin a choinneáil ar bun, bhí éifeachtaí phaindéim Covid-19 ar thionscal an Aontais teoranta agus níor caolaíodh leis an nasc cúisíoch a suíodh leis na hallmhairí dumpáilte ón India agus ón Tuirc.

(388) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Rialtas na hIndia, Rialtas na Tuirce, CGCSA, Sogutsen Seramik agus Yurtbay Seramik gurbh í paindéim COVID-19 ba chúis leis an díobháil agus mhaígh siad nach ndearna an Coimisiún scrúdú leordhóthanach ar a tionchar. Chuir CGCSA in iúl nár bhailigh an Coimisiún sonraí cainníochtúla a chun éifeachtaí COVID-19 a scrúdú.

(389) Tugadh aghaidh cheana féin in aithrisí (383) go (387) ar an maíomh gurbh í paindéim COVID-19 ba chúis leis an díobháil. Scrúdaigh an Coimisiún tionchar phaindéim COVID-19 ar fheidhmíocht thionscal an Aontais ar thaobh an tsoláthair agus ar thaobh an éilimh araon, ar leibhéal thionscal iomlán an Aontais agus freisin ar leibhéal tháirgeoirí sampláilte an Aontais (féach aithrisí (384) agus (385)). Bhailigh an Coimisiún sonraí maidir leis na táscairí díobhála uile agus scrúdaigh sé tionchar phaindéim COVID-19 ar an mbonn sin. D'admhaigh sé go raibh tionchar soiléir ag an bpaindéim ar mhéideanna táirgeachta thionscal an Aontais, a théarnaigh go tapa, agus ar a leibhéal stoc, ach gur dhiomaibhseach an tionchar ar mhéid, ar chostais, ar allmhairí agus ar thomhaltas na ndíolachán. Thairis sin, bhailigh an Coimisiún faisnéis bhreise maidir le tionchar phaindéim COVID-19 ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais, amhail fad na ndúnadh do na cuideachtaí sin a dhún nó na bearta a rinne siad maidir leis an lucht saothair. Níor chuir páirtithe leasmhara aon fhianaise nó argóintí nua ar fáil a d'fhéadfadh na conclúidí sin a athrú, ná aon fhianaise ar na sonraí eile ba cheart don Choimisiún a bhailiú nó a anailísiú. Dá dheasca sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin.

5.3. **An chonclúid ar chúisíocht**

(390) Shuigh an Coimisiún nasc cúisíoch idir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ón India agus ón Tuirc. Tháinig méadú ar allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann i gcomhthráth le laghdú ar sciar thionscal an Aontais den mhargadh i margadh an Aontais. Bhain an chuid is mó den éileamh méadaithe san Aontas leis na hallmhairí. Bhí an méadú ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann bunaithe ar phraghsanna ísle dumpáilte a bhí faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais, allmhairí a ghearr faoi phraghsanna díola thionscal an Aontais i margadh an Aontais go suntasach agus a chuir cosc ar thionscal an Aontais praghsanna a shocrú ar leibhéil inbhuanaithe ba ghá chun corrlaigh bhrabúis réasúnacha a bhaint amach.

(391) Dhealaigh agus scar an Coimisiún éifeachtaí na dtosca aitheanta uile ar staid an thionscail an Aontais ó éifeachtaí díobhála na n-allmhairí dumpáilte. Maidir leis an éifeacht a bhí ag na hallmhairí neamh-dhumpáilte, ag feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, ag éabhlóid thomhaltas an Aontais, ag éabhlóid chostas táirgthe thionscal an Aontais agus ag paindéim Covid-19 ar fheidhmíocht dhiúltach thionscal an Aontais maidir lena sciar den mhargadh agus a bhrabúsacht, bhí na héifeachtaí sin teoranta.

(392) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de bharr na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus maidir leis na tosca eile, a breithníodh leo féin nó le chéile, nár mhaolaigh siad an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha.

(393) Tar éis an nochta deiridh, chuir Rialtas na hIndia in iúl i ndáil leis na conclúidí maidir le cúisíocht gur bhain caillteanais do thionscal an Aontais cheana féin in 2018 nuair ba dhiomaibhseach allmhairí ón India. Ina theannta sin, de réir mar a tháinig méadú ar allmhairí na hIndia, tháinig feabhas ar staid bhrabúsachta tháirgeoirí an Aontais freisin. Dá bhrí sin, de réir Rialtas na hIndia, ní raibh aon nasc cúisíoch idir allmhairí na hIndia agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(394) Thug an Coimisiún dá aire go ndearnadh measúnú carnach ar thionchar na n-allmhairí ón India agus ón Tuirc, seachas measúnú aonair. In aon chás, suíodh leis an imscrúdú gur tháinig méadú faoi dhó ar allmhairí dumpáilte na hIndia ó 2018 go dtí an tréimhse imscrúdaithe. Bhí an méadú sin bunaithe ar phraghsanna dumpáilte a bhí faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. I bhfianaise an mhéadaithe sin, chaill tionscal an Aontais díolacháin leis na hallmhairí dumpáilte agus, ionas nach gcaillfeadh sé díolacháin bhreise, ní fhéadfadh sé a phraghsanna a shocrú ar na leibhéil is gá chun corrlaigh bhrabúis réasúnta a bhaint amach. Dá bhrí sin, tá nasc cúisíoch soiléir idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Dá dheasca sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(395) Tar éis anailís a dhéanamh ar na barúlacha a fuarthas tar éis an nochta deiridh, dheimhnigh an Coimisiún a chuid torthaí maidir le cúisíocht.

6. **LEIBHÉAL NA mBEART**

(396) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte a bhaint.

6.1. **Corrlach díobhála**

(397) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a fháil trí dhíol ar spriocphraghas de bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(398) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shuí, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ó na tíortha atá faoi imscrúdú, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeifí ag súil léi faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart don chorrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(399) Ní dhearna an gearánach ná aon cheann de tháirgeoirí sampláilte an Aontais aon mhaíomh cuí-réasúnaithe maidir le leibhéal an spriocbhrabús.

(400) D'úsáid an gearán spriocbhrabús de 6 %, an t-íosbhrabús a ndéantar foráil dó in Airteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, agus níor tugadh aon fhianaise gur cheart é a shocrú ar leibhéal níos airde. Níor luadh sa ghearán ach go raibh coinne leis an ngearánach go mbunófaí an ríomh gearrdhíola le linn an imscrúdúcháin ar spriocbhrabús níos airde lena léireofaí costais chomhshaoil i bhfad níos airde a mbeadh coinne leo san Aontas le linn na tréimhse ina gcuirfí na bearta i bhfeidhm. Ní toisc iad chostais chomhshaoil amach anseo chun an spriocbhrabús a chinneadh de réir Airteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, áfach. Go deimhin, léirítear na costais sin sa spriocphraghas deiridh de réir Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(401) Níor thug ach dhá cheann de tháirgeoirí sampláilte an Aontais barúlacha maidir le leibhéal iomchuí an spriocbhrabúis. Mhol ceann amháin acu go n-úsáidfí spriocbhrabús de [6 – 7 %], an brabús a ghnóthaigh sé in 2018, nuair a bhí líon na n-allmhairí dumpáilte níos ísle. Luaigh an dara táirgeoir sampláilte den Aontas nach raibh sé in ann freagra a sholáthar toisc go raibh sé in iomaíocht le hallmhairí ón India agus ón Tuirc le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus roimhe sin fiú.

(402) De bharr ilroinnt thionscal an Aontais, ní bunús leordhóthanach é brabús táirgeora shampláilte amháin den Aontas i mbliain faoi leith chun an spriocbhrabúis a shuí do thionscal iomlán an Aontais. Thairis sin, bhí allmhairí ó na tíortha lena mbaineann sa mhargadh in 2018 cheana féin agus iad ar phraghsanna a bhí faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais, agus bhain caillteanas do thionscal an Aontais.

(403) Go deimhin, mar a thaispeántar i dTáblaí 2 agus 10, bhain caillteanas do thionscal an Aontais nó ba ar éigean a bhain sé cóimheá airgid amach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, fad a bhí líon na n-allmhairí ó thíortha lena mbaineann suntasach in 2018 agus mhéadaigh sé go seasta ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, ní bheadh aon cheann de na blianta sin incháilithe chun spriocbhrabús a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán.

(404) Níor sholáthair aon táirgeoir sampláilte den Aontas ríomh maidir le brabúsacht an táirge faoi imscrúdú sna 10 mbliana sular tionscnaíodh an t-imscrúdú, mar a iarradh sa cheistneoir. Thug an Coimisiún dá aire freisin an spriocbhrabús a suíodh don tionscal seo san imscrúdú in aghaidh na Síne maidir le tíleanna ceirmeacha (3.9 %), a théann siar go 2010 ([34]), áfach, chomh maith leis an mbrabúsacht a bhain tionscal an Aontais amach sa tréimhse faoi bhreathnú don athbhreithniú éaga ar allmhairí de thionscnamh na Síne, ar bhain caillteanas do thionscal an Aontais lena linn ([35]).

(405) Ar deireadh, ní dhearna aon cheann de na táirgeoirí sampláilte maíomh cuí-réasúnaithe ná níor sholáthair siad aon fhianaise lena léiriú go mbeadh an leibhéal infheistíochtaí, taighde agus forbartha ("T&F") agus an nuálaíocht le linn na tréimhse faoi bhreathnú ní b'airde faoi ghnáthchoinníollacha iomaíochta.

(406) I bhfianaise na bhfíoras thuas, chuaigh an Coimisiún i muinín úsáid an spriocbhrabús íosta de 6 % de réir Airteagal 7(2c) den bhun-Rialachán. Cuireadh an sprioc-chorrlach brabúis sin le costas táirgthe iarbhír thionscal an Aontais chun an praghas neamhdhíobhála a shuí.

(407) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais amach anseo a eascraíonn as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus na Coinbhinsiúin EIS a liostaítear in Iarscríbhinn Ia den bhun-Rialachán, go dtabhódh tionscal an Aontais le linn na tréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. Bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil (bunaithe ar chórais chuntasaíochta na gcuideachtaí, ar a n-uirlisí tuairiscithe agus ar a réamhaisnéisí), bhunaigh an Coimisiún costas breise idir EUR 0,06 EUR/m^2 agus EUR 0,65 EUR/m^2.

([34]) Le haghaidh thréimhse an imscrúdúcháin bhunaidh den imscrúdú in aghaidh tíleanna ceirmeacha ón tSín, féach aithris (24) de Rialachán (AE) Uimh. 258/2011. Le haghaidh spriocbhrabús an imscrúdúcháin sin, féach aithrisí (164) agus (197) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 917/2011..

([35]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2179.

(408) Is éard a bhí sa chostas sin an costas breise a bheidh ann amach anseo chun comhlíonadh Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais ("CTA AE") a áirithiú. Is bunchloch é Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais i ndáil le beartas an Aontais chun cloí le Comhaontuithe Iltaobhacha maidir leis an gComhshaol. Ríomhadh an costas breise sin ar bhonn praghas measta Lamháltais an Aontais ("EUAnna") nach mór a cheannach le linn thréimhse chur i bhfeidhm na mbeart. Cuireadh san áireamh freisin sna costais bhreise costais indíreacha CO_2 a eascraíonn as méadú ar phraghsanna leictreachais le linn na tréimhse céanna a bhaineann le CTA AE agus praghsanna na lamháltas astaíochtaí réamh-mheasta.

(409) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhála an táirge chomhchosúil le haghaidh thionscal an Aontais tríd an sprioc-chorrlach brabúis (féach aithris (406)) a chur le costas táirgthe tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus ansin na coigeartuithe faoi Airteagal 7(2d) a chur leis ar bhonn cineál ar chineál.

(410) Rinne an Coimisiún amach ansin leibhéal an chorrlaigh díobhála trí chomparáid a dhéanamh idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte san India agus sa Tuirc, seachas na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha a fuarthas nach raibh ag dumpáil, mar a shuitear i leith ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag táirgeoirí sampláilte an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Rinneadh aon difríocht a d'eascair as an gcomparáid sin a shloinneadh mar chéatadán den mheánluach allmhairiúcháin ualaithe maidir le CAL.

(411) Sainítear an leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh "cuideachtaí comhoibríocha eile" agus le haghaidh "gach cuideachta eile" ar an mbealach céanna agus a shainítear an corrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí sin (féach aithris (203) go (207) agus (256) go (258)).

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála	Corrlach díobhála
An India	Conor Group	8,7 %	168,7 %
An India	Icon Group	6,7 %	92,7 %
An India	Cuideachtaí comhoibríocha eile	7,3 %	115,8 %
An India	Gach cuideachta eile	8,7 %	168,7 %
An Tuirc	Hitit Seramik Sanayi ve Ticaret A.Ş.	20,9 %	150,6 %
An Tuirc	Qua Granite ve Hayal Yapi Ürünleri San. Tic. A.Ş., Bien Yapi Ürünleri San. Tic. A.Ş.	4,8 %	80,8 %
An Tuirc	Cuideachtaí comhoibríocha eile	9,2 %	100,5 %
An Tuirc	Gach cuideachta eile	20,9 %	150,6 %

(412) Tar éis an nochta dheiridh, mhaígh Rialtas na Tuirce go ndearnadh na corrlaigh díothaithe díobhála a shaobhadh trí chostas comhlíonta amach anseo a chur san áireamh. D'fhiosraigh Rialtas na Tuirce an chaoi ar léiríodh an costas sin sa ríomh agus ar cuireadh san áireamh an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a d'fhéadfaí a thabhairt isteach. I ndáil leis sin, d'áitigh CGCSA nach raibh coigeartú le haghaidh costais chomhlíonta amach anseo comhoiriúnach le caighdeáin EDT.

(413) Ina theannta sin, chuir CGCSA in iúl gur dheimhnigh ardleibhéil gearrdhíola go n-áirítear táirgeoirí de chuid an Aontais a mhonaraíonn táirgí ceardaíochta nó dearthaspeisialta sa sampla.

(414) Ar deireadh, mhaígh CGCSA gur fachtóir tábhachtach é an branda i gcinntí praghsála. Dá bhrí sin, ba cheart coigeartú a dhéanamh ar bhranda nuair a chuirtear praghsanna allmhairiúcháin tháirgeoirí na Tuirce i gcomparáid le praghsanna neamhdhíobhálacha tháirgeoirí an Aontais. Chun tacú leis an maíomh sin, thagair CGCSA do mheánphraghas onnmhairiúcháin tháirgeoirí na hIodáile agus na Spáinne ina raibh meánphraghas onnmhairiúcháin tháirgeoirí na hIodáile níos airde ná meánphraghas onnmhairiúcháin tíleanna ceirmeacha a onnmhairítear ón Spáinn. D'úsáid an páirtí leasmhar staidreamh trádála chun comparáid a dhéanamh.

(415) Athdhearbhaíodh maíomh Rialtas na Tuirce maidir le costas comhlíonta amach anseo tar éis an nochta pháirtigh bhreise.

(416) Thug an Coimisiún dá aire go raibh sé i gcomhréir le forálacha Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán costas comhlíontachta a áireamh amach anseo i ríomh an leibhéil maidir le díothú na díobhála. Níor shonraigh na páirtithe cé na forálacha de chuid EDT ADA a líomhnaítear a sháraigh an Coimisiún trí iad a mheas i leith an phraghais neamhdhíobhála.

(417) Chun luach an choigeartaithe sin ar chostas iarbhír an táirgthe a shuí, rinne an Coimisiún comparáid idir an costas comhlíonta aonaid le linn na tréimhse imscrúdaithe agus an costas measta comhlíonta aonaid sna cúig bliana ina dhiaidh sin. Cuireadh meánluach breise an chostais aonaid sin le costas iarbhír na táirgeachta a úsáideadh chun praghas neamhdhíobhálach a ríomh. Sa chás seo, ba bheag an éifeacht a bheadh ag costas an chomhlíonta amach anseo, arb ionann é ar an meán agus thart ar 3 % den phraghas neamhdhíobhálach. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh Rialtas na Tuirce go raibh ríomh an leibhéil díothaithe díobhála saofa.

(418) Thairis sin, tugadh aghaidh cheana in aithrisí (70) go (74) agus (299) ar na dearbhuithe a rinne páirtithe leasmhara na Tuirce maidir le comhdhéanamh an tsampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais.

(419) Ar deireadh, thug an Coimisiún dá aire nár iarr CGCSA ná aon táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte coigeartú le haghaidh branda le linn an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, ní raibh an Coimisiún in ann seasamh a ghlacadh maidir le maíomh CGCSA féin. I gcás ar bith, ní fhéadfaí comparáid shimplí idir praghsanna onnmhairiúcháin ag táirgeoirí na hIodáile agus na Spáinne a mheas mar thacaíocht do mhaíomh an pháirtí. D'fhéadfadh sé gurbh iad roinnt tosca eile ba chúis leis na difríochtaí, amhail meascán na dtáirgí a onnmhairíodh.

(420) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh maidir leis an leibhéal díothaithe díobhála a ndéantar cur síos air in aithrisí (412) go (414) a chinneadh.

6.2. **Conclúid maidir le leibhéal na mbeart**

(421) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach
An India	Conor Group	8,7 %
An India	Icon Group	6,7 %
An India	Cuideachtaí comhoibríocha eile	7,3 %
An India	Gach cuideachta eile	8,7 %
An Tuirc	Hitit Seramik Sanayi ve Ticaret A.Ş.	20,9 %
An Tuirc	Qua Granite ve Hayal Yapi Ürünleri San. Tic. A.Ş., Bien Yapi Ürünleri San. Tic. A.Ş.	4,8 %
An Tuirc	Cuideachtaí comhoibríocha eile	9,2 %
An Tuirc	Gach cuideachta eile	20,9 %

7. **LEAS AN AONTAIS**

(422) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist arbh fhéidir leis teacht ar an gconclúid shoiléir nár chun leasa an Aontais a bhí sé bearta a ghlacadh sa chás seo, cé go ndearnadh amach go raibh dumpáil dhíobhálach ann. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, allmhaireoirí, úsáideoirí agus tomhaltóirí.

(423) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Rialtas na hIndia, Rialtas na Tuirce, na cuideachtaí Seramiksan agus Sogutsen Seramik ón Tuirc, sé tháirgeoir onnmhairiúcháin déag ón India, agus Ceramika Netto nach ndearna an Coimisiún tástáil ar leas an Aontais a bhí cothrom agus iomlán. Tugtar aghaidh ar a maímh sna ranna ábhartha thíos.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(424) Tá tionscal an Aontais comhdhéanta de bhreis agus 300 táirgeoir in 24 Bhallstát agus tá 54 500 duine fostaithe ann go díreach (FTE). Is iad an Spáinn, an Iodáil agus an Pholainn na Ballstáit is mó táirgeachta, agus 85 % de tháirgeacht iomlán an Aontais ar siúl acu. Mar a luaitear in aithris (59), tá tionscal an Aontais ilroinnte; is fiontar bheaga agus mheánmhéide (FBManna) iad formhór na dtáirgeoirí, breis agus 240 acu. Mar a luaitear in aithris (11), thacaigh breis agus 30 % de tháirgeacht iomlán an Aontais go sainráite le tionscnamh an imscrúdúcháin agus níor chuir aon táirgeoir den Aontas ina aghaidh ná ní raibh siad neodrach maidir leis an gceist. Léirigh na comhlachais náisiúnta, a chomhoibrigh leis an imscrúdú trí shonraí a sholáthar don ghearánach, tacaíocht fhorleathan don imscrúdú freisin.

(425) Tá léirithe ag an imscrúdú gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de bharr na n-allmhairí dumpáilte ón India agus ón Tuirc. Mar is léir ó ranna 4 agus 5, tháinig meath ar staid thionscal uile an Aontais de bharr chainníochtaí méadaithe na n-allmhairí dumpáilte ar phraghsanna ísle ón India agus ón Tuirc. Tá na hallmhairí sin ar phraghsanna ísle ag saothrú sciar den mhargadh sa Aontas i gcónaí agus is é tionscal an Aontais atá thíos leis, agus cuireadh bac ar thionscal an Aontais a phraghsanna siúd a ardú go leibhéil bhrabúsachta réasúnacha a cheadódh dóibh an spriocbhrabús a bhaint amach.

(426) Le bearta frithdhumpála in aghaidh allmhairí ón India agus ón Tuirc meastar go n-athbhunófar coinníollacha cóirthrádála ar mhargadh an Aontais. Meastar go gcuirfidh sé seo ar chumas thionscal an Aontais cuid den sciar den mhargadh a chaill sé de bharr na n-allmhairí dumpáilte a fháil ar ais agus ar phraghsanna córa, rud a fheabhsódh a leibhéil bhrabúis, rud a cheadódh don tionscal a infheistíochtaí a mhéadú. Go deimhin, tá infheistíocht ríthábhachtach sa tionscal seo, ní hamháin don chothabháil ach don nuálaíocht agus don infheistíocht i bhforbairt deighleog amhail leaca móra freisin. De bharr na mbeart, táthar ag súil go mbeidh táirgeoirí de chuid an Aontais in ann téarnamh ón staid díobhála, tuilleadh infheistíochta a dhéanamh agus a ngealltanais éagsúla a bhaint amach, lena n-áirítear gealltanais shóisialta agus chomhshaoil.

(427) Mura bhforchuirfí bearta d'éireodh cás díobhála ábhartha thionscal an Aontais níos measa fós dá bharr, tionscal nach bhfuil láidir go leor méadú ar allmhairí dumpáilte ar phraghsanna atá faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais a sheasamh. Mura bhforchuirfí bearta, féadfar coinne a bheith ann leis an leanúint de mhéadú ar allmhairí tíleanna ceirmeacha dumpáilte ar phraghsanna ísle ón India agus ón Tuirc. Sa chás sin, ní bheadh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a ardú go leibhéil bhrabúsacha agus leanfadh sé ar aghaidh ag cailleadh díolachán de bharr na n-allmhairí dumpáilte.

(428) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil forchur beart chun leas Thionscal an Aontais.

7.2. **Leas allmhaireoirí neamhghaolmhara**

(429) Ar lá an tionscnaimh, rinneadh teagmháil le breis agus 900 allmhaireoir aitheanta ([36]) san Aontas agus tugadh cuireadh dóibh a bheith páirteach san imscrúdú. Mar a mhínítear in aithrisí (98) agus (99), níor chomhoibrigh ach dhá allmhaireoir neamhghaolmhara. D'fhreagair an dá chuideachta litir easnaimh an Choimisiúin tar éis dó anailís a dhéanamh ar a gceistneoirí, ach chuir siad stop leis an gcomhar níos déanaí toisc nár thoiligh ceachtar acu maidir le cuairt fíorúcháin ná cros-seiceáil chianda. Tá an anailís a leanas bunaithe ar a bhfreagraí ar an gceistneoir agus a bhfreagraí ar na litreacha easnaimh, agus ar thaighde an Choimisiúin féin ([37]).

([36]) Gearán, iarscríbhinn 8.

([37]) Toisc gur chuir na hallmhairí neamhghaolmhara stop leis an gcomhair tar éis na céime easnaimh (níor thoiligh siad maidir le fíorú / cros-seiceáil chianda), tá anailís an Choimisiúin bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir siad isteach lena n-áirítear an fhianaise thacaíochta (amhail ráitis airgeadais) agus faisnéis a bhí ar fáil go poiblí (ráitis airgeadais ó chlár cuideachtaí, sonraí airgeadais arna bhfoilsiú ag https://www.romanian-companies.eu/).

(430) Bhain [3 – 4] % de na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann sa tréimhse imscrúdúcháin leis an dá allmhaireoir sin, agus ba leis an India a bhain formhór a n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann. I gcás ceann acu, bhain formhór a ghníomhaíochta i dtéarmaí láimhdeachais leis an táirge faoi imscrúdú, agus i gcás an dara ceann, bhain thart ar cheathrú díobh leis an táirge faoi imscrúdú. Thart ar cheathrú a bhí i sciar na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann sna ceannacháin iomlána. Cheannaigh an dá cheann acu cainníochtaí suntasacha ó tháirgeoirí de chuid an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus in 2020, agus cheannaigh siad cainníochtaí níos lú ó thríú tíortha seachas na tíortha lena mbaineann. Bhain a meánbhrabúsacht ualaithe leis an táirge faoi imscrúdú, a shuitear mar a mhínítear in aithris (429) agus atá idir [5 – 7 %].

(431) Bunaithe ar an méid thuas, cé go mbeadh tionchar ag aon dleacht, ó thaobh costais de, ar ghníomhaíocht allmhaireoirí neamhghaolmhara, de bharr leibhéal na ndleachtanna, bheadh tionchar na dleachta ar chorrlaigh bhrabúis na n-allmhairí, agus corrlaigh bhrabúis iad siúd nach í trádáil na dtíleanna ceirmeacha an t-aon ghníomhaíocht atá acu, teoranta, fiú dá mbeadh orthu an dleacht iomlán a ionsú iad féin. Ar deireadh, tá léirithe ag an imscrúdú gur féidir le hallmhairí neamhghaolmhara allmhairí neamh-dhumpáilte a fháil ó thríú tíortha eile agus ón Aontas, mar a rinne siad in 2020 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar a thaispeántar i dtáblaí 1 agus 4, tá acmhainneacht leordhóthanach ag tionscal an Aontais an t-éileamh san Aontas a chumhdach.

(432) Ar an taobh eile, mura bhforchuirfí bearta d'éireodh cás díobhála ábhartha thionscal an Aontais níos measa mar a mhínítear in aithris (427). Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ar éigean a shaothraigh tionscal an Aontais brabús le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud nach bhfuil fíor i gcás allmhaireoirí. Thairis sin, toisc go mbraitheann allmhaireoirí ar thionscal an Aontais agus ar fhoinsí eile dá gceannacháin, dá gceadófaí d'allmhairí teacht isteach san Aontas ar phraghsanna dumpáilte, agus tionscal an Aontais thíos leis sin, dhéanfaí difear d'fhoinsí soláthair na n-allmhaireoirí sin freisin.

(433) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh éifeacht na mbeart ar allmhaireoirí neamhghaolmhara teoranta.

(434) Tar éis an nochta deiridh, chuir Seramiksan in iúl go raibh tionchar ag an tástáil ar leas an Aontais toisc nach bhfuair an Coimisiún aon fhaisnéis ó thart ar 900 allmhaireoir san Aontas agus nach ndearna sé scrúdú ar leasanna na n-allmhaireoirí sin.

(435) Thug an Coimisiún dá aire gur chuir sé allmhaireoirí aitheanta uile an Aontais ar an eolas faoi thionscnamh an imscrúdaithe. Rinne an Coimisiún anailís ar an bhfaisnéis a chuir na cuideachtaí uile sin a chinn comhoibriú nó aighneachtaí a sheoladh san áireamh agus chuir sé an fhaisnéis sin san áireamh. Dá dheasca sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(436) Tar éis an nochta deiridh, chuir roinnt allmhaireoirí de chuid an Aontais in iúl go ndéanfadh forchur beart ar allmhairí ón Tuirc dochar dóibh agus iad ag infheistiú i bhforbairt bailiúchán nua i gcomhar le táirgeoirí na Tuirce.

(437) Thug an Coimisiún dá aire nár chomhoibrigh na hallmhaireoirí sin de chuid an Aontais ag céim níos luaithe den imscrúdú agus nár chuir siad isteach aon fhaisnéis fhíorasach a chuirfeadh ar chumas an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbeart ar na páirtithe leasmhara sin. Ina theannta sin, bunaithe ar bharúlacha a fuarthas ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na Tuirce tar éis an nochta deiridh, fuarthas amach nach raibh táirgeoir onnmhairiúcháin amháin de chuid na Tuirce ag dumpáil agus tháinig laghdú ar mheánleibhéal na mbeart is infheidhme maidir le hallmhairí ón Tuirc. Dá bhrí sin, d'áitigh an Coimisiún go mbeadh éifeacht na mbeart ar allmhaireoirí an Aontais teoranta.

(438) Rinne Ceramika Netto roinnt maíomh nós imeachta freisin tar éis an nochta deiridh.

(439) D'áitigh an chuideachta gur bhain an Coimisiún úsáid mhícheart as téarmaí amhail "mar a thugtar orthu" nó "á lipéadú féin mar mhonaróirí". Chuir an chuideachta in iúl gur aithníodh mar mhonaróir í faoi dhlí an Aontais, go háirithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([38]).

(440) Thug an Coimisiún dá aire nach raibh na sainmhínithe a úsáidtear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 305/2011 de réir an Airteagail sin infheidhme ach amháin maidir le hábhair a rialaítear leis an rialachán sin. Rinneadh an t-imscrúdú sin faoin mbun-Rialachán. Dá bhrí sin, ní raibh feidhm ag an sainmhíniú ar mhonaróir a leagtar síos le Rialachán (AE) 305/2011 maidir leis an imeacht seo. Go deimhin, de réir na faisnéise a bhí ar fáil don Choimisiún, ba allmhaireoir de chuid an Aontais í an chuideachta.

([38]) Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle (IO L 88, 4.4.2011, lch. 5).

(441) D'easaontaigh Ceramika Netto leis na ráitis ón gCoimisiún in aithris (461) maidir leis an bpraghas ar ar allmhairigh sé le bheith dumpáilte. I ndáil leis sin, rinne an chuideachta tagairt do shonraisc díolacháin intíre agus do shonraisc díolacháin onnmhairiúcháin a soláthraithe ón India don Choimisiún a chruthaigh, de réir na cuideachta, nár dumpáladh a praghsanna allmhairiúcháin.

(442) Mheabhraigh an Coimisiún go ndearnadh an t-imscrúdú ar iompraíocht dumpála ar shampla de tháirgeoirí onnmhairiúcháin ón India. Dá bhrí sin, ní bhaineann aon sonrasc díolacháin a chuir Ceramika Netto isteach le torthaí na dumpála. In aithris (272), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhféadfaí síneadh a chur lena thorthaí maidir le Conor Group agus an Icon Group ar fud na tíre. Dá bhrí sin, cuireadh na torthaí sin i bhfeidhm ar allmhairí ó sholáthróirí Ceramika Netto ón India.

(443) Níor aontaigh Ceramika Netto le measúnú an Choimisiúin gur chuideachta neamh-chomhoibríoch a bhí ann. D'áitigh an chuideachta gur chuir an Fógra Tionscnaimh ar a cumas di faisnéis a chur isteach, ní hamháin i bhfoirm freagra ceistneora ach i bhformáid shaor freisin. Ina theannta sin, mhaígh Ceramika Netto gur cheart don Choimisiún an chuideachta a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis a bhí in easnamh san aighneacht i bhformáid shaor.

(444) Mar a thugtar faoi deara in aithris (440), is allmhaireoir é Ceramika Netto chun críocha an imscrúdaithe seo. Mar a luaitear in aithrisí (75) go (77), níor iarr an chuideachta go measfaí gur allmhaireoir comhoibríoch í. Dheimhnigh an Coimisiún go raibh sé de rogha ag an gcuideachta, mar allmhaireoir de chuid an Aontais, faisnéis a chur isteach maidir le leas an Aontais i bhformáid shaor. Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, nach bhfuil an fhaisnéis sin faoi réir próiseas easnaimh murab ionann agus freagra ceistneora iomláin. Ní raibh sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún faisnéis bhreise a iarraidh, go háirithe ós rud é gur cuireadh an cineál faisnéise a bhí á lorg ag an gCoimisiún ar fáil go poiblí trí na ceistneoirí tráth an tionscnaimh.

7.3. **Leas úsáideoirí agus tomhaltóirí**

(445) Ar lá an tionscnaimh, rinne an Coimisiún teagmháil le hocht gcomhlachas úsáideoirí tíleanna ceirmeacha san Aontas. Níor chomhoibrigh aon cheann acu san imscrúdú ná níor chuir siad aon aighneacht isteach. Go háirithe, níor chuir an earnáil tógála, ceann de na húsáideoirí is mó de thíleanna ceirmeacha san Aontas, aighneacht isteach. De bharr leibhéal íseal an chomhair ó úsáideoirí, d'fhéadfaí a bhaint de thátal as sin nach mbraitheann an earnáil ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann nó nach mbeadh tionchar suntasach ag dleachtanna frithdhumpála ar a ngníomhaíochtaí.

(446) Rinne an Coimisiún teagmháil le naoi ndáileoir freisin. Níor thoiligh ach ceann acu, OBI Group Holding SE & Co, KGaA, comhoibriú. Ar na cúiseanna a mhínítear in aithris (76), mheas an Coimisiún gur cheart imscrúdú a dhéanamh ar an gcuideachta mar úsáideoir/thrádálaí den táirge faoi imscrúdú.

(447) Cuireann an chuideachta in aghaidh fhorchur na mbeart agus dúirt sí nach féidir táirgeoirí an Aontais amháin a úsáid mar gheall ar acmhainneacht mhór táirgthe san India agus sa Tuirc, ach níor sholáthair sé aon fhianaise thacaíochta don ráiteas sin. Mar a thaispeántar i dtáblaí 1 agus 4, tá go leor acmhainneachta ag tionscal an Aontais an t-éileamh san Aontas a chomhlíonadh. D'admhaigh an chuideachta an fhéidearthacht maidir le hathrú soláthróirí.

(448) Ceannaíonn an chuideachta tíleanna ceirmeacha ón India agus ón Tuirc, ó allmhaireoirí neamhspleácha go príomha, allmhaireoirí a ghníomhaíonn mar mhórdhíoltóirí agus ansin díolann sé iad arís tríd a shiopaí móra féin agus comhpháirtithe saincheadaithe. Is táirgí de chuid an Aontais iad breis agus leath dá chuid ceannacháin de thíleanna ceirmeacha. Is é [1,5 % - 3 %] a bhrabúsacht a thagann as tíleanna ceirmeacha, níos ísle ná a mheánbhrabúsacht. Ní léirítear le tíleanna ceirmeacha ach cuid an-bheag de láimhdeachas iomlán na cuideachta. Dá bhrí sin, agus ar na cúiseanna céanna a thugtar in aithrisí (431) agus (432), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh an tionchar ar an gcuideachta seo an-teoranta.

(449) Ar an mbonn sin, agus de bharr an leibhéal íseal comhair, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh éifeacht na mbeart ar úsáideoirí agus trádálaithe teoranta.

(450) Níor chomhoibrigh aon chomhlachas tomhaltóirí leis an imscrúdú. Ina fhreagra ar an gceistneoir lenar iarradh macratháscairí thionscal an Aontais, dúirt CET go measann sé go mbeidh an tionchar ar chuideachtaí a fheidhmíonn i margaí iartheachtacha – is é sin dáileoirí agus úsáideoirí/tomhaltóirí – an-teoranta, de bharr na bhfoinsí eile soláthair, agus torthaí na n-imscrúduithe roimhe seo ar thíleanna ceirmeacha a dheimhnigh go mbíonn tionchar imeallach ag tíleanna ceirmeacha ar chostais deiridh san earnáil tógála ([39]) agus gurb ionann forchur na mbeart agus méaduithe teoranta ar phraghsanna don tomhaltóir deiridh ([40]).

(451) Deimhníodh leis an imscrúdú reatha gurb ann d'fhoinsí eile soláthair seachas an India agus an Tuirc, toisc go bhfaigheann allmhaireoirí tíleanna ón Aontas agus ó thríú tíortha seachas an India agus an Tuirc freisin (féach aithrisí (430) agus (431)). In éagmais aighneacht chuí-réasúnaithe ó aon chomhlachas tomhaltóirí, ní féidir leis an gCoimisiún measúnú cruinn a dhéanamh ar an tionchar, dá mbeadh aon tionchar ann, a bheadh ag dleachtanna ar na tomhaltóirí deiridh, agus níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios nach mbeadh feidhm ag torthaí an imscrúdúcháin roimhe seo maidir leis an imscrúdú seo. Chomh maith leis sin, de bharr leibhéal na ndleachtanna, fiú i gcás méaduithe ar phraghsanna, ní bheadh ach tionchar teoranta acu sin ar thomhaltóirí.

(452) Ar an mbonn sin, agus de bharr an leibhéal íseal comhair, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh éifeacht na mbeart ar thomhaltóirí teoranta.

(453) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh sé tháirgeoir onnmhairiúcháin déag ón India nár chuir an Coimisiún san áireamh an iliomad aighneachtaí a rinne allmhaireoirí agus úsáideoirí an Aontais. Rinne Ceramika Netto tagairt freisin do na haighneachtaí a rinne an chuideachta thar ceann a custaiméirí agus a gcomhpháirtithe trádála. De réir na cuideachta, léirigh na haighneachtaí sin an dochar a dhéanfadh forchur na mbeart don chuideachta, dá soláthróir ón India, d'allmhaireoirí an Aontais, d'úsáideoirí agus do chustaiméirí deiridh.

(454) Thug an Coimisiún dá aire go ndearna sé anailís ar an iliomad aighneachtaí dá ndearna táirgeoirí onnmhairiúcháin ón India agus Ceramika Netto tagairt, agus go raibh siad easnamhach i roinnt gnéithe. Ar an gcéad dul síos, is cuideachtaí nár chláraigh riamh mar pháirtithe leasmhara san imscrúdú a rinne iad. Ar an dara dul síos, is Ceramika Netto, páirtí leasmhar nár tugadh de chumhacht dó gníomhú thar ceann na gcuideachtaí sin, a chuir faoi bhráid an Choimisiúin iad. Ar an tríú dul síos, rinneadh go leor de na haighneachtaí tar éis an spriocdháta/na spriocdhátaí a leagtar síos san Fhógra Tionscnaimh. Ar deireadh, is tuairimí den chuid is mó á gcur in iúl sna haighneachtaí ach bhí easpa faisnéise fíorasaí agus fianaise acu a thacódh le tuairimí na gcuideachtaí sin. Dá dheasca sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin.

7.4. **Fachtóirí eile**

(455) Seachas na páirtithe comhoibríocha a luaitear thuas, rinne roinnt páirtithe leasmhara aighneachtaí a dúirt go mbeadh forchur na mbeart in aghaidh leas an Aontais.

(456) Déantar anailís ar na maímh sin sna haithrisí a leanas, ach, i dtús báire, tugann an Coimisiún dá aire nár chomhoibrigh aon cheann de na páirtithe leasmhara sin, a deir gur allmhaireoirí nó úsáideoirí tíleanna ceirmeacha iad, nó iad siúd a deir gur monaróirí den Aontas iad fiú (féach aithris (266)) ([41]), leis an imscrúdú agus níor sheol siad freagra ar an gceistneoir. Is ráitis nach dtacaítear le fianaise iad a n-aighneachtaí. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gCoimisiúin measúnú a dhéanamh ar a spleáiche atá na cuideachtaí sin ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ná tionchar féideartha aon dleachta orthu.

(457) Ar an gcéad dul síos, dúirt na páirtithe sin go bhféadfadh deacrachtaí leis an slabhra soláthair a bheith ann, agus luaigh siad teagmhais gheopholaitiúla reatha freisin amhail an cogadh san Úcráin. Dúirt na páirtithe sin go gcuirfí iallach ar cheannaitheoirí a bheith ag brath go heisiach ar thionscal an Aontais dá gcuirfí aon dleacht i bhfeidhm. Dar leosan, is gá na roghanna allmhairiúcháin uile a choinneáil oscailte toisc go bhfuil tionscal an Aontais ag streachailt maidir le comhlíonadh éileamh an Aontais agus nach féidir le húsáideoirí brath ar thionscal an Aontais.

([39]) Rialachán (AE) Uimh. 258/2011, aithris 150.

([40]) Rialachán (AE) Uimh. 258/2011, aithris (153); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 917/2011, aithris (183); agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2179, aithris (206).

([41]) Mar shampla, dúirt GANDALF Pawel Gagorowski (an Pholainn) nó ILCOM s.r.l (an Iodáil) gur allmhaireoirí iad, dúirt VEDMAX s.r.l. (an Rómáin) nó Orient Ceramic (an Rómáin) gur úsáideoirí/allmhaireoirí iad, dúirt Ogrodnik Niemirscy Sp.J (an Pholainn) gur 'díoltóir' é, agus dúirt Netto & Cortina (an Pholainn) gur 'monaróirí as Byałistok' iad le linn an imscrúdúcháin.

(458) Diúltaítear do na maímh. Ar an gcéad dul síos, ní thugtar aon bhunús leis sin. Ar an dara dul síos, nocht an t-imscrúdú go bhfuil go leor acmhainneachta ag tionscal an Aontais soláthar a chur ar fáil do mhargadh iomlán an Aontais. Tá léirithe ag an imscrúdú freisin gur féidir le hallmhaireoirí agus úsáideoirí dul i muinín allmhairí neamh-dhumpáilte ó thríú tíortha seachas na tíortha lena mbaineann; go deimhin, bhí na hallmhaireoirí agus úsáideoirí a chomhoibrigh leis an imscrúdú ag fáil táirgí ó thionscal an Aontais agus ó thríú tíortha seachas na tíortha lena mbaineann in 2020 agus sa tréimhse imscrúdúcháin.

(459) D'admhaigh an Coimisiún go bhféadfadh sé a bheith deacair na táirgí a fháil ón Úcráin (foinse soláthair traidisiúnta, beag, tíleanna ceirmeacha don Aontas, féach tábla 11). Mar a luaitear san aithris roimhe seo, áfach, tá ann d'fhoinsí allmhairí neamh-dhumpáilte fós agus ní dhéantar difear do na cainéil sin sa staid reatha. Bhí an Bhrasaíl, Vítneam, an Iaráin, an Indinéis agus an Éigipt i measc na 10 dtír is mó monaraíochta ar fud an domhain in 2020; bhí an Iaráin, an Bhrasaíl, an Éigipt agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha i measc na 10 n-allmhaireoir is mó sa tréimhse chéanna ([42]).

(460) Ar an dara dul síos, agus fócas ar leith ar allmhairí ón India, nocht na páirtithe sin go raibh imní orthu go gcuirfí teorainn ar rogha an tomhaltóra le haon dleacht fhéideartha, chomh maith leis an bhféidearthacht táirgeadh a sheachfhoinsiú chuig an India. Ina ráitis, chuir Netto & Cortina roinnt litreacha óna gcustaiméirí a léirigh go raibh siad sásta lena gceannacháin mar "fhianaise" nach bhfuil sé chun leas an Aontais bearta a fhorchur toisc go gcuirfeadh sé sin teorainn le rogha an tomhaltóra trí "iallach" a chur orthu na táirgí a cheannach ó thionscal an Aontais.

(461) Thug an Coimisiún dá aire nach raibh aon bhunús leis na líomhaintí sin. Níor sholáthair na páirtithe sin aon fhianaise nárbh fhéidir le tionscal an Aontais na tíleanna ceirmeacha a allmhairíonn siad ón India a tháirgeadh agus a dhíol. Go deimhin, d'admhaigh na páirtithe sin go n-imríonn an praghas tionchar ar rogha na dtomhaltóirí ([43]), nuair a luaigh siad an "ceart chun an margadh is fearr ar an bpraghas is fearr a roghnú". Sa chás seo, suíodh go raibh na praghsanna sin dumpáilte. Is é is aidhm do na dleachtanna frithdhumpála cothroime iomaíochta a chur ar fáil trí ghníomhú in aghaidh dumpála. Beidh tomhaltóirí, allmhaireoirí agus úsáideoirí in ann na táirgí a cheannach ó na tíortha lena mbaineann fós, nó táirgeadh a sheachfhoinsiú agus ansin na táirgí a allmhairiú, ach ar phraghsanna córa trí dhleachtanna frithdhumpála a íoc, agus beidh siad in ann na táirgí a fháil ó thionscal an Aontais nó ó thíortha eile freisin.

(462) Ar an tríú dul síos, luaigh roinnt de na páirtithe seo nach ndumpáiltear táirgí na hIndia san Aontas, agus gur fhág an méadú ollmhór ar chostais iompair idirnáisiúnta (faoi bhreis agus 1 000 % de réir líomhaintí) go raibh siad níos costasaí san Aontas.

(463) Diúltaíodh don mhaíomh sin toisc nach raibh bunús leis. Níor sholáthair páirtithe leasmhara aon fhianaise maidir le costais iompair. Suíodh dumpáil ar bhonn ghnáthluach agus luach onnmhairiúcháin, an dá cheann acu ar leibhéal díreach ón monarcha, na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(464) Ar an gceathrú dul síos, líomhain na páirtithe sin nach mbeadh aon dleacht frithdhumpála fhéideartha chun leas an Aontais toisc go leanfadh brú ard praghsanna ar thomhaltóirí é anuas ar an leibhéal ard reatha boilscithe san Aontas, chuirfeadh sé srian ar iomaíocht shláintiúil agus bheadh ar go leor gnólachtaí a bhraitheann ar na hallmhairí sin dúnadh, go háirithe sna codanna is boichte den Aontas.

(465) Diúltaíodh do na maímh sin toisc nach raibh bunús leo. Níor sholáthair na páirtithe aon fhianaise maidir le tionchar féideartha aon dleachta ar thomhaltóirí nó ar ghnólachtaí.

(466) Maidir leis na líomhaintí a chur Netto agus Cortina isteach maidir le dúnadh; féimheacht: laghdú mór ar phoist san Aontas, ní hamháin poist allmhaireoirí, tomhaltóirí agus trádálaithe, ach poist in earnálacha eile, amhail an earnáil lóistíochta agus dearthóireachta, go háirithe sna réigiúin is boichte, ag tagairt go sonrach don Pholainn; ní raibh bunús leo ach an oiread. Bunaíodh san imscrúdú gur dócha nach mbeadh ach tionchar teoranta ag na dleachtanna ar allmhaireoirí, tomhaltóirí agus trádálaithe (féach aithrisí (429) go (431)) agus, dá bhrí sin, nach dócha go mbeadh dúnadh, féimheachtaí nó laghdú mór post ann. Tá bunaithe ag an imscrúdú freisin go monaraítear tíleanna ceirmeacha ar fud an Aontais, agus gurb í an Pholainn an tríú tír monaraíochta san Aontas agus, éagosúil le trádálaithe nó allmhaireoirí, nach raibh tionscal an Aontais in ann a chostais a aisghabháil agus gur chaill sé sciar den mhargadh go seasta de bharr allmhairí ón India agus ón Tuirc.

([42]) Foinse: macraicheistneoir, roinn D.2.1. agus gearán, leathanaigh 49 agus 52.

([43]) Féach, mar shampla, 'Ráiteas breise i gcás AD684' ó Netto & Cortina, leathanaigh 8 agus 14.

(467) Maidir leis an tionchar indíreach ar thionscail eile, agus cé nár chuir Netto & Cortina aon fhianaise ná aon chainníochtú isteach, tugann an Coimisiún dá aire go ndéanfaí difear do thionscail eile mura bhforchuirfí dleachtanna. Mar shampla, dar le comhlachas monaróirí na Spáinne (ASCER), ghin an tionscal tíleanna ceirmeacha 60 000 post sa Spáinn, go díreach agus go hindíreach, arb ionann sin agus 2,4 % den fhostaíocht thionsclaíoch. Measadh go gcruthódh gach post díreach 3,8 post indíreacha eile ([44]). Maidir leis an tionchar ar réigiúin, i limistéar Castellon sa Spáinn tá táirgeoirí tíleanna ceirmeacha mar chuid de bhaicle ar FBManna iad formhór na gcuideachtaí a bhraitheann, go díreach nó go hindíreach, ar an tionscal tíleanna ceirmeacha.

(468) Mar achoimre, níl aon fhianaise curtha isteach ag páirtithe leasmhara go n-imreofaí tionchar níos fearr ar thionscal an Aontais mura bhforchuirfí na dleachtanna le hais iarmhairtí dearfacha fhorchur na mbeart do thionscal an Aontais, mar a mhínítear in aithrisí (424) go (428).

(469) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Rialtas na Tuirce agus sé tháirgeoir onnmhairiúcháin déag ón India gur cheart don Choimisiún éifeachtaí ionraidh na Rúise san Úcráin ar mhargadh an Aontais maidir le tíleanna ceirmeacha a chur san áireamh. Go háirithe, mhaígh na páirtithe gur tháinig méadú ar phraghsanna fuinnimh mar thoradh ar an gcogadh agus gur chuir sé bac ar rochtain ar amhábhair, rud a d'fhéadfadh, in éineacht le bacainní atá ann cheana amhail na bearta frithdhumpála ar allmhairí tíleanna ceirmeacha de thionscnamh na Síne, tionchar diúltach a imirt ar na slabhraí soláthair agus níos mó brú a chur ar allmhaireoirí agus úsáideoirí an Aontais.

(470) Tar éis an nochta pháirtigh bhreise, d'athdhearbhaigh Rialtas na Tuirce gur chruthaigh paindéim COVID-19 a thábhachtaí atá slabhraí soláthair dea-fheidhmiúla. Mhaígh Rialtas na Tuirce go raibh bealaí oscailte soláthair ón Tuirc go dtí an tAontas ríthábhachtach i gcónaí i dtionscail dianfhuinnimh amhail tíleanna ceirmeacha a tháirgeadh, go háirithe i gcomhthéacs ionradh leanúnach na Rúise san Úcráin, na smachtbhannaí a d'fhorchuir an tAontas agus an méadú ar phraghsanna fuinnimh ina dhiaidh sin.

(471) Maidir le hionradh na Rúise san Úcráin, thug an Coimisiún dá aire go raibh tionchar diúltach aige ar tháirgeoirí an Aontais ar an gcéad dul síos. Tá tionchar an chogaidh ar allmhaireoirí agus ar úsáideoirí teoranta ós rud é gur dhiomaibhseach an líon allmhairí ón Úcráin cheana féin le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ina theannta sin, laghdóidh neamh-fhorchur na mbeart maidir le dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte (Lavish Group agus Vitra Group) aon bhrú breise a chuirtear ar shlabhraí soláthair mar gheall ar an gcogadh. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh a thuairiscítear in aithrisí (469) agus (470).

(472) Tar éis an nochta pháirtigh bhreise, d'áitigh CGCSA go mbeadh forchur na mbeart frithdhumpála i gcoinne leas na dtionscal tíleanna ceirmeacha an-chomhtháite san Aontas agus sa Tuirc. I ndáil leis sin, chuir an comhlachas in iúl go bhfuair táirgeoirí tíleanna ceirmeacha ón Tuirc a n-amhábhair agus a n-ábhair inchaite, a sócmhainní seasta agus a bpáirteanna spártha ón Aontas. Tháinig méadú ar luach iomlán na gceannachán sin ó € 163 mhilliún in 2019, go € 188 milliún in 2020, € 233 mhilliún in 2021 suas le € 309 milliún sa chéad deich mí de 2022. Ina theannta sin, d'infheistigh cuideachtaí ón Tuirc i monarú, i lóistíocht agus i seirbhísí ceirmeacha san Aontas. Bhí luach iomlán na n-infheistíochtaí sin cothrom le € 366 mhilliún thar an tréimhse 2019-2021 agus chruthaigh sé thart ar 1 700 post. Ag éisteacht le seirbhísí an Choimisiúin, rinne Rialtas na Tuirce argóintí comhchosúla.

(473) D'aithin an Coimisiún an t-idirspleáchas idir tionscal tíleanna ceirmeacha na Tuirce agus tionscal tíleanna ceirmeacha an Aontais. Mar sin féin, thug an Coimisiún dá aire nach raibh aon fhianaise ann go raibh soláthar amhábhar agus ábhar inchaite, sócmhainní seasta agus páirteanna spártha nasctha go díreach leis na tíleanna ceirmeacha a onnmhairítear chuig an Aontas. Mar shampla, tháinig méadú suntasach ar an luach ceannaigh idir 2021 (bliain iomlán) agus 2022 (an chéad deich mí) cé, mar a dheimhnigh Rialtas na Tuirce (féach aithris (282)), gur tháinig laghdú ar líon na n-onnmhairí tíleanna ceirmeacha ón Tuirc chuig an Aontas sna chéad deich mí de 2022 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2021. Ina theannta sin, ba cheart go dtiocfadh méadú ar tháirgeadh san Aontas mar thoradh ar an gcothrom iomaíochta a athbhunú, rud a chuirfeadh deiseanna nua gnó ar fáil do sholáthróirí amhábhar agus ábhar inchaite, sócmhainní seasta agus páirteanna spártha de chuid an Aontais.

([44]) Impacto socioeconómico y fiscal del sector de azulejos y pavimentos cerámicos en España. Le fáil ar https://transparencia.ascer.es/media/1039/informe-impacto-socioeco-sector-cer%C3%A1mico_ascer.pdf (a ceadaíodh go deireanach 7 Deireadh Fómhair 2022).

(474) Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire na gníomhaíochtaí infheistíochta a rinne cuideachtaí ón Tuirc sa tionscal tíleanna ceirmeacha san Aontas. Leis na hinfheistíochtaí sin, méadaítear an fhostaíocht agus cothaítear forbairt eacnamaíoch sna réigiúin faoi seach. Rachaidh sé chun tairbhe do na hinfheistíochtaí atá déanta cheana féin ag táirgeoirí ón Tuirc cothrom iomaíochta a athbhunú san Aontas agus d'fhéadfadh sé infheistíochtaí breise a spreagadh. Ar deireadh, níor shonraigh an páirtí a mhéid a rinne Vitra Group na ceannacháin agus na hinfheistíochtaí sin, agus cinneadh nach raibh Vitra Group ag dumpáil agus, dá bhrí sin, nach ndéanfaidh na bearta frithdhumpála difear dóibh.

(475) I bhfianaise na mbreithnithe a thuairiscítear in aithrisí (473) agus (474), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhféadfadh tionchar an-teoranta a bheith ag na bearta ar sholáthróirí amhábhar agus ábhar inchaite, sócmhainní seasta agus páirteanna spártha an Aontais agus go bhféadfadh siad a bheith i bhfabhar na n-infheistíochtaí sin a rinne táirgeoirí ón Tuirc san Aontas. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh a chuirtear i láthair in aithris (472).

7.5. **An chonclúid ar leas an Aontais**

(476) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh cúiseanna láidre ann nár chun leas an Aontais é bearta a fhorchur ar allmhairí tíleanna ceirmeacha de thionscnamh na hIndia agus na Tuirce.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA CINNTITHEACHA**

(477) Ar bhonn na gconclúidí ar ar tháinig an Coimisiún maidir leis an dumpáil, an díobháil, leis an gcúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, agus i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den bhun-Rialachán, ba cheart bearta frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur ionas nach ndéanfar tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais le hallmhairí dumpáilte an táirge lena mbaineann. Ba cheart dleachtanna frithdhumpála a shocrú i gcomhréir le riail na dleachta níos lú. Mar a luaitear i roinn 3, níl feidhm ag dleachtanna frithdhumpála maidir le Lavish Group, an táirgeoir onnmhairiúcháin ón India agus Vitra Group, an táirgeoir onnmhairiúcháin ón Tuirc.

(478) Ar bhonn a bhfuil thuas, rátaí na dleachta frithdhumpála cinntithí, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc, ba cheart iad a bheith mar a leanas:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach
An India	Conor Group	8,7 %
An India	Icon Group	6,7 %
An India	Cuideachtaí comhoibríocha eile	7,3 %
An India	Gach cuideachta eile	8,7 %
An Tuirc	Hitit Seramik Sanayi ve Ticaret A.Ş.	20,9 %
An Tuirc	Qua Granite ve Hayal Yapi Ürünleri San. Tic. A.Ş., Bien Yapi Ürünleri San. Tic. A.Ş.	4,8 %
An Tuirc	Cuideachtaí comhoibríocha eile	9,2 %
An Tuirc	Gach cuideachta eile	20,9 %

(479) Na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na rátaí dleachta sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi imscrúdú ar de thionscnamh na tíortha lena mbaineann iad agus arna dtáirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis a bhaineann leo sin a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile". Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na rátaí aonair maidir le dleacht frithdhumpála.

(480) Féadfaidh cuideachta, i measc iad siúd a luaitear go sonrach sa Rialachán seo, a iarraidh go gcuirfí na rátaí dleachta frithdhumpála aonair sin i bhfeidhm maidir léi má athraíonn sí ainm a heintitis amach anseo. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([45]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

(481) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith leis an dleacht frithdhumpála le haghaidh gach cuideachta eile ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú seo, ach freisin maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn thréimhse an imscrúdaithe.

(482) Chun na rioscaí imchéimniúcháin a íoslaghdú de bharr na difríochta i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór don sonrasc a bheith i gcomhréir leis na riachtanais a leagtar amach in Airteagal 1(4) den Rialachán seo. Ba cheart d'allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile".

(483) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc seo a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(4) den Rialachán seo, ní mór d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(484) Má thagann méadú suntasach ar mhéid na n-onnmhairí ag ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na rátaí dleachta aonair níos ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gur athrú ann féin é méadú den sórt sin ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur beart de réir bhrí Airteagal 13(1) den Bhun-rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar leis an imscrúdú sin, inter alia, scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá leis an ráta nó na rátaí dleachta aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.

(485) Ba cheart táirgeoirí onnmhairiúcháin nár onnmhairigh an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe a bheith in ann a iarraidh ar an gCoimisiún a bheith faoi réir an ráta dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nach n-áirítear sa sampla. Ba cheart don Choimisiún iarraidh den sórt sin a dheonú ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll. Bheadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin nua an méid seo a leanas a léiriú: (i) nár onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe; (ii) nach bhfuil gaol aige le táirgeoir onnmhairiúcháin a rinne amhlaidh; agus (iii) gur onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann ina dhiaidh sin nó go ndeachaigh sé faoi oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe déanamh amhlaidh i gcainníochtaí substaintiúla.

9. **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

(486) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/104 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([46]), nuair atá méid le haisíoc tar éis breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ba cheart don ús atá le híoc a bheith ag an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach chuig a phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a fhoilsítear i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ar an gcéad lá féilire de gach mí.

([45]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht G, Wetstraat 170 Rue de la Loi, 1040 an Bhruiséil, an Bheilg.

([46]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

(487) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Déantar dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí leac ceirmeach agus leac pábhála ceirmeach, tíleanna ceirmeacha teallaigh nó ballaí; ciúbanna ceirmeacha mósáice nó a leithéidí, bíodh taca fúthu nó ná bíodh; ceirmigh bhailchríocha, a thagann faoi láthair faoi chóid CN 6907 21 00, 6907 22 00, 6907 23 00, 6907 30 00 agus 6907 40 00 de thionscnamh na hIndia nó na Tuirce.

2. Is mar a leanas a bheidh na rátaí cinntitheacha maidir le dleacht frithdhumpála is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, a bhí ag an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach	Cód breise TARIC
An India	Conor Granito Pvt Teo.; Corial Ceramic Pvt Teo.	8,7 %	C898
An India	Acecon Vitrified Pvt Teo.; Avlon Ceramics Pvt Teo.; Duracon Vitrified Pvt Teo.; Eracon Vitrified Pvt Teo.; Evershine Vitrified Pvt Teo.; Icon Granito Pvt Teo.; Venice Ceramics Pvt Teo.	6,7 %	C899
An India	Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn I	7,3 %	
An India	Gach cuideachta eile	8,7 %	C999
An Tuirc	Hitit Seramik Sanayi ve Ticaret A.Ş.	20,9 %	C900
An Tuirc	Qua Granite ve Hayal Yapi Ürünleri San. Tic. A.Ş.; Bien Yapi Ürünleri San. Tic. A.Ş.	4,8 %	C901
An Tuirc	Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn II	9,2 %	
An Tuirc	Gach cuideachta eile	20,9 %	C999

3. Níl dleachtanna frithdhumpála infheidhme maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin ón India, Lavish Group, ina bhfuil Lavish Granito Pvt Ltd., Lavish Ceramics Pvt Ltd., Lakme Vitrified Pvt Ltd. agus Liva Ceramics Pvt Ltd. (cód breise TARIC C903), agus níl siad infheidhme maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin ón Tuirc Vitra Karo Sanayi ve Ticaret A.Ş. (Cód breise TARIC C902).

4. Beidh cur i bhfeidhm na rátaí dleachta aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2, chomh maith le neamhfheidhmiú aon ráta dleachta frithdhumpála i gcás na gcuideachtaí a luaitear i mír 3, coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *"Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le [méid] [an táirge lena bhaineann] a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é [ainm agus seoladh na cuideachta] (cód breise TARIC) a mhonaraigh é in [an tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo."* Mura gcuirtear an sonraisc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

D'fhéadfadh sé go ndéanfaí Airteagal 1(2) a leasú chun táirgeoirí onnmhairiúcháin nua ón India nó ón Tuirc a chur leis agus iad a chur faoi réir na meándleachta frithdhumpála ualaithe iomchuí le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár cuireadh san áireamh sa sampla. Tabharfaidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas:

(a) ní dhearna sé na hearraí ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 1(1) de thionscnamh na hIndia nó na Tuirce a onnmhairiú le linn na tréimhse imscrúdaithe (1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021);

(b) níl sé gaolmhar le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbeart arna bhforchur ag an Rialachán seo, agus a d'fhéadfadh comhoibriú san imscrúdú bunaidh; agus

(c) tá an táirge lena mbaineann onnmhairithe aige go cnó tá oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid suntasach a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdaithe.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Feabhra 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte de chuid na hIndia

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
An India	Arkiton Tiles LLP Ncraze Ceramic LLP	C919
An India	Asian Granito India Limited Crystal Ceramic Industries Private Limited Affil Vitrified Private Limited Amazoone Ceramics Limited	C920
An India	Color Tiles Private Limited Color Granito Private Limited Subway Tiles LLP Senis Ceramic Private Limited	C921
An India	Comet Granito Private Limited Corus Vitrified Private Limited	C922
An India	Granoland Tiles LLP Landgrace Ceramic Private Limited Landdecor Tiles LLP	C923
An India	Sunshine Tiles Company Private Limited Sunshine Vitrious Tiles Private Limited Sunshine Ceramic Jaysun Ceramics Sunray Tiles Private Limited Sologres Granito Private Limited Leesun Ceramic Tiles Co Grenic Tiles Private Limited Antonova Tiles (an India)	C924
An India	Aajveto Manufacturing Private Limited The President Group Artos International LLP Spolo Ceramic Private Limited Veritaas Granito LLP Pioneer Ceramic Industries Zed Vitrified Private Limited Indesign Ceramics LLP	C925
An India	Accord Vitrified Private Limited Accord Plus Ceramics Private Limited	C927
An India	Alinta Granito Private Limited Avalta Granito Private Limited	C928
An India	Alpas Cera LLP Cosa Ceramic Private Limited	C929
An India	Ambani Vitrified Private Limited	C930
An India	Solizo Vitrified Private Limited	C931

An India	Axison Vitrified Private Limited Axiom Ceramic Private Limited Swellco Ceramic	C935
An India	Blizzard Vitrified LLP Blizzard Ceramica LLP	C937
An India	Blueart Granito Private Limited Iyota Tiles LLP	C938
An India	Bluetone Impex LLP	C939
An India	Bluezone Vitrified Private Limited Bluezone Tiles LLP Bluegrass Porcelano LLP	C940
An India	Bonza Vitrified Private Limited Boffo Granito LLP Big Tiles	C941
An India	Cadillac Granito Private Limited Captiva Ceramic Industries	C942
An India	Capron Vitrified Private Limited	C943
An India	Classy Tiles LLP	C944
An India	Claystone Granito Private Limited Favourite Plus Ceramic Private Limited Clayart Granito LLP Torino Tiles LLP Astila Ceramic Private Limited	C945
An India	Commander Vitrified Private Limited Creanza Ceramic Private Limited Commander Ceramic Industries Amora Tiles Private Limited Amora Ceramics Private Limited	C946
An India	Cruso Granito Private Limited	C947
An India	Cyber Ceramics	C948
An India	Delta Ceramic	C949
An India	Dureza Granito Private Limited	C950
An India	Emcer Tiles Private Limited Emcer Granito LLP Sanford Vitrified Private Limited Parker Tiles Private Limited Ascent Ceramica Private Limited Lenswood Ceramic	C951
An India	Exotica Ceramic Private Limited	C952
An India	Exxaro Tiles Limited	C953

An India	Face Ceramics Private Limited Fea Ceramics Cygen Ceramic LLP Sorento Granito Private Limited Soriso Ceramic Private Limited Soriso Granito LLP Angel Ceramic Pct Limited Blue Art Granito Private Limited Face Impex Private Limited	C954
An India	Favourite Plus Ceramic Private Limited	C956
An India	Flavour Granito LLP Rex Ceramic Private Limited	C957
An India	Fusion Granito Private Limited Vivanta Ceramic Private Limited	C958
An India	Gold Cera International	C959
An India	Gryphon Ceramics Private Limited Cosa Ceramics Pct Limited RAK Ceramics Private Limited Gris Ceramic LLP Grupo Griffin Ceramica LLP Alpas Cera LLP	C960
An India	Handmada International	C961
An India	Hilltop Ceramic	C962
An India	Ibis Smart Marble Private Limited Silverpearl Tile Private Limited	C963
An India	Italica Granito Private Limited Italica Floor Tiles Private Limited Soriso Ceramic Private Limited	C964
An India	Ita Lake Ceramic Private Limited Itaca Ceramic Private Limited Sperita Granito LLP	C966
An India	Itacon Granito Private Limited U-Con Ceramica LLP Tecon Tiles Private Limited Valencia Ceramic Private Limited Livolla Granito LLP Velloza Granito LLP	C968
An India	Italia Ceramics Limited Piccolo Mosaic Limited	C969
An India	Italus Vitrified LLP	C971
An India	Itcos Granito LLP Icera Tiles LLP	C972
An India	Itoli Granito LLP Imlis Ceramica LLP	C973

An India	K2D Exim	C974
An India	Kag Granito LLP Rollza Granito LLP	C975
An India	Kajaria Ceramics Limited Jaxx Vitrified Private Limited Cosa Ceramics Private Limited Kajaria Tiles Private Limited Vennar Ceramics Limited	C976
An India	Keezia Tiles LLP	C977
An India	Kitco Ceramic	C978
An India	Kripton Granito Private Limited Kripton Ceramic Private Limited La Berry Ceramics Private Limited Nice Ceramic Private Limited Gresart Ceramica Private Limited	C979
An India	Latto Tiles LLP Spinora Tiles Private Limited	C980
An India	Laxveer Ceramic LLP Lovato Ceramic Private Limited	C981
An India	Leopard Vitrified Private Limited Livon Ceramic Letoza Granito LLP	C982
An India	Lexus Granito India Limited Lioli Ceramica Private Limited	C983
An India	Lezora Vitrified Private Limited Lemzon Granito LLP Lezwin Tiles LLP Sisam Granito LLP	C984
An India	Livenza Granito LLP Livanto Ceramic Private Limited Lizzart Granito LLP Linia Ceramic LLP L Tile Granito LLP	C986
An India	Lorence Vitrified LLP Lepono Porcelano LLP Lanford Ceramic Private Limited	C987
An India	Lycos Ceramic Private Limited Livolla Granito LLP Crevita Granito Private Limited	C988
An India	Maps Granito Private Limited Perth Ceramic Private Limited	C989
An India	Marbilano Tiles LLP Marbilano Surface LLP	C990
An India	Max Granito Private Limited Epos Tiles LLP	C119

An India	Metropole Tiles Private Limited Metro City Tiles Private Limited Metro Ceramics Mactile India Private Limited	C120
An India	Millennium Granito India Private Limited Lorenzo Vitrified Tiles Private Limited Millenium Vitrified Tile Private Limited Millenium Tile LLP Clan Vitrified Private Limited Millenium Ceramic LLP Millenia Ceramica Private Limited Millenium Cera Tiles Private Limited	C121
An India	Montana Tiles Plazma Granito Private Limited Raykas Ceramic LLP	C122
An India	Motto Ceramic Private Limited Motto Tiles Private Limited Slimtile Private Limited Monza Granito Private Limited Rossa Tiles Private Limited Motto Stone Private Limited	C123
An India	Mox tiles LLP Itile LLP Swell Granito LLP	C124
An India	Neelson Ceramic LLP Neelson Porselano LLP Win Tel Ceramics Private Limited Theos Tiles LLP	C125
An India	Nehani Tiles Private Limited Neha Ceramic Industries Orinda Granito LLP Orinda Industries LLP	C126
An India	Nessa Vitrified LLP LGF Vitrified Private Limited	C127
An India	Nexion International Private Limited Simpolo Vitrified Private Limited	C130
An India	Nitco Limited	C131
An India	Oasis Vitrified Private Limited Oasis Tiles LLP Max Ceramics Private Limited Revenza Ceramics	C132
An India	Olwin Tiles (India) Private Limited	C133
An India	Onery Tiles LLP	C134
An India	Oscar Ceramics	C136
An India	Pavit Ceramics Private Limited Victory Ceratech Private Limited	C138

An India	Prism Johnson Limited Antique Marbonite Private Limited Coral Gold Tiles Private Limited Sanskar Ceramics Private Limited Spectrum Johnson Tiles Private Limited Small Johnson Floor Tiles Private Limited Sparten Granito Private Limited	C142
An India	Q-BO (Savion Ceramic)	C308
An India	Qutone Ceramic Private Limited	C631
An India	Range Ceramic Private Limited	C633
An India	Rey Cera Creation Private Limited Simbel Ceramic Private Limited Adoration Ceramica Private Limited	C636
An India	Scientifica Tiles LLP Saiwin Ceramic Private Limited Saimax Ceramic Private Limited Siscon Tiles LLP Aland Ceramic Private Limited	C639
An India	Seron Granito Private Limited	C640
An India	Sez Vitrified Private Limited	C641
An India	Silon Granito LLP	C642
An India	Simero Vitrified Private Limited Simero International LLP	C643
An India	Simola Tiles LLP	C644
An India	Skajen Vitrified Private Limited Spice Ceramic Private Limited Legend Ceramic Private Limited	C646
An India	Skytouch Ceramic Private Limited Icolux Porcelano LLP	C648
An India	Sober Plus Ceramics Sober Ceramics	C649
An India	Solizo Vitrified Private Limited	C650
An India	Somany Ceramics Limited Vintage Tiles Private Limited Vicon Ceramic Private Limited Amora Tiles Private Limited Amora Ceramics Private Limited Acer Granito Private Limited Somany Fine Vitrified Private Limited Sudha Somany Ceramics Private Limited and Somany Piastrelle Private Limited	C651
An India	Sparron Vitrified LLP	C652

An India	Square Ceramic Private Limited Casva Tiles Private Limited	A004
An India	Starco Ceramic	A005
An India	Sunland Ceramic Private Limited	A006
An India	Sunworld Vitrified Private Limited Shagun Ceramics	A007
An India	Swellco Ceramic Axison Vitrified Private Limited Axiom Ceramic Private Limited	A008
An India	Titanium Vitrified Private Limited Moral Ceramic Private Limited Onery Tiles LLP	A010
An India	Varmora Granito Private Limited Tocco Ceramics Private Limited Solaris Ceramics Private Limited Nextile Marbosys Private Limited Fiorenza GRanito Private Limited Sentosa Granito Private Limited, Renite Vitrified LLP Avalta Granito Private Limited and Covertek Ceramica Private Limited	A013
An India	Velsaa Vitrified LLP Velsaa Enterprises LLP Boss Ceramics Magnum Ceramics	A014
An India	Verona Granito Private Limited	A016
An India	Wallmark Ceramic Industry	A017
An India	Zarko Granito Private Limited	A019
An India	Zealtop Granito Private Limited	A020
An India	Vita Granito	C926

IARSCRÍBHINN II

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid na Tuirce nár sampláladh

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
An Tuirc	Akgün Seramik Sanayi ve Ticaret A.Ş. ([1]) Akgün Toprak Sanayi İnşaat ve Ticaret A.Ş. Veli Akgün Seramik İnşaat Sanayi ve Ticaret A.Ş.	C904
An Tuirc	Anka Toprak Ürünleri Sanayi ve Ticaret A.Ş.	C905
An Tuirc	Decovita Yapi Ürünleri Sanayi ve Ticaret A.Ş.	C906
An Tuirc	Ege Seramik Sanayi ve Ticaret A.Ş.	C907
An Tuirc	Etili Seramik İnşaat Sanayi ve Ticaret A.Ş.	C908
An Tuirc	Graniser Granit Seramik Sanayi ve Ticaret A.Ş.	C909
An Tuirc	Kaleseramik Çanakkale Kalebodur Seramik Sanayi A.Ş.	C910
An Tuirc	Karo Metro Seramik Sanayi ve Ticaret A.Ş.	C911
An Tuirc	NG Kütahya Seramik Porselen Turizm A.Ş.	C912
An Tuirc	Seramiksan Turgutlu Seramik Sanayi ve Ticaret A.Ş.	C913
An Tuirc	Seranit Granit Seramik Sanayi Ticaret A.Ş.	C914
An Tuirc	Söğütsen Seramik Sanayi İnşaat Madencilik İthalat İhracat A.Ş.	C915
An Tuirc	Termal Seramik Sanayi ve Ticaret A.Ş.	C916
An Tuirc	Uşak Seramik Sanayi A.Ş.	C917
An Tuirc	Yurtbay Seramik Sanayi Ticaret A.Ş.	C918

([1]) Seasann A.Ş. do Anonim Şirketi